



2025/2607

22.12.2025

CINNEADH (AE) 2025/2607 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2025

lena mbunaítear critéir Éicilipéad an AE maidir le péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara, bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara, agus spraeophéinteanna aerasóil uiscebhunaithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/312/AE

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 8879)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le héicilipéad an AE ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle le Bord an Aontais Eorpaigh um Éicilipéadú,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Faoi Rialachán (CE) Uimh. 66/2010, is féidir éicilipéad an AE a dhámhachtain do na táirgí sin a bhfuil tionchar laghdaithe acu ar an gcomhshaol i gcaitheamh a saolré ar fad.
- (2) Déantar foráil le Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 go bhfuil critéir shonracha éicilipéad an AE le bunú de réir grúpaí táirgí.
- (3) Le Cinneadh 2014/312/AE ón gCoimisiún ⁽²⁾, bunaíodh critéir Éicilipéad an AE agus ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú le haghaidh an ghrúpa táirgí 'péinteanna laistigh agus lasmuigh agus vearnaisí'. Tá na critéir sin agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2025.
- (4) Tá gá le dhá thacar critéar ar leith le haghaidh péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara, agus bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara (ar a dtugtaí 'péinteanna laistigh agus lasmuigh agus vearnaisí' roimhe seo) chun dea-chleachtas sa mhargadh a léiriú ar bhealach níos fearr agus chun forbairtí beartas, deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le glacadh méadaithe agus éileamh an mhargaidh ar tháirgí inbhuanaithe a chur san áireamh. Tá gá freisin leis an tríú tacar critéar nua maidir le spraeophéinteanna aerasóil uiscebhunaithe, grúpa táirgí breise a bhféadfadh margadh fáis a bheith aige.
- (5) I gcomhréir leis na conclúidí sin agus tar éis dul i gcomhairle le Bord AE um Éicilipéadú, is iomchuí an grúpa táirgí 'péinteanna laistigh agus lasmuigh agus vearnaisí' a roinnt ina dhá ghrúpa táirgí, 'péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara' agus 'bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara'. Ba cheart raon feidhme an Chinnidh a leathnú freisin chun an grúpa táirgí nua 'spraeophéinteanna aerasóil uiscebhunaithe' a chumhdach.
- (6) Sa tuarascáil ar sheiceáil oiriúnachta Éicilipéad an AE ⁽³⁾ an 30 Meitheamh 2017, lena ndearnadh athbhreithniú ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 66/2010, thángthas ar an gconclúid gur gá cur chuige níos straitéise le haghaidh Éicilipéad an AE a bheith ann, lena n-áirítear na critéir maidir le grúpaí táirgí a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile a chuachadh i gcás inarb iomchuí.

⁽¹⁾ IO L 27, 30.1.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/66/oj>.

⁽²⁾ Cinneadh 2014/312/AE ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2014 lena mbunaítear na critéir éiceolaíocha chun Éicilipéad AE a dhámhachtain do phéinteanna laistigh agus lasmuigh agus do vearnaisí (IO L 164, 3.6.2014, lch. 45, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2014/312/oj>).

⁽³⁾ Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) agus Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ón bParlaimint agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE (COM(2017) 355 final).

- (7) Sa phlean nua gníomhaíochta um an ngeilleagar ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche⁽⁴⁾ a glacadh an 11 Márta 2020, cuirtear i bhfios go láidir go bhfuil ceanglais maidir le marthanacht, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní, agus ceanglais maidir le lorg carbóin agus comhshaoil le háireamh ar bhealach níos córasaí i gcritéir Éicilipéad an AE.
- (8) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag critéir athbhreithnithe Éicilipéad an AE maidir le péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara, bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara, agus spraephéinteanna aerasóil uiscebhunaithe táirgí a bhfuil tionchar teoranta acu ar an gcomhshaoil ar feadh a saolré a chur chun cinn, ar táirgí iad a tháirgtear trí úsáid a bhaint as próisis atá éifeachtúil ó thaobh an ábhair de agus atá fuinneamhéifeachtúil. Go háirithe, ba cheart go gcuirfeadh na critéir sin táirgí chun cinn a bhfuil tionchar teoranta acu i dtéarmaí astaíochtaí chun uisce agus aeir le linn táirgthe, astaíochtaí comhdhúile so-ghalaithe le linn a gcur i bhfeidhm, agus nach bhfuil iontu ach méid teoranta substaintí guaiseacha. Ba cheart do na critéir úsáid éifeachtúil an táirge a spreagadh freisin agus a mholadh conas déileáil le táirge nár úsáideadh, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí.
- (9) Ba cheart na critéir nua agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú a bheith bailí go dtí an 31 Nollaig 2032, agus timthriall nuálaíochta na ngrúpaí táirgí á chur san áireamh.
- (10) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart Cinneadh 2014/312/AE a aisghairm.
- (11) Le linn idirthréimhse, tá a ndóthain ama ag monaróirí ar dámhadh Éicilipéad an AE ar a dtáirgí do phéinteanna laistigh agus lasmuigh agus do vearnaisí ar bhonn na gcritéir a bhunaítear le Cinneadh 2014/312/AE, a dtáirgí a oiriúnú chun na critéir agus na ceanglais nua a leagtar síos sa Chinneadh seo a chomhlíonadh. Ar feadh tréimhse theoranta tar éis don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm, ba cheart cead a bheith ag monaróirí iarratais a chur isteach freisin bunaithe ar na critéir a bhunaítear le Cinneadh 2014/312/AE nó ar na critéir nua a bhunaítear leis an gCinneadh seo. Ba cheart ceadúnais Éicilipéad an AE arna ndámhachtain faoi na critéir a bhunaítear le Cinneadh 2014/312/AE leanúint de bheith bailí go ceann 18 mí ón dáta a ghlacfar an Cinneadh seo.
- (12) Níor cheart spraephéinteanna aerasóil uiscebhunaithe a mheas mar ionadaigh oiriúnacha do phéinteanna traidisiúnta i bhfeidhmeanna mórskála, le haghaidh dromchlaí balla agus síleála araon. Is amhlaidh é sin toisc nach sáraíonn a ngnáthráta cumhdaigh 2.0 m² in aghaidh an lítir, i gcodarsnacht le péinteanna traidisiúnta, a bhaineann ráta cumhdaigh nach lú ná 8.0 m² in aghaidh an lítir amach de ghnáth.
- (13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 66/2010.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is éard a bheidh sa ghrúpa táirgí 'péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara' péinteanna laistigh agus lasmuigh, vearnaisí, ruaimeanna adhmaid agus prímeálaigh arb é is príomhchuspóir dóibh saintréithe maisiúla a thabhairt d'fhoirgnimh, a gcóiríú agus a bhfeistis agus struchtúir ghaolmhara agus a thagann faoi raon feidhme fhochatagóir 1.1(a) go (h) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁵⁾.

Áireofar ar tháirgí péinte maisiúla boinn imrithe agus imireacha dathanna éagsúla a bhaintear amach trí imriú, arna réamhshainiú ag an monaróir nó arna iarraidh sin go saincheaptha ag tomhaltóirí (gairmiúla nó neamhghairmiúla) d'oibreoirí córas imrithe.

Maidir le péinteanna nó vearnaisí maisiúla nach gcumhdaítear le Treoir 2004/42/CE agus a sholáthraítear i bhfoirm púdair nó gráinníní, agus atá le caolú agus le meascadh le huisce sula n-úsáidfeadh le haghaidh cuspóirí maisiúla iad, áireofar iad freisin i raon feidhme an ghrúpa táirgí seo má mhargaítear iad lena n-úsáid i gcomhréir le ceann d'fhochatagóirí 1.1(a) go (h) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/42/CE.

⁽⁴⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *A new Circular Economy Action Plan for a cleaner and more competitive Europe* [Plean nua Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM(2020) 98 final) (IO C 364, 28.10.2020, lch. 94).

⁽⁵⁾ Treoir 2004/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le hastaíochtaí de chomhdhúile soghalaithe orgánacha a theorannú, ar astaíochtaí iad a éiríonn as úsáid tuaslagóirí orgánacha i bpéinteanna agus i vearnaisí áirithe agus i dtáirgí ath-bhailchríchnaithe feithiclí agus lena leasaítear Treoir 1999/13/CE (IO L 143, 30.4.2004, lch. 87, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2004/42/oj>).

2. Ní áireofar an méid seo a leanas sa ghrúpa táirgí 'péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara':
 - (a) bratuithe feidhmíochta mar a shainmhínítear i bhfochatagóir 1.1(i) agus i bhfochatagóir 1.1(j) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/42/CE;
 - (b) bratuithe ildaite mar a shainmhínítear i bhfochatagóir 1.1(k) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/42/CE;
 - (c) bratuithe ornáidíochta mar a shainmhínítear i bhfochatagóir 1.1(l) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/42/CE;
 - (d) bratuithe frithscreamha;
 - (e) leasaitheigh adhmaid;
 - (f) aon chórais brataithe eile a mhargaítear mar chórais a bhfuil éifeachtaí frithmhiocróbacha, frithbhaictéaracha, frithvíreasacha, díghalráin nó éifeachtaí bithicídeacha príomhúla eile acu chun leas shláinte an duine nó a bhaineann le caighdeán sláinteachais i dtionscal an bhia nó na ndeochanna, sna seirbhísí sláinte nó in aon earnáil eile, a théann níos faide ná leasú sa channa agus leasú tirimsceo (is é sin le rá, níos faide ná cineálacha táirgí bithicídeacha 6 agus 7 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾);
 - (g) bratuithe agus córais brataithe atá deartha lena n-úsáid i bpróisis thionsclaíocha, amhail púdarbhratuithe a chuirtear mar phúdair ar shubstráití agus bratuithe a leasaítear le radaíocht ultraivialait;
 - (h) bratuithe atá ceaptha go príomha d'fheithiclí;
 - (i) olaí agus céaracha adhmaid;
 - (j) líonaigh, plástair, grútálacha, séaltáin agus greamacháin;
 - (k) péinteanna de bhunús stroighne;
 - (l) spraephéinteanna aerasóil;
 - (m) péinteanna marcála bóthair.

Airteagal 2

1. Is éard a bheidh sa ghrúpa táirgí 'bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara' táirgí áirithe brataithe feidhmíochta aonphaca agus ilphaca arb é is príomhchuspóir dóibh saintréithe feidhmíochta speisialta a thabhairt d'fhoirgnimh, a gcóiríú agus a bhfeistis agus do struchtúir ghaolmhara agus a thagann faoi raon feidhme fhochatagóirí 1.1(i) agus 1.1(j) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/42/CE.

Is éard a bheidh sa ghrúpa táirgí bratuithe urláir, bratuithe frithchreimthe, bratuithe uiscédhíonta, péinteanna radaitheoirí agus aon phrímeálaigh ghaolmhara atá beartaithe lena n-úsáid ag tomhaltóirí agus ag úsáideoirí gairmiúla i bhfoirgnimh, ina gcóiríú, ina bhfeistis nó ina struchtúir ghaolmhara.

2. Ní áireofar an méid seo a leanas sa ghrúpa táirgí 'bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara':
 - (a) bratuithe frithscreamha;
 - (b) leasaitheigh adhmaid;
 - (c) aon chórais brataithe eile a mhargaítear mar chórais a bhfuil éifeachtaí frithmhiocróbacha, frithbhaictéaracha, frithvíreasacha, díghalráin nó éifeachtaí bithicídeacha príomhúla eile acu chun leasa shláinte an duine nó a bhaineann le caighdeán sláinteachais i dtionscal an bhia nó na ndeochanna, i seirbhísí sláinte nó in aon earnáil eile, a théann thar leasú sa channa agus leasú tirmsceo (is é sin le rá, thar chineálacha táirgí bithicídeacha 6 agus 7 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012);
 - (d) bratuithe agus córais brataithe atá deartha lena n-úsáid i bpróisis thionsclaíocha, amhail púdarbhratuithe a chuirtear mar phúdair ar shubstráití agus ar chórais brataithe arna leasú le radaíocht ultraivialait;
 - (e) bratuithe atá ceaptha go príomha d'fheithiclí;

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj>).

- (f) olaí agus céaracha adhmaid;
- (g) líonaigh, plástair, grútálacha, séaltáin agus greamacháin;
- (h) péinteanna de bhunús stroighne;
- (i) bratuithe atá deartha chun lasairmhoillitheacht a thabhairt;
- (j) bratuithe atá deartha chun frithsheasmhacht in aghaidh graifítí a thabhairt;
- (k) péinteanna marcála bóthair.

Airteagal 3

1. Is éard a bheidh sa ghrúpa táirgí 'spraephéinteanna aerasóil uiscebhunaithe' pacáistí miotail comhtháite atá réidh le húsáid atá beartaithe lena n-úsáid ag tomhaltóirí agus ag úsáideoirí gairmiúla chun saintréithe maisiúla nó feidhmíochta speisialta a thabhairt d'fhoirgnimh, dá gcóiríú nó dá bhfeistis agus do struchtúir ghaolmhara.

Beidh na pacáistí miotail feistithe le comhla agus foirmliú péinte uiscebhunaithe a dháiltear trí bhrú réamhstóráilte ar bhealach rialaithe nuair a oibrítear an chomhla.

2. Ní áireofar an méid seo a leanas sa ghrúpa táirgí 'spraephéinteanna aerasóil uiscebhunaithe':
- (a) spraephéinteanna aerasóil le foirmliú péinte orgánach atá bunaithe ar thuaslagóirí;
 - (b) spraephéinteanna aerasóil a aicmítear mar aerasól fíor-inadhainte (H222) nó mar aerasól inadhaite (H223) faoi na rialacha aicmithe maidir le meascáin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾;
 - (c) spraephéinteanna aerasóil a mhargaítear mar phéinteanna a bhfuil éifeachtaí frithmhiocróbacha, frithbhaictéaracha, frithvíreasacha, díghalráin nó éifeachtaí bithicídeacha príomhúla eile acu chun leasa shláinte an duine nó a bhaineann le caighdeán sláinteachais i dtionscal an bhia nó na ndeochanna, i seirbhísí sláinte nó in aon earnáil eile, a théann thar leasú sa channa agus leasú tirmsceo (is é sin le rá, thar chineálacha táirgí bithicídeacha 6 agus 7 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012);
 - (d) spraephéinteanna aerasóil uiscebhunaithe atá marcáilte mar ionadaigh do phéinteanna traidisiúnta i bhfeidhmeanna mórsála, le haghaidh dromchlaí balla agus síleála araon;
 - (e) spraephéinteanna aerasóil uiscebhunaithe a úsáidtear le haghaidh péinteanna marcála bóthair.

Airteagal 4

Chun críocha an Chinnidh seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'spraephéinteanna aerasóil' dáileoirí aerasóil ar coimeádáin neamh-inathlíonta iad atá déanta de mhiotal agus a bhfuil gás iontu atá comhbhrúite, leachtaithe nó tuaslagtha faoi bhrú, le foirmliú péinte, agus atá feistithe le scaoilteoir lena ndéantar an t-inneachar a scaoileadh mar cháithníní soladacha nó leachtacha ar crochadh i ngás, mar thaos nó i bhfoirm leachtach;
- (2) ciallaíonn 'ailcilefeanóil agus eatocsaláití ailcilefeanóil' comhdhúile orgánacha a fhaightear trí fheanóil a ailciliú agus trí eatocsalú ailcilefeanóil, lena n-áirítear na comhdhúile uile a liostaítear in iontráil 43 d'Iarscríbhinn XIV nó in iontráil 46 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾;
- (3) ciallaíonn 'frithalgach' táirgí brataithe chun meathlú ar an sceobhratú de bharr fás algach a chosc nó a laghdú;

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj>).

⁽⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj>).

- (4) ciallaíonn 'bratú frithscreamha' ábhair bhrataithe a chuirtear ar chodanna de chabhlaigh loinge atá faoi uisce nó ar struchtúir eile faoi uisce chun fás orgánach a dhíspreagadh;
- (5) ciallaíonn 'frithfhungasach' táirgí brataithe chun fás múscaín nó meath an sceobhrataithe de dheasca fás fungasach a chosc nó a laghdú;
- (6) ciallaíonn 'frithmhiocróbach' nó 'frithbhaictéarach' an t-airí atá ag táirge brataithe chun fás agus leathadh miocrorgánach nó baictéar ar a dhromchla a chosc faoi dhálaí atá fabhrach do choilíniú miocróbach, lena gcuimsítear cineálacha táirgí leasaitheacha agus díghalráin araon mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012;
- (7) ciallaíonn 'bratuithe frithchreimthe' táirgí brataithe atá ceaptha cosc a chur ar chreimeadh i substráití miotail i láthair ocsaigine agus taise, trí bhratú cosanta a chur orthu;
- (8) 'prímeálaigh tháthaithe', mar a shainmhínítear i bhfochatagóir 1.1(h) d'Iarscríbhinn I de Threoir 2004/42/CE;
- (9) ciallaíonn 'péinteanna de bhunús stroighne' péinteanna púdraithe ina bhfuil méideanna móra stroighne Portland nó stroighne eile san fhoirmliú agus ar gá iad a mheascadh go cúramach le huisce sula n-úsáidtear iad;
- (10) 'bratuithe le haghaidh ballaí seachtracha substráite mianraí' mar a shainmhínítear i bhfochatagóir 1.1(c) d'Iarscríbhinn I de Threoir 2004/42/CE;
- (11) ciallaíonn 'oibreáin trasnaisc' substaintí a éascaíonn naisc chomhfhiúsacha nó neamhfhiúsacha (formhóilíneach) a bhunú idir slabhraí polaiméire ar leithligh nó idir codanna neamhchomharsanacha den slabhra polaiméire céanna agus dá bhrí sin a athraíonn airíonna an bhrataithe (mar shampla triomú, frithsheasmhacht mheicniúil, frithsheasmhacht cheimiceach, greamaitheacht);
- (12) is éard is 'péinteanna neamhlonracha marbhánta' ann péinteanna a thugann, ar uillinn ionsaithe 85 °, frithchaiteas < 5;
- (13) ciallaíonn 'cuspóir maisiúil' cóireáil arb é is príomhchuspóir di an chuma atá ar shubstráit a athrú nó a athbhunú;
- (14) ciallaíonn 'leasaithe thirimsceo' táirgí bithicéideacha de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 lena n-úsáid i gcineál táirge 7 mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, a úsáidtear chun sceo nó bratuithe a chaomhnú trí mheath miocróbach nó fás algach a rialú chun airíonna tosaigh dhromchla na n-ábhar nó na réad a chosaint;
- (15) ciallaíonn 'péinteanna leaistiméireacha' péinteanna atá deartha chun bailchríoch mhaisiúil agus chosanta d'ardcháilíocht a sholáthar le haghaidh dromchlaí saoirseachta trí scoilteanna a dhúnadh agus a shéalú sa tsubstráit agus ar féidir leo, a bhuí lena n-airíonna leaisteacha agus úsáid sceo níos tibhe, síneadh agus crapadh a dhéanamh le gluaiseacht foirgnimh faoi thiomáint theirmeach, rud a fheabhsaíonn marthanacht an bhunábhair saoirseachta;
- (16) ciallaíonn 'tacar táirgí gaolmhara' grúpa táirgí brataithe arna ndéanamh ag an monaróir céanna leis an mbonnfhoirmiú céanna agus leis an bhfochatagóir táirge céanna, ach nach bhfuil éagsúlachas amháin i dtéarmaí na n-imireacha agus/nó na formáide pacáistíochta;
- (17) ciallaíonn 'línach' ábhar brataithe a bhfuil cion ard síntora aige, atá beartaithe go príomha chun neamhrialtachtaí i substráití atá le péinteáil a chothromú agus chun cuma an dromchla a fheabhsú;
- (18) ciallaíonn 'micreacháithníní polaiméire sintéiseacha sceofhoirmiúcháin' micreacháithníní polaiméire sintéisí a chuirtear leis an bhfoirmliú péinte nó vearnaíse, nó a chomhábhair, agus a ndéantar a n-airíonna fisiceacha a mhodhnú go buan le linn chur i bhfeidhm agus leasú fhoirmliú na péinte nó na vearnaíse chun sceo a dhéanamh;
- (19) ciallaíonn 'táirgí deiridh' péinteanna agus vearnaíse maisiúla, agus táirgí gaolmhara; bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara; agus spraeáitheanna aerasóil uiscebhunaithe ar a mbronnar Éicilipéad an AE, san fhoirm ina ndíoltar le custaiméirí iad;
- (20) ciallaíonn 'bratuithe urláir agus péinteanna urláir' bratuithe agus péinteanna atá foirmliithe go sonrach lena gcur ar urlár, chun an tsubstráit urláir a chosaint nó a dhathú;
- (21) ciallaíonn 'péinteanna lonracha' péinteanna a thugann, ar uillinn ionsaithe 60°, frithchaiteas de ≥ 60;

- (22) ciallaíonn ‘eisióntais’ comhábhair neamhbheartaithe (iarmhair, truailleáin, éilleáin, seachtháirgí, etc.) a fhanann i dtáirge Éicilipéad an AE i dtiúchain is lú ná 100 ppm (0.0100 % w/w, 100 mg/kg) nó a fhanann sa chomhábhar nó san amhábhar a sholáthraítear i dtiúchain níos lú ná 1 000 ppm (0.100 % w/w, 1 000 mg/kg). Ina ionad sin, measfar gur substaintí isteach iad aon chomhábhair neamhbheartaithe atá os cionn na dteorainneacha faoi seach do tháirge an Éicilipéid AE nó don chomhábhar nó don amhábhar arna sholáthar;
- (23) ciallaíonn ‘leasaithe sa channa’ táirgí bithicéideacha de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 lena n-úsáid i gcineál táirge 6 mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, go háirithe chun táirgí monaraithe a chaomhnú le linn stórála trí mheath miocróbach a rialú chun a seilfré a chosaint, agus a úsáidtear chun imireacha a dháiltear ó mheaisíní a chaomhnú;
- (24) ciallaíonn ‘substaintí isteach’ comhábhair (mar shubstaintí íona nó mar chuid de mheascán, agus gan beann ar an méid) a chuirtear leis an táirge deiridh nó lena chomhábhair d’aon ghnó chun airíonna áirithe an táirge deiridh nó a chomhábhar a bhaint amach nó chun tionchar a imirt orthu; measfar freisin gur substaintí isteach iad substaintí arb eol go scaoiltear iad ó shubstaintí isteach tar éis iad a bheith curtha leo (mar shampla formaildeáid ó leasaithe agus airtimín ó asóidigh agus asóilíocha); measfar gur substaintí isteach iad comhábhair neamhbheartaithe atá sa táirge deiridh nó a chomhábhair i dtiúchain a sháraíonn na tiúchain cheadaithe d’eisíontais;
- (25) ‘péinteanna cóirithe agus cumhdaigh inmheánacha/seachtracha le haghaidh adhmaid, miotail nó plaistigh’, mar a shainmhínítear i bhfochatagóir 1.1(d) d’Iarscríbhinn I de Threoir 2004/42/CE;
- (26) ‘vearnaisí agus ruaimeanna adhmaid cóirithe inmheánacha/seachtracha’, mar a shainmhínítear i bhfochatagóir 1.1(e) d’Iarscríbhinn I de Threoir 2004/42/CE;
- (27) ciallaíonn ‘péinteanna nó vearnaisí maisiúla ‘cuir isteach uisce’ péinteanna nó vearnaisí a sholáthraítear i bhfoirm púdair, nach n-úsáideann ceanglóirí stroighne, agus nach gá iad a mheascadh le huisce sula n-úsáidtear iad mar cheann ar bith de na catagóirí a shainmhínítear i bhfochatagóirí 1.1(a) go 1.1(h) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/42/CE;
- (28) ciallaíonn ‘asure’ (ruaim adhmaid) ábhar brataithe ina bhfuil méideanna beaga lí agus/nó síntora oiriúnach agus a úsáidtear chun sceo trédhearcach nó leath-thrédhearcach a dhéanamh chun an tsustráit a mhaisiú agus/nó a chosaint;
- (29) ciallaíonn ‘bratú gealdathach’ bratú ag a bhfuil luachanna tríspreagacha Y agus Y10 ar mó iad ná 25, agus é á thomhas le speictreafótaiméadar ar shustráit dhubh agus bhán;
- (30) ciallaíonn ‘bratú saoirseachta’ bratú lena dtáirgtear sceo maisiúil agus cosanta lena úsáid ar choíncreit, ar bhríc-obair inphéinteáilte, ar bhlocobair, ar rindreáil, ar chlár síleacáite cailciam nó ar stroighin atá treisithe le snáithín;
- (31) ciallaíonn ‘bratuithe neamhlonracha nó lonracha le haghaidh ballaí intí agus síleálacha’ bratuithe atá deartha le cur ar bhallaí agus ar shíleálacha faoi dhíon, lena soláthraítear bailchríoch neamhlonrach mharbháinta, neamhlonrach, leath-neamhlonrach, shróil, leath-lonrach nó lonrach;
- (32) ciallaíonn ‘péinteanna neamhlonracha’ péinteanna a thugann, ar uillinn ionsaithe 85, frithchaiteas < 10 agus ≥ 5;
- (33) is éard is ‘péinteanna meánloinnreach’ ann (dá ngairtear leath-lonrach, sról, leath-neamhlonrach freisin) péinteanna a thugann, ar uillinn ionsaithe 60 nó 85, frithchaiteas < 60 agus ≥ 10;
- (34) ‘ruaimeanna adhmaid íoscharntha’, mar a shainmhínítear i bhfochatagóir 1.1(f) d’Iarscríbhinn I de Threoir 2004/42/CE;
- (35) ‘meascán’, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (36) ciallaíonn ‘bratuithe feidhmíochta ilphaca’ bratuithe a bhfuil an úsáid chéanna acu agus atá ag bratuithe aonfheidhmíochta, ach a gcuirtear an dara comhpháirt iontu, mar shampla aimíní treasacha) leo roimh a n-úsáid;
- (37) ciallaíonn ‘oibreán neodrúcháin’ substaint cheimiceach nó ábhar ceimiceach a chuirtear le foirmliithe brataithe a ghníomhaíonn mar bhonn Bronsted, aigéad Bronsted, bonn Lewis nó aigéad Lewis chun pH an fhoirmliithe brataithe a chobhsú agus frithghníomhartha nó díghrádú nach bhfuil ag teastáil a chosc le linn táirgthe, stórála agus úsáide a mbeadh tionchar díobhálach acu ar airíonna an táirge brataithe agus ar an tirimsceo a bheadh mar thoradh air sin;
- (38) ‘bratuithe feidhmíochta aonphaca’, mar a shainmhínítear i bhfochatagóir 1.1(i) d’Iarscríbhinn I de Threoir 2004/42/CE;
- (39) ciallaíonn ‘teimhneach’ sceo ag a bhfuil cóimheas codarsnachta ≥ 98 % ag tiús sceo fliuch 120 µm;

- (40) ciallaíonn ‘comhdhúile orgánastáin’ aon chomhdhúil orgánaimhíotalach ag a bhfuil nasc comhfhiúsach Sn-C amháin ar a laghad;
- (41) ciallaíonn ‘péint’ ábhar brataithe lí, a sholáthraítear i bhfoirm leachta, taois nó púdair, a dhéanann, nuair a chuirtear ar shubstráit é, sceo teimhneach a bhfuil airíonna cosanta, maisiúla nó teicniúla aige agus a thriomaíonn de bhratú soladach, greamaitheach agus cosanta tar éis é a fhorchur;
- (42) ciallaíonn ‘PFAS’ aon substaint ina bhfuil adamh carbóin amháin ar a laghad de mheitil lánfhluairínithe (CF_3) nó meitiléin (CF_2) (gan aon adamh carbóin H/Cl/Br/I ceangailte leis), cé is moite de shubstaint nach bhfuil inti ach na heilimintí struchtúracha seo a leanas: $\text{CF}_3\text{-X}$ nó $\text{X-CF}_2\text{-X'}$, i gcás X = -OR nó -NRR' agus X' = meitil ($-\text{CH}_3$), meitiléin ($-\text{CH}_2-$), grúpa aramatach, grúpa carbóinil ($-\text{C}(\text{O})-$), -OR", -SR" nó -NR"R"', agus i gcás ina bhfuil R/R'/R"/R"' ina hidrigin (-H), meitil ($-\text{CH}_3$), meitiléin ($-\text{CH}_2-$), grúpa aramatach nó grúpa carbóinil ($-\text{C}(\text{O})-$);
- (43) ciallaíonn ‘taláit’ eistir d’aigéad talach / aigéad ortatalach / 1,2- aigéad décharbocsaileach beinséine;
- (44) ciallaíonn ‘plástair’ ábhair réamh-mheasctha atá deartha chun ballaí agus síleálacha inmheánacha nó seachtracha a phlástráil, lena n-áirítear plástair ghipsim, plástair thaosúla saor ó thuaslagóirí, moirtéil saoirseachta agus péinteanna balla struchtúracha atá deartha lena n-úsáid faoi dhíon mar phlástar inmheánach atá ar tiús > 400 μm agus/nó cumhdach íosta < 2 m/l;
- (45) ciallaíonn ‘púdarbhratú’ bratú cosanta nó maisiúil a fhoirmítear trí phúdar brataithe a chur ar shubstráit agus ar chomhleá chun sceo leanúnach a chruthú;
- (46) ‘prímeálaigh’, mar a shainmhínítear i bhfochatagóir 1.1(g) d’Iarscríbhinn I de Threoir 2004/42/CE;
- (47) ciallaíonn ‘péinteanna marcála bóthair’ péinteanna atá mar chuid den mhodh le haghaidh comharthaíocht chothrománach agus a dteastaíonn comhpháirt fheidhmiúil uathu chun sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar;
- (48) ciallaíonn ‘fochatagóir táirgí’ críoch shainithe úsáide dá bhfuil táirge brataithe foirmlithe agus atá ailínithe leis na fochatagóirí a shainítear i roinn 1.1 faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/42/CE. Ar mhaithe le soiléireacht, measfar i gcónaí gur fochatagóir ar leithligh ó phéinteanna traidisiúnta iad sprae-phéinteanna aerasóil, fiú má tá an cuspóir úsáide deiridh céanna acu;
- (49) ‘substaint’, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (50) ciallaíonn ‘trédhearcach’ agus ‘leath-thrédhearcach’ sceo ag a bhfuil cóimheas codarsnachta de < 98 % ag tiús sceo fliuch 120 μm ;
- (51) ciallaíonn ‘córas imrithe’ modh chun péinteanna daite a ullmhú trí ‘bhonn imrithe’ a mheascadh le himir dhaite;
- (52) ciallaíonn ‘nanafhoirm TiO_2 ’ cineál TiO_2 a shásaíonn ceanglais nanafhoirme i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, gan beann ar cé acu is gá nó nach gá é a chlárú de bhun an Rialacháin sin;
- (53) is eilimintí tógála iad ‘cóiriú agus cumhdach’ a bhfuil róil fheidhmiúla agus aeistéitiúla acu. Tagraíonn cóiriú d’ábhair bhailchríche timpeall imill nó oscailtí, amhail doirse agus fuinneoga, a úsáidtear chun ailt a cheilt, dromchlaí a chosaint agus dearadh a fheabhsú. Is éard is cumhdach ann ábhar amháin a chur i bhfeidhm thar ábhar eile i bhfoirgneamh chun an bunábhar a chosaint, chun insliú imchluadaigh foirgnimh a fheabhsú agus/nó chun cur le meallacht amhairc;
- (54) ciallaíonn ‘luachanna tríspreagacha’ méid na spreagthaí datha tagartha, i gcóras tríchrómatach ar leith, is gá chun dath an spreagtha atá á mheas a mheaitseáil. I gcórais dhathmhéadracha chaighdeánacha CIE (mar shampla CIE 1931 agus CIE 1964) léirítear na luachanna tríspreagacha, mar shampla, leis na siombailí R, G, B; X, Y, Z; R10, G10, B10, nó X10, Y10, Z10;
- (55) Is sraith ullmhúcháin é ‘fóchóta’ a chuirtear i bhfeidhm roimh an gcóta deiridh péinte nó vearnaíse, atá deartha chun greamaitheacht a fheabhsú, chun an dromchla a chothromú, chun póiriúlachtaí a shéalú, chun an bhrastint datha a fheabhsú i gcás imireacha níos dorcha agus/nó chun cosaint bhreise a thabhairt don tsubstráit;
- (56) ciallaíonn ‘córas um phéint atá inchruaite le hultraivialait’ ábhair bhrataithe a chruachan trí nochtadh do radaíocht ultraivialait shaorga;
- (57) ciallaíonn ‘vearnais’ ábhar glan brataithe a dhéanann, nuair a chuirtear ar shubstráit é, sceo trédhearcach soladach a bhfuil airíonna cosanta, maisiúla nó teicniúla aige, a thriomaíonn de bhratú soladach, greamaitheach agus cosanta tar éis é a fhorchur;

- (58) ciallaíonn ‘bratuithe uiscédhíonta’ táirgí agus córais brataithe (lena n-áirítear aon phrímeálaigh agus fochótaí) a chuirtear i bhfoirm leachtach chun dromchlaí dín a shéalú (lena n-áirítear díonta glasa), dromchlaí urláir inmheánacha nó seachtracha i bhfoirgneamh agus eilimintí foirgnimh a bhíonn i dteagmháil le hithir;
- (59) ciallaíonn ‘céaracha’ grúpa comhdhúl orgánach a bhíonn soladach de ghnáth ag teocht an tseomra agus a éiríonn intuargainte nó leachtach nuair a théitear iad;
- (60) ciallaíonn ‘olaí adhmaid’ olaí a úsáidtear chun aire a thabhairt d’adhmaid agus é a chosaint (mar shampla éifeacht phéarlaithe) gan aon ghníomhaíocht ghlantacháin;
- (61) Is táirgí bithicéideacha iad ‘leasaitheach adhmaid’ de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 lena n-úsáid i gcineál táirge 8 mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, úsáidtear iad chun adhmaid de thionscnamh muilinn sábhadoireachta a chaomhnú, lena n-áirítear adhmaid a chaomhnú le linn dó a bheith sa mhúleann sábhadoireachta, nó chun táirgí adhmaid a chaomhnú trí orgánaigh, lena n-áirítear feithidí, a scriosann adhmaid nó a chuireann adhmaid ó dhealramh, a shrianadh.

Airteagal 5

1. Chun éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí ‘péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara’ a dhámhachtain do tháirge faoi Rialachán (CE) Uimh. 66/2010, tiocfaidh sé faoi réim an tsainmhínithe ar an ngrúpa táirgí sin mar a shonraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo, agus comhlíonfaidh sé na critéir faoi seach agus na ceanglais measúnaithe ghaolmhara a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.
2. Chun éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí ‘bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara’ a dhámhachtain do tháirge faoi Rialachán (CE) Uimh. 66/2010, tiocfaidh sé faoi réim an tsainmhínithe ar an ngrúpa táirgí sin mar a shonraítear in Airteagal 2 den Chinneadh seo, agus comhlíonfaidh sé na critéir faoi seach agus na ceanglais measúnaithe agus fíorúcháin ghaolmhara a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.
3. Chun éicilipéad an AE le haghaidh an ghrúpa táirgí ‘spraephéinteanna aerasóil bunaithe ar uisce’ a dhámhachtain do tháirge faoi Rialachán (CE) Uimh. 66/2010, tiocfaidh sé faoi réim an tsainmhínithe ar an ngrúpa táirgí sin in Airteagal 3 den Chinneadh seo, agus comhlíonfaidh na critéir faoi seach agus na ceanglais measúnaithe agus fíorúcháin ghaolmhara a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 6

Beidh critéir Éicilipéad an AE le haghaidh na ngrúpaí táirgí ‘péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara’, ‘bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara’, agus ‘spraephéinteanna aerasóil uiscebhunaithe’ agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2032.

Airteagal 7

1. Chun críoch riaracháin, is é ‘044’ an uimhir chóid a shanntar don ghrúpa táirgí ‘péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara’.
2. Chun críoch riaracháin, is é ‘056’ an uimhir chóid a shanntar don ghrúpa táirgí ‘bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara’.
3. Chun críoch riaracháin, is é ‘057’ an uimhir chóid a shanntar don ghrúpa táirgí ‘spraephéinteanna aerasóil uiscebhunaithe’.

Airteagal 8

Aisghairtear Cinneadh 2014/312/AE.

Airteagal 9

1. Maidir le hiarratais ar Éicilipéad an AE a chuirfear isteach roimh dháta chur i bhfeidhm an Chinnidh le haghaidh an ghrúpa táirgí 'péinteanna laistigh agus lasmuigh agus vearnaisí', mar a shainmhínítear i gCinneadh 2014/312/AE, déanfar meastóireacht orthu i gcomhréir leis na coinníollacha a bhunaítear sa Chinneadh sin.
2. Maidir le hiarratais ar Éicilipéad an AE le haghaidh táirgí a thagann faoin ngrúpa táirgí 'péinteanna laistigh agus lasmuigh agus vearnaisí' mar a shainmhínítear i gCinneadh 2014/312/AE, a chuirfear isteach ar dháta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo nó laistigh de 2 mhí ina dhiaidh sin, féadfaidh siad a bheith bunaithe ar na critéir a bhunaítear sa Chinneadh seo, nó ar na critéir a bhunaítear le Cinneadh 2014/312/AE. Déanfar meastóireacht ar na hiarratais sin i gcomhréir leis na critéir ar a bhfuil siad bunaithe.
3. Maidir le ceadúnais éicilipéad an AE arna ndámhachtain ar bhonn iarratas a ndearnadh meastóireacht air i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i gCinneadh 2014/312/AE, féadfar iad a úsáid go ceann 18 mí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 10

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Jessika ROSWALL
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Critéir Éicilipéad an AE maidir le hÉicilipéad an AE a dhámhachtain do phéinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara

Tá critéir éicilipéad an AE dírithe ar na péinteanna, vearnaisí agus táirgí gaolmhara eile is fearr dá bhfuil ar an margadh ó thaobh feidhmíocht chomhshaoil de. Tá na critéir dírithe ar na príomhthionchair chomhshaoil a bhaineann le saolré na dtáirgí sin agus cuireann siad gnéithe an gheilleagair chiorclaigh chun cinn.

Ceanglais measúnaithe agus fíorúcháin

Chun Éicilipéad an AE a dhámhachtain do tháirge sonracha, comhlíonfaidh an táirge gach ceanglas. Cuirfidh an t-iarratasóir deimhniú ar fáil i scríbhinn ina sonraítear go gcomhlíontar na critéir uile.

Tugtar ceanglais measúnaithe agus fíorúcháin shonracha laistigh de gach critéar.

I gcás ina gcuirtear de cheangal ar an iarratasóir dearbhuithe, doiciméadacht, anailísí, tuarascálacha tástála, nó aon fhianaise eile a sholáthar chun a léiriú go bhfuil na critéir á gcomhlíonadh, féadfaidh siad teacht ón iarratasóir agus/nó óna sholáthróirí, de réir mar is iomchuí.

Tabharfaidh comhlachtaí inniúla aitheantas tosaíochta d'fhianuithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí atá creidiúnaithe i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha le haghaidh saotharlanna tástála agus calabrúcháin, agus d'fhíoruithe ó chomhlachtaí atá creidiúnaithe i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha le haghaidh comhlachtaí a dheimhníonn táirgí, próisis agus seirbhísí.

I gcás inarb iomchuí, féadfar modhanna tástála eile a úsáid taobh amuigh de na modhanna tástála a shonraítear le haghaidh gach critéir, má ghlacann an comhlacht inniúil a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar an iarratas go bhfuil siad coibhéiseach.

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh comhlachtaí inniúla doiciméadacht tacaíochta a éileamh agus féadfaidh siad fíoruithe neamhspleácha nó cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh chun comhlíonadh na gcritéir sin a sheiceáil.

Tabharfar fógra do chomhlachtaí inniúla faoi athruithe ar sholáthróirí agus ar láithreáin táirgthe i ndáil le táirgí ar dámhadh Éicilipéad an AE dóibh, i dteannta faisnéis tacaíochta ionas gur féidir comhlíontacht leanúnach leis na critéir a fhíorú.

Mar réamhcheanglas, comhlíonfaidh an táirge ceanglais dhlíthiúla na tíre nó na dtíortha ina mbeartaítear an táirge a chur ar an margadh. Dearbhóidh an t-iarratasóir go bhfuil an táirge i gcomhréir leis an gceanglas sin.

Cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil i dteannta an iarratais ar Éicilipéad an AE:

- (a) Liosta de na táirgí péinte agus vearnaise aonair uile a chumhdaítear le hiarratas Éicilipéad an AE, iad grúpáilte i dtacar táirgí gaolmhara agus lena léirítear aon saintréithe táirge ábhartha a dhéanann difear do na ceanglais shonracha ó chritéir Éicilipéad an AE a mbeadh feidhm acu. Beidh an bonnfhoirmlíú agus an fhochatagóir táirge céanna ag tacar táirgí gaolmhara, ach d'fhéadfadh sé a bheith éagsúil ó thaobh scáile agus/nó formáide pacáistíochta de.
- (b) Tuairisc ar fhoirmlíú/foirmlithe an táirge, ina bhfuil % de chomhdhéanadh na gcomhábhar a úsáidtear agus feidhm shonrach gach comhábhair (d'fhéadfadh an fhaisnéis faoin gcomhdhéanadh a bheith faoi réir comhaontú neamhnócha idir an t-iarratasóir agus an comhlacht inniúil nó, i gcásanna áirithe, go díreach idir an soláthróir agus an comhlacht inniúil). Is éard a bheidh i gceist le feidhmeanna comhábhair: luasaire; breiseán; oibreán frithbhlocála; oibreán frithchúrtha; oibreán frithshocraíochta; oibreán frithchraicinn; táthán; oibreán comhtháthaithe; dathán-ruaim; dathán-lí; oibreán trasnaisc; oibreán/cruaitheoir leasaithe; caolaitheoir; easróir; triomadóir; líonach; leasaitheach tirimsceo; leasaitheach sa channa; oibreán neamhlíonach; oibreán neodhrúcháin; lonraitheoir optúil; plaisteachán; easrán polaiméire; cobhsaitheoir leasaitheach; roisín; moillitheoir; modhnaitheoir sreabheolaíoch; roisín sileacóin; tuaslagóir; dromchlaghníomhaí; cobhsaitheoir ultraivialait; uisce; oibreán uisce-éarthach nó, i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann díobh sin, 'eile'.
- (c) Bileoga sonraí sábháilteachta le haghaidh na gcomhábhar a úsáidtear sna foirmlithe péinte agus vearnaise.
- (d) Soláthróidh soláthróirí nó táirgeoirí na gcomhábhar agus na n-ábhar sin aon fhaisnéis eile a bhaineann le táirgeadh comhábhar agus ábhar is gá chun a léiriú go bhfuil critéir Éicilipéad an AE á gcomhlíonadh.

- (e) Chun cuidiú le líon na dtáirgí laistigh d'aon tacar táirgí gaolmhara ar leith a chinneadh, tuairisc ar an bhformáid/na formáidí pacáistíochta a úsáidtear, toirt/toirteanna an táirge a choinnítear agus an t-ábhar pacáistíochta nó na hábhair phacáistíochta a úsáidtear le haghaidh gach ceann de na táirgí péinte agus vearnaíse a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE.
- (f) Chun cainníocht na tástála agus na doiciméadachta a cheanglaítear le haghaidh nósanna imeachta measúnaithe agus fíorúcháin a laghdú, luaitear go sainráite i roinnt critéar gur féidir glacadh leis go bhfuil tacar iomlán táirgí gaolmhara comhlíontach más féidir a thaispeáint go bhfuil an táirge cás is measa comhlíontach. Gach uair a chuirtear isteach sonraí le haghaidh táirge cás is measa, beidh míniú ag gabháil leo ar an bhfáth a léiríonn an táirge áirithe sin an cás is measa laistigh dá thacar táirgí gaolmhara don airí atá á thástáil.

Critéar 1. Táirgeadh dé-ocsaíde tíotáiniam

Má tá níos mó ná 3,0 % w/w de lí dé-ocsaíde tíotáiniam (TiO_2) sa táirge deiridh, comhlíonfaidh na hastaíochtaí isteach san aer agus san uisce ó tháirgeadh aon lí dé-ocsaíde tíotáiniam a úsáidtear na ceanglais ábhartha a liostaítear thíos do na próisis táirgthe faoi seach:

Tábla 1

Ceanglais maidir le táirgeadh dé-ocsaíde tíotáiniam

Paraiméadar agus modh anailíse	Próiseas sulfáite	Próiseas clóiríde
Astaíochtaí deannaigh isteach san aer ⁽¹⁾ (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	$\leq 0,40 \text{ kg/t lí TiO}_2$	$\leq 0,66 \text{ kg/t lí TiO}_2$
Astaíochtaí SO_2 isteach san aer ⁽¹⁾ (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	$\leq 4,5 \text{ kg/t lí TiO}_2$	n/b
Astaíochtaí HCl isteach san aer ⁽¹⁾ (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	n/b	$\leq 0,70 \text{ kg/t lí TiO}_2$
Astaíochtaí SO_4^{2-} san uisce (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	$\leq 300 \text{ kg/t lí SO}_4^{2-}/\text{t TiO}_2$	n/b
Astaíochtaí ó Cl ⁻ san uisce (arna dtomhas trí úsáid a bhaint as an modh maischothromaíochta nó leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	n/b	$\leq 103 \text{ kg lí Cl}^-/\text{t TiO}_2$ ⁽²⁾⁽²⁾ $\leq 179 \text{ kg lí Cl}^-/\text{t TiO}_2$ ⁽³⁾ $\leq 329 \text{ kg lí Cl}^-/\text{t TiO}_2$ ⁽⁴⁾
Timpeallacht oibre ísealdeannaigh	Le léiriú	Le léiriú

⁽¹⁾ Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí deannaigh isteach san aer ón bpróiseas clóiríde: céimeanna meilte, clóirínithe, ocsaídíthe agus miocrónaithe. Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí HCl isteach san aer ón bpróiseas clóiríde: clóiríniú, sciúthóir aigéid ó phróisis chóireála deighilte soladaí agus clóiríde miotail. Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí deannaigh isteach san aer ón bpróiseas sulfáite: céimeanna meilte, díleá, cailcínithe agus miocrónaithe. Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí SO_2 isteach san aer ón bpróiseas sulfáite: próisis díleá agus cailcínithe.

⁽²⁾ I gcás ina n-úsáidtear mian > 95 % de chion TiO_2 .

⁽³⁾ I gcás ina n-úsáidtear mian 90-95 % de chion TiO_2 .

⁽⁴⁾ I gcás ina n-úsáidtear mian < 90 % de chion TiO_2 .

Déanfar astaíochtaí san aer a chomhaireamh ón bponcghoinse ábhartha/ó na poncghoinsí ábhartha a luaitear i bpointe (1) thuas i gcás inar féidir faireachán leanúnach nó tréimhsiúil a dhéanamh ar astaíochtaí ó phointe samplála seasta tar éis aon chóras laghdaithe gáis sceite.

Measfar gur sulfáit nó clóiríd atá in aon eisleach fuíolluisce cóireáilte a sceitear isteach in aon aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha, uiscí cósta nó uiscí mara atá in astaíochtaí uisce.

Beidh an teorainn ábhartha le haghaidh astaíochtaí clóiríde isteach san uisce bunaithe ar mheán ualaithe % chion TiO_2 de mhian nó de mhianta a úsáidtear le linn na tréimhse ríomha.

Áireofar na gnéithe seo a leanas, ar a laghad, i dtimpeallacht oibre ísealdeannaigh:

- Measúnú riosca don áit oibre ina sainaithnítear na príomhréimsí uile d'astaíochtaí deannaigh agus nochtadh oibrithe do dheannach a d'fhéadfadh a bheith ann.
- An gá le clár san áit oibre um fhaireachán ar shláinteachas oibre.
- Oiliúint iomchuí a chur ar fáil d'fhostaithe maidir le dea-chleachtas chun deannach a rialú.
- Trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach a sholáthar d'fhostaithe agus do chuairoteoirí.

Measúnú agus fíorú

Dearbhóidh an t-iarratasóir cion TiO_2 a úsáidtear i ngach ceann d'fhoirmilte an táirge atá faoi réir an iarratais ar cheadúnas Éicilipéad an AE. I gcás aon táirgí ina bhfuil cion lí TiO_2 níos mó ná 3,0 % w/w, dearbhóidh an t-iarratasóir freisin soláthróir nó soláthróirí TiO_2 a úsáidtear sna táirgí sin.

Tacófar leis an dearbhú iarratasóra trí dhearbhuirthe óna soláthróir/soláthróirí TiO_2 (nó táirgeoir(i) TiO_2 , murab ionann iad) ina luafar an méid seo a leanas:

- An cineál próisis táirgthe TiO_2 a úsáidtear (clóiríd nó sulfáite).
- Raon chion TiO_2 is infheidhme maidir le meán ualaithe na méine i gcás an phróisis clóiríde.
- Meánsonraí astaíochtaí bliantúla maidir le deannach san aer, SO_2 san aer, agus SO_4^{2-} san uisce le haghaidh TiO_2 a tháirgtear tríd an bpróiseas sulfáite. De rogha air sin, meánsonraí astaíochtaí deannaigh san aer, HCl san aer, agus Cl san uisce le haghaidh TiO_2 a tháirgtear tríd an bpróiseas clóiríde.
- Ba cheart na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta a úsáidtear chun na paraiméadair ábhartha a liostaítear i dTábla 1 a thomhas a áireamh sna dearbhuithe ó sholáthróir/soláthróirí TiO_2 (nó ó tháirgeoir/ó na táirgeoirí TiO_2 , más éagsúil).
- Na bearta atá i bhfeidhm chun timpeallacht oibre ísealdeannaigh a áirithiú.

Áireofar sa dearbhú ón soláthróir/ó na soláthróirí TiO_2 (nó ón táirgeoir/ó na táirgeoirí TiO_2 , más éagsúil) ríomh bunúsach maidir leis an gcaoi a bhfuarthas na meánastaíochtaí bliantúla. Má tá táirgeadh na lí TiO_2 arna soláthar neamhleanúnach, féadfar glacadh le ríomhanna sonraí astaíochtaí lena gcumhdaítear tréimhse is giorra ná 12 mhí. I gcásanna faireacháin leanúnaigh, díorthófar na meántiúchaintí astaíochtaí bliantúla ó mheántiúchaintí laethúla. I gcás astaíochtaí a ndéantar faireachán tréimhsiúil orthu, ní mór 3 shampla ar a laghad a thógáil chun na meántorthaí a dhíorthú. Ní mór aon sampláil thréimhsiúil a dhéanamh le linn tréimhsí oibríochta cobhsaí atá ionadaíoch do ghnáthdhálaí gléasra chun líocha TiO_2 a úsáidtear i dtáirgí péinte Éicilipéid an AE a tháirgeadh.

Ní cheanglófar na ríomhanna astaíochtaí a chur isteach ach amháin ar dháta an iarratais ar Éicilipéad an AE. Má dhámhtar Éicilipéad an AE, ní féidir leis an iarratasóir ach dearbhuithe nuashonraithe a iarraidh gach bliain ar a sholáthróir(i) TiO_2 maidir le comhlíonadh leanúnach na dteorainneacha astaíochtaí.

Maidir le hastaíochtaí isteach san aer, sloinnfear tiúchain in aonaid mg/Nm^3 agus iolrófar iad faoi ráta aershreafa astaíochtaí sonracha in aonaid Nm^3/tona de tháirgeadh lí TiO_2 don tréimhse ama chéanna a bailíodh na sonraí. Má tá níos mó ná córas laghdaithe gáis sceite amháin ann le haghaidh príomh-phoncfhoinsí astaíochtaí isteach san aer, déanfar astaíochtaí ón aer glan ó gach córas laghdaithe a chomhaireamh agus a chur leis.

I gcás astaíochtaí isteach san uisce, úsáidfear cur chuige tomhais dhírigh nó cur chuige maischothromaíochta. Beidh an cur chuige maischothromaíochta bunaithe ar an gcothromaíocht idir ionchuir sulfáite/clóiríde amha agus aschuir sulfáite/clóiríde i bhfotháirgí, in astaíochtaí isteach san aer agus i ndramhaíl sholadach a dhiúscaítear chuig líonadh talún nó a loisctear. Measfar gurb é atá sa difríocht i maiseanna na n-ionchur agus na n-aschur mais na sulfáite/clóiríde a astaítear san uisce le linn na tréimhse ríomha agus roinnfear í ar chainníocht mheasta na lí TiO_2 a tháirgtear le linn na tréimhse céanna chun astaíochtaí sonracha isteach san uisce in aonaid sulfáite nó clóiríde/t TiO_2 kg a ríomh.

Leis an gcur chuige tomhais dhírigh maidir le hastaíochtaí san uisce, iolrófar tiúchaintí tomhaiste in aonaid g/m^3 faoi ráta sreafa eisiltigh fuíolluisce chóireáilte sonrach in aonaid de tháirgeadh lí TiO_2 m^3/tona don tréimhse ama chéanna inar bailíodh na sonraí sulfáite/clóiríde.

Critéar 2. Ceanglais maidir le héifeachtúlacht úsáide

Chun éifeachtúlacht úsáide péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara a léiriú, déanfar na tástálacha seo a leanas in aghaidh an chineáil táirge, mar a léirítear i dTábla 2 agus mar a shonraítear sa téacs critéar níos déanaí.

Tábla 2

Ceanglais feidhmíochta le haghaidh cineálacha éagsúla péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara

Critéir	Catagóirí péinteanna agus vearnaisí maisiúla (lena bhfochatagóirí arna sainaitint i gcomhréir le Treoir 2004/42/CE)						Péinteanna nó vearnaisí maisiúla 'cuir isteach uisce' le húsáid ar fhoirgnimh, ar a gcóiríú, ar a bhfeistis nó ar struchtúir ghaolmhara
	Péint bhalla agus síleála faoi dhíon (a, b)	Péint substráite mianraí amuigh faoin aer (c)	Péinteanna cóirithe agus cumhdaigh (d)	Vearnaisí agus ruaimeanna adhmaid (e, f)	Prímeálaigh (g)	Prímeálaigh tháthaithe (h)	
2(a) Ráta leata	Is ea	Is ea	Is ea	Ní hea	Teimhneach amháin	Teimhneach amháin	Péinteanna: Is ea Vearnaisí: Ní hea
2(b) Frithsheasmhacht in aghaidh fliuchsciúrtha (WSR) agus cion na lí báine (WPC)	WSR agus WPC	WPC amháin	WPC amháin	Ceachtar acu	Teimhneach amháin (WPC amháin)	Teimhneach amháin (WPC amháin)	Péinteanna: WPC (agus WSR má mhargaítear iad mar fhochatagóir a nó b) Vearnaisí: Ceachtar acu
2(c) Frithsheasmhacht in aghaidh uisce	Ní hea	Ní hea	Ní hea	Is ea, cé is moite de ruaimeanna adhmaid íoscharntha	Ní hea	Ní hea	Péinteanna: Ní hea Vearnaisí: Ach amháin má mhargaítear iad mar fhochatagóir e nó f
2(d) Greamaitheacht	Ní hea	Ní hea	Fochótaí teimhneacha amháin	Ní hea	Teimhneach agus do shaoirseacht amháin	Teimhneach agus do shaoirseacht amháin	Ní hea
2(e) Síonchaitheamh	Ní hea	Is ea	Amuigh faoin aer amháin	Amuigh faoin aer amháin	Ní hea	Ní hea	Ach amháin má mhargaítear é lena úsáid amuigh faoin aer)
2(f) Tréscailteacht ghaluisce	Ní hea	Má mhaítear	Ní hea	Ní hea	Ní hea	Ní hea	Ní hea
2(g) Tréscailteacht uisce leachta	Ní hea	Is ea	Ní hea	Ní hea	Ní hea	Ní hea	Ní hea
2(h) Frithsheasmhacht fhungasach	Má mhaítear	Má mhaítear	Má mhaítear	Ní hea	Ní hea	Ní hea	Má mhaítear
2(i) Frithsheasmhacht algach	Ní hea	Má mhaítear	Má mhaítear	Ní hea	Ní hea	Ní hea	Má mhaítear

Critéir	Catagóirí péinteanna agus vearnaisí maisiúla (lena bhfochatagóirí arna sainaitheint i gcomhréir le Treoir 2004/42/CE)						Péinteanna nó vearnaisí maisiúla 'cuir isteach uisce' le húsáid ar fhoirgnimh, ar a gcóiríú, ar a bhfeistis nó ar struchtúir ghaolmhara
	Péint bhalla agus síleála faoi dhíon (a, b)	Péint substráite mianraí amuigh faoin aer (c)	Péinteanna cóirithe agus cumhdaigh (d)	Vearnaisí agus ruaimneanna adhmaid (e, f)	Prímeálaigh (g)	Prímeálaigh tháthaithe (h)	
2(j) Séalú scoilteanna	Ní hea	Má mhaítear	Ní hea	Ní hea	Ní hea	Ní hea	Má mhaítear
2(k) Frithsheasmhacht alcaileach	Ní hea	Is ea	Ní hea	Ní hea	Le haghaidh córais saoirseachta amuigh faoin aer	Le haghaidh córais saoirseachta amuigh faoin aer	Ach amháin má mhargaítear é mar fhochatagóir c

2(a) Ráta leata

Nóta 1: Níl feidhm ag an gceanglas sin maidir le vearnaisí, 'lasures' (ruaim-vearnais adhmaid), prímeálaigh ghreamaitheachta thrédhearcacha ná aon bhratú thrédhearcach nó leath-thrédhearcach eile.

Nóta 2. Maidir le córais imrithe, níl feidhm ag an gcritéir seo ach amháin maidir leis an mbonn imrithe ina bhfuil an chuid is mó de TiO_2 i dtéarmaí g/l de bhonn imrithe. I gcásanna nach bhfuil an bonn imrithe sin in ann an ceanglas sin a bhaint amach, comhlíonfar an critéir tar éis an bonn a imriú chun an dath caighdeánach RAL 9010 a tháirgeadh.

Nóta 3. Tá feidhm ag an gceanglas sin maidir le gach péint bhán. I gcás tacar táirgí péinte nach bhfuil ar fáil ach i scáileanna réamhshocraithe, beidh feidhm ag an ráta leata maidir leis an dath is gile.

Déanfar rátaí leata a ríomh agus ag an am céanna áiríteofar cumhacht folaithe 98 % ar a laghad de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta nó modh coibhéiseach is féidir a bhailíochtú ina n-aghaidh. Tá feidhm ag na híosteorainneacha ráta leata seo a leanas:

- Beidh ráta leata 8 m² in aghaidh an lítir táirge ar a laghad ag péinteanna bána faoi dhíon agus péinteanna a bhfuil dath geal orthu faoi dhíon, lena n-áirítear cotaí bailchríche agus cotaí idirmheánacha (fochatagóirí a agus b).
- Beidh ráta leata 6 m² in aghaidh an lítir táirge ar a laghad ag péinteanna bána amuigh faoin aer agus péinteanna a bhfuil dath geal orthu amuigh faoin aer, lena n-áirítear cotaí bailchríche agus cotaí idirmheánacha (fochatagóir c). Táirgí a mhargaítear lena n-úsáid faoi dhíon agus amuigh faoin aer araon, comhlíonfaidh siad an ceanglas ráta leata níos airde 8 m² in aghaidh an lítir ar a laghad.
- Beidh ráta leata 8 m² ar a laghad in aghaidh an lítir táirge ag prímeálaigh theimhneacha agus fochótaí (fochatagóirí g agus h), nó ráta leata 6 m² ar a laghad in aghaidh an lítir táirge i gcás prímeálaigh theimhneacha a bhfuil airíonna sonracha blocála, séalaithe, treáite, táthaithe nó greamaitheachta speisialta acu.
- Beidh ráta leata 4 m² ar a laghad in aghaidh an lítir táirge ag péinteanna leaistiméireacha teimhneacha (fochatagóir c, ach ag a bhfuil maímh maidir le scoilteanna a shéalú).

I gcás péinteanna ar cuid de chóras imrithe iad, ní mór don iarratasóir comhairle a chur ar an úsáideoir deiridh maidir le pacáistiú an táirge agus ag an díolphointe (POS) ar cheart a scáil nó a phrímeálach/fochóta (ar a bhfuil Éicilipéad an AE más féidir) a úsáid mar an chéad bhrat sula gcuirfear an scáil níos dorcha i bhfeidhm.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú gur comhlíonadh na teorainneacha ráta leata ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht an cheanglais ráta leata maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear le hiarratas Éicilipéad an AE. Tacófar leis an dearbhú le torthaí tástála de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta nó modh coibhéiseach is féidir a bhailíochtú ina n-aghaidh. Léireofar go soiléir cé na torthaí ráta leata a chomhfhreagraíonn do na tacair tháirgí ghaolmhara a chumhdaítear leis an iarratas ar cheadúnas Éicilipéad an AE.

Sainaitheofar an bonn imrithe ábhair TiO_2 is airde trí bhileoga sonraí sábháilteachta a chur i láthair dóibh nó trí dhearbhuí oiriúnach lena gcumhdaítear na boinn imrithe uile laistigh de thacar táirgí gaolmhara ar leith. Maidir le boinn a úsáidtear chun táirgí imire a tháirgeadh nach ndearnadh meastóireacht orthu de réir na gceanglas thuasluaite, cuirfidh an t-iarratasóir fianaise ar fáil maidir leis an gcaoi a molfar don úsáideoir deiridh prímeálach ábhartha agus/nó fo-chóta liath (nó scáil ábhartha eile) a úsáid sula gcuirfean an táirge i bhfeidhm.

2(b) Frithsheasmhacht in aghaidh fliuchsciúrtha agus cion lí báine

Tabhair faoi deara: Níl feidhm ag an gcritéar seo ach amháin maidir le táirgí péinte agus ríomhfar cion lí báine leis na táirgí céanna a ndéantar ráta leata a thomhas ina leith de réir na nótaí i gcritéar 2(a). Chun críocha an chritéir seo, measfar nach dtagraíonn an téarma 'lí bhán' ach do líocha ag a bhfuil comhéifeacht athraonta is airde ná 1.8.

Ní mór d'aon táirge péinte balla agus síleála faoi dhíon a mhaíonn frithsheasmhacht in aghaidh fliuchsciúrtha na ceanglais d'aicme 1 nó d'aicme 2 a chomhlíonadh de réir an nós imeachta a shainítear i gcaighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta agus sna córais aicmithe agus ní mór dóibh na huasteorainneacha faoi seach maidir le cion na lí báine a shainítear sa tábla thíos a chomhlíonadh. Ní mór do gach táirge ábhartha eile nach n-éilíonn frithsheasmhacht in aghaidh fliuchsciúrtha an teorainn chomhfhreagrach le cion na lí báine a shainítear i dTábla 3 a chomhlíonadh.

Tábla 3

Ceanglais maidir le frithsheasmhacht in aghaidh fliuchsciúrtha agus cion lí báine le haghaidh táirgí péinte

Maíomh frithsheasmhachta in aghaidh fliuchsciúrtha? (fochatagóir táirgí)	Frithsheasmhacht in aghaidh fliuchsciúrtha	Cion lí báine
Tá (a), b), nó péinteanna 'cuir isteach uisce' a mhargaítear mar a) nó b))	Aicme 1	$\leq 40 \text{ g/m}^2$ (*)
Tá (a), b), nó péinteanna 'cuir isteach uisce' a mhargaítear mar a) nó b))	Aicme 2	$\leq 36 \text{ g/m}^2$ (*)
Tá (a), b), nó péinteanna 'cuir isteach uisce' a mhargaítear mar a) nó b))	n/b	$\leq 25 \text{ g/m}^2$ (*)
n/b (gach fochatagóir ábhartha eile: c), d), g) nó h), nó péinteanna 'cuir isteach uisce' a mhargaítear mar c), d), g) nó h))	n/b	$\leq 38 \text{ g/m}^2$ (*)
n/b (vearnaisí agus ruaimeanna adhmaid: (e) nó f))	n/b	n/b

(*) Tagraíonn an m^2 do 1m^2 de thirimsceo ag a bhfuil teimhneacht 98 % ar a laghad de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. I gcásanna táirgí ábhartha, dearbhóidh an t-iarratasóir cion iomlán na líocha bána ag a bhfuil comhéifeacht athraonta $> 1,8$ sa táirge deiridh, bonn imrithe ábhartha nó foirmilthe den phéint bhunaidh gheal atá faoi réir an iarratais ar cheadúnas Éicilipéad an AE. Soláthrófar an fhaisnéis sin i dtéarmaí ainm ceimiceach agus uimhir CAS na lí báine, a comhéifeacht athraonta dearbhaithe, a thiúchan in g/l den táirge péinte agus dlús na péinte, in g/l. Luafar ráta leata an táirge péinte, in l/m^2 le haghaidh tirimsceo de theimhneacht 98 % ar a laghad de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta, freisin (de réir chritéar 2(a)). Ach tiúchan na lí bána (in g/l) a iolrú faoin ráta leata (in l/m^2), cruthófar leibhéil líocha bána in aonaid g/m^2 ar féidir iad a chur i gcomparáid leis na teorainneacha sa tábla thuas.

Ach amháin i gcásanna ina bhfuil cion líocha bána $< 25,0 \text{ g/m}^2$ agus nach ndéantar aon mhaíomh maidir le frithsheasmhacht in aghaidh fliuchsciúrtha, soláthróidh an t-iarratasóir freisin torthaí tástála ar fhrithsheasmhacht in aghaidh fliuchsciúrtha de réir na gcaighdeán ábhartha Eorpach nó idirnáisiúnta lena léirítear go gcomhlíonann na táirgí na ceanglais frithsheasmhachta in aicme 1 nó in aicme 2 is infheidhme a shainítear i gcaighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta eile.

2(c) Frithsheasmhacht in aghaidh uisce

Tabhair faoi deara: I gcórais brataithe vearnaíse nó ruaimhe adhmaid le prímeálach, féadfar an córas brataithe iomlán nó an tsraith bhailchríche amháin a thástáil.

Beidh frithsheasmhacht in aghaidh uisce ag bratuithe leasaithe, mar a chinntear le caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta, sa chaoi nach dtabharfar faoi deara tar éis 24 uair an chloig nochta agus 16 uair an chloig téarnaimh aon athrú sa lonracht i mbratuithe trédhearcacha nó leath-thrédhearcacha.

Measfar gur rátáil amhairc 0 é mura bhfuil aon athrú lonrachta i samplaí nochta nuair a thomhaistear iad do chainníocht na bhfabhtanna, méid na bhfabhtanna agus déine na n-athruithe de réir chóras aicmithe na gcaighdeán ábhartha Eorpach nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais nó údar le neamh-infheidhmeacht an cheanglais maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE.

I gcás aon vearnaíse nó táirgí ruaimhe adhmaid a áirítear ina n-iarratas ar cheadúnas, beidh cóipeanna de thuarascálacha tástála ag tacú leis an dearbhú ón iarratasóir, a bheidh i gcomhréir le caighdeán ábhartha idirnáisiúnta nó Eorpacha lena gcumhdaítear an táirge ceadúnaithe nó an tacar táirgí gaolmhara, lena n-áirítear torthaí tuairiscithe le haghaidh athrú lonrach de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Má chuirtear an díolúine le haghaidh ruaimheanna adhmaid íoscharntha i bhfeidhm, tabharfaidh an t-iarratasóir údar cuí leis an díolúine trí thuarascálacha tástála a sholáthar de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta, lena léireofar gur lú ná 5 µm tiús na sraithe brataithe.

2(d) Greamaitheacht

Tabhair faoi deara: Tá feidhm ag an gcritéar seo maidir le prímeálaigh theimhneacha agus prímeálaigh tháthaithe le haghaidh bratuithe saoirseachta agus fochótaí do phéinteanna cóirithe agus cumhdaigh le haghaidh adhmaid nó miotail. Féadfar an tástáil ghreamaitheachta a dhéanamh ar aon phrímeálach teimhneach nó ar aon fhochóta ina n-aonar, nó ar an bprímeálach/fochóta agus cóta bailchríche le chéile, fad is go bhfuil an dá cheann teimhneach. I gcásanna ina bhfuil scáileanna dathanna éagsúla laistigh de thacar táirgí gaolmhara, ní gá ach an phéint bhunaidh gheal nó bhán nó an bonn/na boinn imrithe a thástáil.

Gheobhaidh prímeálaigh saoirseachta a bhfuil líocha orthu le haghaidh úsáidí seachtracha pas sa tástáil ghreamaitheachta ar chaighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta i gcás ina bhfuil neart comhtháite na substráite níos lú ná neart greamaitheach an bhrataithe prímeálaigh, seachas sin ní mór greamaitheacht an bhrataithe prímeálaigh a bheith níos mó ná luach pas 1,5 MPa.

Beidh scór 2 nó níos lú ag prímeálaigh saoirseachta inti, fochótaí miotail agus adhmaid sa tástáil ghreamaitheachta ar chaighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. I gcás aon phrímeálach saoirseachta teimhneach, aon phrímeálach táthaithe, aon táirgí fochóta adhmaid nó miotail a áirítear ina n-iarratas ar cheadúnas, soláthróidh an t-iarratasóir cóipeanna de thuarascálacha tástála de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme.

2(e) Síonchaitheamh

Tabhair faoi deara: Tá feidhm ag an gcritéar seo maidir le péinteanna agus vearnaíse amuigh faoin aer. I gcás scáileanna dathanna éagsúla laistigh de thacar táirgí gaolmhara, ní gá ach péint bhunaidh gheal nó bhán nó bonn/boinn imrithe a thástáil.

Beidh gach péint nó vearnaíse amuigh faoin aer nochta do aimsir shaorga i ngaireas lena n-áirítear lampaí ultraivialait fluaraiseacha agus comhdhlúthú nó sprae uisce de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta. Nochtfar iad do dhálaí tástála ar feadh 1 000 uair an chloig agus na dálaí éagsúla seo a leanas ann: UVA 4 h/60 °C + taise 4 h/50 °C.

De rogha air sin, d'fhéadfadh bailchríocha adhmaid agus vearnaíse adhmaid amuigh faoin aer a bheith nochta do shíonchaitheamh ar feadh 1 000 uair an chloig sa ghaireas aimsire luathaithe QUV le nochtadh timthriallach le radaíocht UV(A) agus spraeáil de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Tar éis an tsíonchaitheimh, comhlíonfaidh an sceo nochta na ceanglais a shonraítear i dTábla 4.

Tábla 4

Forbhreathnú ar cheanglais síonchaithimh le haghaidh péinteanna agus vearnaisí maisiúla, agus táirgí gaolmhara de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta

Airí	Riachtanas (tar éis síonchaithimh)	Raon feidhme na dtáirgí a chumhdaítear/nach gcumhdaítear
Athrú datha	Athrú datha, $\Delta E \leq 4$	Níl sé infheidhme maidir le haon vearnaisí ná le haon bhonn imrithe thrédhearcach nó leath-thrédhearcach
Laghdú ar an lonrach	$\leq$ laghdú 50 % i gcomparáid leis an luach tosaigh	Níl sé infheidhme maidir le cótaí bailchríche meánloinnreach nó neamhlonracha ag a bhfuil luach lonrach tosaigh < 60 % ag uillinn ionsaithe 60°
Cailceadh	Scór ≤ 2	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le cótaí bailchríche córas brataithe a úsáidtear ar shubstráití saoirseachta, adhmaid agus miotail amuigh faoin aer
Calógú	Dlús calógach: ≤ 2 Méid na calóige: ≤ 2	
Scoilteadh	Cainníocht scoilte: ≤ 2 Méid an scoilte: ≤ 3	
Clogadh	Dlús clogtha: ≤ 3 Méid an chlogtha: ≤ 3	

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. I gcás aon phéinteanna nó vearnaisí maisiúla amuigh faoin aer a áirítear ina iarratas ar cheadúnas, soláthróidh an t-iarratasóir cóipeanna de thuarascálacha tástála ina sonraítear an modh tástála síonchaithimh a úsáideadh (atá i gcomhréir le caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta) agus soláthróidh sé torthaí ar athruithe ar airíonna tar éis an tsíonchaithimh, de réir mar is infheidhme.

2(f) Tréscailteacht ghaluisce

Tabhair faoi deara: Níl feidhm ag an gcritéar seo ach amháin maidir le péinteanna saoirseachta amuigh faoin aer a dhéanann maíomh 'inanálaithe' nó 'tréscailteacht ghaluisce' ina n-ábhar margaíochta. I gcásanna ina bhfuil scáileanna dathanna éagsúla laistigh de thacar táirgí gaolmhara, ní gá ach an phéint bhunaidh gheal nó bhán nó an bonn/na boinn imrithe a thástáil.

Déanfar táirge/táirgí péinte ábhartha a thástáil le haghaidh tréscailteacht ghaluisce de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta agus ginfear torthaí a chomhfheagraíonn do thréscailteacht ghaluisce mheánach (aicme V2) nó ard (aicme V1) mar a shainmhínítear i gcaighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. I gcás aon phéinteanna saoirseachta amuigh faoin aer atá ina n-iarratas ar cheadúnas agus a dhéanann maíomh mhargaíochta ábhartha, soláthróidh an t-iarratasóir cóipeanna de thuarascálacha tástála de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta, agus cuirfear torthaí in iúl de réir an chórais aicmithe a shainítear i gcaighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

2(g) Tréscailteacht uisce leachta

Tabhair faoi deara: Níl feidhm ag an gcritéar seo ach amháin maidir le péinteanna saoirseachta amuigh faoin aer. I gcásanna ina bhfuil scáileanna dathanna éagsúla laistigh de thacar táirgí gaolmhara, ní gá ach an phéint bhunaidh gheal nó bhán nó an bonn/na boinn imrithe a thástáil.

Déanfar an táirge/na táirgí péinte a thástáil le haghaidh tréscaoilteacht uisce leachta de réir na gcaighdeán ábhartha Eorpach nó idirnáisiúnta agus comhlíonfaidh sé na ceanglais seo a leanas, de réir mar is iomchuí:

- Le haghaidh péinteanna saoirseachta amuigh faoin aer a mhaíonn go bhfuil siad uisce-éarthach nó hidreafóbach nó a macasamhail: Tréscaoilteacht íseal leachta uisce (Aicme W3) de réir chóras aicmithe na gcaighdeán ábhartha Eorpach nó idirnáisiúnta.
- Le haghaidh gach péinte saoirseachta amuigh faoin aer eile: tréscaoilteacht mheánach uisce leachta (Aicme W2) de réir chóras aicmithe na gcaighdeán ábhartha Eorpach nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. Maidir le haon phéinteanna saoirseachta amuigh faoin aer, soláthróidh an t-iarratasóir cóipeanna de thuarascálacha tástála de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta, ar a mbeidh torthaí arna sloinneadh de réir an chórais aicmithe a shainítear i gcaighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

2(h) Frithsheasmhacht fhungasach

Tabhair faoi deara: Níl feidhm ag an gcritéar seo ach amháin maidir le péinteanna saoirseachta amuigh faoin aer nó péinteanna adhmaid a bhfuil maímh mhargaíochta frithfhungasacha acu. I gcásanna ina bhfuil scáileanna dathanna éagsúla laistigh de thacar táirgí gaolmhara, ní gá ach an phéint bhunaidh gheal nó bhán nó an bonn/na boinn imrithe a thástáil.

I gcomhréir le ceanglais éifeachtúlachta chineál táirge 7 (PT7) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, comhlíonfar na ceanglais seo a leanas, de réir mar is iomchuí:

- Le haghaidh péinteanna saoirseachta amuigh faoin aer: Scór aicme 1 nó níos ísle (aicme 0) le haghaidh frithsheasmhacht fhungasach de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.
- I gcás péinteanna adhmaid: Scór aicme 0 le haghaidh frithsheasmhacht fhungasach de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. I gcás aon phéinteanna saoirseachta amuigh faoin aer nó péinteanna adhmaid a bhfuil maímh mhargaíochta ábhartha acu, soláthróidh an t-iarratasóir cóipeanna de thuarascálacha tástála de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

2(i) Frithsheasmhacht algach

Tabhair faoi deara: Níl feidhm ag an gcritéar seo ach amháin maidir le péinteanna saoirseachta amuigh faoin aer nó péinteanna adhmaid a bhfuil maímh mhargaíochta fhrithalgacha acu. I gcásanna ina bhfuil scáileanna dathanna éagsúla laistigh de thacar táirgí gaolmhara, ní gá ach an phéint bhunaidh gheal nó bhán nó an bonn/na boinn imrithe a thástáil.

I gcomhréir le ceanglais éifeachtúlachta chineál táirge 7 (PT7) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, comhlíonfar na ceanglais seo a leanas, de réir mar is iomchuí:

- Le haghaidh péinteanna saoirseachta amuigh faoin aer: Scór aicme 1 nó níos ísle (aicme 0) le haghaidh frithsheasmhacht algach de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.
- I gcás péinteanna adhmaid: Scór aicme 0 le haghaidh frithsheasmhacht algach de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. I gcás aon phéinteanna saoirseachta amuigh faoin aer nó péinteanna adhmaid a bhfuil maímh mhargaíochta ábhartha acu, soláthróidh an t-iarratasóir cóipeanna de thuarascálacha tástála de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

2(j) Séalú scoilteanna

Tabhair faoi deara: Níl feidhm ag an gcritéar seo ach amháin maidir le péinteanna saoirseachta amuigh faoin aer a bhfuil maímh mhargaíochta leaistiméireacha (i.e. séalú scoilteanna) acu. I gcásanna ina bhfuil scáileanna dathanna éagsúla laistigh de thacar táirgí gaolmhara, ní gá ach an phéint bhunaidh gheal nó bhán nó an bonn/na boinn imrithe a thástáil.

Comhlíonfaidh an bratú na ceanglais maidir le feidhmíocht séalaithe scoilteanna aicme A1 nó níos fearr ag 23 °C (i.e. A2, A3 etc.) de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. I gcás aon phéinteanna saoirseachta amuigh faoin aer a bhfuil maímh mhargaíochta ábhartha acu, soláthróidh an t-iarratasóir cóipeanna de thuarascálacha tástála de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

2(k) Frithsheasmhacht alcaileach

Tabhair faoi deara: Níl feidhm ag an gcritéar seo ach amháin maidir le bratuithe saoirseachta, lena n-áirítear prímeálaigh. I gcásanna ina bhfuil scáileanna dathanna éagsúla laistigh de thacar táirgí gaolmhara, ní gá ach an phéint bhunaidh gheal nó bhán nó an bonn/na boinn imrithe a thástáil.

Ní thaispeánfaidh an bratú aon damáiste suntasach nuair a bhristear an bratú ar feadh 24 uair an chloig le tuaslagán NaOH 10 % de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta. Déanfar an mheastóireacht tar éis aisghabháil triomaithe 24 uair an chloig. Mura bhfuil aon damáiste le dealramh ann, measfar é a bheith ina rátáil 1 nó níos fearr (i.e. 0 nó 1) mar a shainmhínítear i gcaighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta, tar éis measúnú amhairc a dhéanamh ar mhéid agus ar chainníocht na bhfabhtanna le haghaidh clogadh ar dhromchla an bhrataithe a tástáladh i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta chéanna sin.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. I gcás aon phéinteanna saoirseachta nó prímeálaigh amuigh faoin aer, soláthróidh an t-iarratasóir cóipeanna de thuarascálacha tástála de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta ina mbeidh torthaí arna sloinneadh i dtéarmaí an chórais rátála i gcaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta ábhartha eile.

Critéar 3. Cion Comhdhúile Soghalaithé agus Leath-shoghalaithé Orgánacha (CSOnna, CLSOnna)

Ní sháróidh an t-uaschion de chomhdhúile so-ghalaithé orgánacha (CSOnna) agus de chomhdhúile leath-shoghalaithé orgánacha (CLSOnna) na teorainneacha a thugtar i dTábla 5.

Cinnfear cion na CSOnna agus na CLSOnna don táirge réidh le húsáid agus áireofar ann aon bhreiseanna a mholtar sula n-úsáidfear iad amhail datháin agus/nó caolaitheoirí.

Tábla 5

Teorainn ar chion CSO agus CLSO

Teorainneacha ar chion CSO agus CLSO		
Tuairisc ar an táirge (le léiriú fochatagóire de réir Threoir 2004/42/CE)	Teorainneacha CSO (°) (g/l den táirge réidh le húsáid)	Teorainneacha CLSO (°) (g/l den táirge réidh le húsáid)
a. Ballaí agus síleálacha neamhlonracha inti (Lonrach < 25@60°)	10	25 (°) / 30 (°)
b. Ballaí agus síleálacha lonrach inti (Lonrach > 25@60°)	30	25 (°) / 30 (°)
c. Ballaí seachtracha substráite mianraí	20	35
d. Péinteanna cóirithe agus cumhdaigh inti/seachtracha le haghaidh adhmaid agus miotail	60	40 (°) / 50 (°)
e. Vearnaisí agus ruaimeanna adhmaid cóirithe inti, lena n-áirítear ruaimeanna teimhneacha adhmaid	60	30

Teorainneacha ar chion CSO agus CLSO		
Tuairisc ar an táirge (le léiriú fochatagóire de réir Threoir 2004/42/CE)	Teorainneacha CSO ⁽¹⁾ (g/l den táirge réidh le húsáid)	Teorainneacha CLSO ⁽⁴⁾ (g/l den táirge réidh le húsáid)
e. Vearnaí agus ruaimeanna adhmaid cóirithe seachtracha, lena n-áirítear ruaimeanna teimhneacha adhmaid	60	50
f. Ruaimeanna adhmaid íoscharntha inti agus seachtracha	40	30 ⁽¹⁾ / 40 ⁽²⁾
g. Prímeálaigh	10	25 ⁽¹⁾ / 30 ⁽²⁾
h. Prímeálaigh tháthaithe	10	25 ⁽¹⁾ / 30 ⁽²⁾

⁽¹⁾ Tá feidhm ag teorainn CLSO maidir le péinteanna bána agus vearnaí faoi dhíon
⁽²⁾ Tá feidhm ag teorainn CLSO maidir le péinteanna imrithe faoi dhíon/péinteanna amuigh faoin aer agus vearnaí
⁽³⁾ ciallaíonn 'comhdhúile soghalaithe orgánacha (CSOanna)' aon chomhdhúile orgánacha a bhfuil fiuchphointe tosaigh níos lú ná nó cothrom le 250 °C acu arna thomhas ag brú caighdeánach 101.3 kPa
⁽⁴⁾ ciallaíonn 'comhdhúile leath-shoghalaithe orgánacha (CLSOanna)' aon chomhdhúil orgánach a bhfuil fiuchphointe níos mó ná 250 °C agus níos lú ná 370 °C aici, arna thomhas ag brú caighdeánach 101.3 kPa

Cinnfear an cion CSO trí ríomh bunaithe ar na comhábhair agus na hamhábhair nó trí úsáid a bhaint as na modhanna a thugtar i gcaighdeán ábhartha Eorpach nó idirnáisiúnta nó, de rogha air sin, i gcás táirgí ina bhfuil cion CSO níos lú ná 1.0 g/l, na modhanna a thugtar i gcaighdeán Eorpach nó idirnáisiúnta ábhartha eile. Cinnfear an cion CLSO trí úsáid a bhaint as an modh a thugtar i gcaighdeán ábhartha Eorpach nó idirnáisiúnta. I gcás táirgí a úsáidtear faoi dhíon agus amuigh faoin aer araon, is é an teorainnluach CLSO is déine le haghaidh péinteanna agus vearnaí faoi dhíon a bheidh i réim.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh arna thacú ag ríomhanna chion CSO agus CLSO bunaithe ar na comhábhair agus na hamhábhair a úsáidtear sa táirge réidh le húsáid. De rogha air sin, déanfar cion CSO agus CLSO an táirge réidh le húsáid a chur in iúl trí thuarascáil tástála ionadaíoch nó trí thuarascálacha ionadaíocha trí úsáid a bhaint as na modhanna a thugtar sa chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha, de réir mar is iomchuí, agus léireofar leis na torthaí go bhfuil na teorainneacha ábhartha á gcomhlíonadh.

Critéar 4. Substaintí guaiseacha agus meascáin ghuaiseacha a shrianadh

Tabhair faoi deara: Tá feidhm ag na fo-chritéir seo maidir le foirmliú an táirge deiridh agus maidir le haon chomhábhar a sholáthraítear ann.

4.1. Srianta ar shubstaintí ar ábhar mór imní iad

Ní bheidh substaintí isteach a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 in ullmhóid an táirge deiridh ná in aon chomhpháirt sa táirge a soláthraíodh, ar substaintí isteach iad a sainaithníodh de réir an nós imeachta a thuairiscítear in Airteagal 59 den Rialachán sin agus a áirítear ar an liosta substaintí inbhreithnithe le haghaidh údarú ar ábhar mór imní iad.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú sínithe nach bhfuil aon substaintí ar ábhar mór imní iad mar shubstaintí isteach i bhfoirmliú an táirge deiridh ná in aon chomhábhar a sholáthraítear ann. Tacófar leis an dearbhú is iarratasóir le bileoga sonraí sábháilteachta na gcomhábhar uile a soláthraíodh agus a úsáideadh chun an táirge deiridh a tháirgeadh agus dearbhuithe ó na soláthróirí ceimiceán.

Is féidir liosta substaintí a shainaithnítear mar shubstaintí ar ábhar mór imní iad agus a áirítear sa liosta substaintí inbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a fháil anseo:

<https://echa.europa.eu/candidate-list-table>

Déanfar tagairt don liosta ar an dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar Éicilipéad an AE.

I gcás aon leibhéal eisíontais aitheanta sa chomhtháirge a shainaithnítear mar shubstaintí ar ábhar mór imní iad, úsáidfear tiúchan an eisíontais agus fachtóir coinneála toimhdithe de 100 % chun meastachán a dhéanamh ar chainníocht an eisíontais ar ábhar mór imní é in ullmhóid an táirge deiridh. Ní féidir eisíontais ar ábhar mór imní iad a bheith i bhfoirmliú an táirge péinte nó vearnaise os cionn 0,0100 % w/w nó in aon chomhábhar aonair i dtiúchaintí os cionn 0,100 % w/w. Ní mór údair leordhóthanacha a bheith mar thaca le haon chlaonadh ó fhachtóir coinneála 100 % le haghaidh eisíontas ar údar mór imní é (mar shampla, mar gheall ar ghalú tuaslagóirí) nó i gcás modhnú ceimiceach.

4.2. **Srianta ginearálta bunaithe ar aicmithe de réir aicmithe guaise sonraí a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.**

(a) Foirmlíú an táirge deiridh

Ní aicmeofar foirmlíú an táirge deiridh mar shubstaint atá carcanaigineach, só-ghineach, tocsaineach don atáirgeadh, géarthocsaineach, guais asúite, tocsaineach sain-spriocorgáin, íogróir riospráide nó craicinn, guaiseach don chomhshaoil uisceach, guaiseach don chiseal ózóin, ina suaiteoir inchríneach, marthanach, bithcharnach agus tocsaineach nó marthanach, soghluaiste agus tocsaineach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus go sonrach i dtéarmaí na gcód ráitis guaise a luaitear i dTábla 6. Is é aicmiú H412 agus H413 an t-aon eisceacht a cheadófar maidir leis an riail seo, agus ní cheadófar sin ach amháin más rud é, de bharr leibhéil leasaitheach tirimsceo i gcás péinteanna nó vearnaisí amuigh faoin aer.

(b) Substaintí isteach

Ach amháin má mhaolaítear é i dTábla 7, ní bheidh aon substaint isteach i bhfoirmlíú an táirge deiridh i dtiúchan is mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain d'fhoirmlíú an táirge deiridh atá aicmithe, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, le haon cheann de na haicmí nó catagóirí guaise agus de na cóid ráitis guaise lena mbaineann a luaitear i dTábla 6.

Tábla 6

Aicmí guaise, catagóirí, cóid agus ráitis guaise lena mbaineann a shriantar

Carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR)	
Catagóirí 1A agus 1B	Catagóir 2
H340: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le héalanga géiniteacha	H341: Ceaptar go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le héalanga géiniteacha
H350: D'fhéadfadh a bheith ina chúis le hailse	H351: Ceaptar go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le hailse
H350i: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le hailse trí ionanálú	
H360: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht nó don leanbh sa bhroinn	H361: Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht nó don leanbh sa bhroinn
H360F: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht	H361f: Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht
H360D: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn	H361d: Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn
H360FD: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht. D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn	H361fd: Meastar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht. Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn
H360Fd: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht. Meastar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn.	H362: D'fhéadfadh sé díobháil a dhéanamh do leanaí diúil
H360Df: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn. Meastar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht.	
Géarthocsaineacht	
Catagóirí 1 agus 2	Catagóir 3
H300: Marfach má shlogtar	H301: Tocsaineach má shlogtar
H310: Marfach i dteagmháil leis an gcaiceann	H311: Tocsaineach i dteagmháil leis an gcaiceann
H330: Marfach má ionanálaítear	H331: Tocsaineach má ionanálaítear
	EUH070: Tocsaineach trí theagmháil leis an tsúil
Guais asúite	
Catagóir 1	
H304: D'fhéadfadh sé a bheith marfach má shlogtar é agus má théann sé isteach sna haerbhealaí	

Carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR)	
Catagóirí 1A agus 1B	Catagóir 2
Tocsaineacht sain-spriocorgáin	
Catagóir 1	Catagóir 2
H370: Déanann damáiste d'orgáin	H371: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh d'orgáin
H372: Déanann damáiste d'orgáin trí nochtadh fada nó ilnochtadh	H373: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh d'orgáin trí nochtadh fada nó ilnochtadh
Íogru riospráide nó craicinn	
Catagóir 1, 1A agus 1B	
H317: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomh ailléirgeach craicinn	
H334: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le siomptóim ailléirge nó asma nó le deacrachtaí anáilthe má ionanálaítear é	
Guaiseach don chomhshaol uisceach	
Catagóirí 1 agus 2	Catagóirí 3 agus 4
H400: An-tocsaineach don saol uisceach	H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha
H410: An-tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha	H413: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le héifeachtaí fadtréimhseacha díobhálacha ar an saol uisceach
H411: Tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha	
Guaiseach don chiseal ózóin	
H420: Déanann díobháil don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol trí ózóin san atmaisféar uachtarach a scriosadh	
Suaiteoirí inchríneacha maidir le sláinte an duine agus an chomhshaoil	
Catagóir 1	Catagóir 2
EUH380: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le suaithheadh inchríneach sa duine	EUH381: Ceaptar go bhfuil sé ina chúis le suaithheadh inchríneach sa duine
EUH430: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le suaithheadh inchríneach sa chomhshaol	EUH431: Ceaptar go bhfuil sé ina chúis le suaithheadh inchríneach sa chomhshaol.
Marthanach, bithcharnach agus tocsaineach	
MBT	an-mharthanach agus an-bithcharnach
EUH440: Carnann sa chomhshaol agus in orgánaigh bheo lena n-áirítear sa duine	EUH441: Carnann go mór sa chomhshaol agus in orgánaigh bheo lena n-áirítear sa duine
Marthanach, soghluaiste agus tocsaineach (PMT)	
PMT	an-mharthanach agus an-soghluaiste
EUH450: D'fhéadfadh truailliú idirleata fadtéarmach ar acmhainní uisce a bheith mar thoradh ar an tsubstaint	EUH451: D'fhéadfadh truailliú idirleata an-fhadtéarmach ar acmhainní uisce a bheith mar thoradh ar an tsubstaint

Díolmhófar ón gceanglas thuas úsáid na substaintí a mhodhnaítear go ceimiceach le linn an phróisis táirgthe ionas nach mbeidh feidhm a thuilleadh le haon ghuais ábhartha arb ina leith a aicmíodh an tsubstaint faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

Ní bheidh feidhm ag an gcritéar seo maidir le substaintí isteach a chumhdaítear faoi phointí (a) agus (b) d'Airteagal 2(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, lena leagtar amach critéir chun substaintí laistigh d'Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin a dhíolmhú ó na ceanglais maidir le clárú, úsáideoirí iartheachacha agus meastóireacht.

Tábla 7

Maoluithe ar shrianta ar shubstaintí isteach a aicmítear le ceann amháin nó níos mó de na guaiseacha srianta a liostaítear i dTábla 6 agus atá i láthair i dtiúchan is mó ná 0,010 % (meáchan de réir meáchain) d'fhoirmliú an táirge deiridh.

Cineál substainte, ainm substainte agus uimhir CAS	Cód/cóid ghuaise mhaolaithe	Coinníollacha an mhaolaithe
Leasaithigh agus cobhsaitheoirí leasaitheacha		
Nóta maidir le leasaithigh: ní mór do sholáthróirí gach leasaitheach a chuirtear le comhábhair a dhearbhu agus ní mór don táirgeoir péinte nó vearnaice gach leasaitheach a chuirtear go díreach le foirmliú an táirge deiridh a dhearbhu. Is iad na cineálacha leasaitheach a cheadaítear i gcomhábhair agus sa táirge deiridh, agus na cineálacha leasaitheach sin amháin, na cinn a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. I gcás táirgí deiridh de thionscnamh an Aontais, meabhraítear nach leor na substaintí gníomhacha atá sa táirge leasaitheach a fhorfhéas faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineál táirge 6 (PT6) (leasaitheach sa channa) nó chineál táirge 7 (PT7) (leasaitheach tirimsceo), ach ní mór an táirge leasaitheach a údarú faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 le haghaidh PT6 nó PT7 nó a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir leis na bearta idirthréimheacha a leagtar amach in Airteagal 89(2) den Rialachán sin. Beidh feidhm ag na teorainneacha iomlána comhcheangailte le haghaidh leasaithigh PT6 agus PT7 maidir leis na catagóirí táirgí seo a leanas: — I gcás táirgí faoi dhíon: suas le 0,080 % meáchan de réir meáchain PT6 sa táirge deiridh. — I gcás imireacha datha a úsáidtear i gcórais imrithe: suas le 0,20 % meáchan de réir meáchain PT6 san imir dhaite. — I gcás táirgí faoi dhíon a mhargaítear lena n-úsáid i limistéir ard-bhogthaise: suas le 0,080 % meáchan de réir meáchain PT6 agus suas le 0,10 % meáchan de réir meáchain PT7 sa táirge deiridh. — I gcás táirgí amuigh faoin aer: suas le 0,080 % meáchan de réir meáchain PT6 agus suas le 0,50 % meáchan de réir meáchain PT7 sa táirge deiridh. Ach amháin i gcás imireacha datha, tuigfear go dtagraíonn gach tagairt do thiúchan/teorainneacha/leibhéil leasaitheach sa roinn 'Leasaithigh agus cobhsaitheoirí leasaitheacha' do na substaintí gníomhacha leasaitheacha atá i bhfoirmliú an táirge deiridh. Aon leasaitheach nach féidir a bheith i láthair i bhfoirmliú an táirge deiridh ag tiúchan is mó ná 0,010 %, mar gheall ar shainteoirinneacha tiúchana níos ísle ná 0,010 % lena n-aicmeofaí an táirge deiridh le guais maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta, ní luaitear iad sa tábla maolaithe thíos toisc nach féidir iad a úsáid i dtiúchan is mó ná 0,010 % ar an gcéad dul síos agus nach gá maolú a dhéanamh orthu dá bhrí sin. Ní thugann sé sin le tuiscint nach féidir iad a úsáid mar shubstaintí isteach i dtáirgí Éicilipéad an AE ar aon leibhéal. Mura n-eisiatar go sainráite iad i bhfo-chritéar 4.3, féadfar leasaithigh den sórt sin a úsáid fad a bheidh sé ar leibhéal faoi bhun aon sainteoirinneacha tiúchana a spreagfadh aicmiú maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta d'fhoirmliú an táirge deiridh.		
Leasaithigh sa channa (PT6) in imireacha datha nó i dtáirge deiridh:	H301, H311, H317, H330, H331, H372, H373, H400, H410, H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní mór lánsuim na leasaitheach sa channa PT6 uile (iad sin atá maolaithe lena n-úsáid os cionn 0,010 % móide iad siúd atá neamh-mhaolaithe ach a úsáidtear i leibhéil < 0,010 %) a bheith laistigh de na teorainneacha ábhartha a shainítear sa nóta thuas. Nuair a úsáidtear leasaithigh ar deontóirí formaildéid iad, ní mór na teorainneacha ábhartha maidir le formaildéad saor i bhfoirmliú an táirge deiridh a leagtar amach i bhfo-chritéar 4.3(l) a urramú. Beidh feidhm ag teorainneacha sonracha tiúchana (% meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh) maidir leis na substaintí maolaithe a liostaítear thíos: — Brónopól (Uimh. CAS 52-51-7): suas le 0,030 %. — DBNPA (Uimh. CAS 10222-01-2): suas le 0,030 %. — Piritióisín shóidiam (Uimh. CAS 3811-73-2): suas le 0,030 %. — BIT (Uimh. CAS 2634-33-5): suas le 0,036 %. — Isitiasóilíonóin iomlána agus scaoilteoirí isitiasóilíonóin iomlána chomhcheangailte (iad sin atá maolaithe lena n-úsáid os cionn 0,010 % móide iad siúd atá neamh-mhaolaithe ach a úsáidtear i leibhéil < 0,010 %): suas le 0,040 % i bhfoirmliú an táirge deiridh — Dé-aimín (Uimh. CAS 2372-82-9): suas le 0,050 %.

Cineál substainte, ainm substainte agus uimhir CAS	Cód/cóid ghuaise mhaolaithe	Coinníollacha an mhaolaithe
Leasaitheigh thirimsceo (PT7):	H311, H317, H330, H331, H372, H373 H400, H410, H411, H412 agus H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Níl feidhm aige ach amháin maidir le táirgí amuigh faoin aer agus táirgí faoi dhíon lena n-úsáid i limistéir ard-bhogthaise. Ní mór lánsuim na leasaitheach tirimsceo PT7 uile (iad siúd atá maolaithe lena n-úsáid os cionn 0,010 % móide iad siúd atá neamh-mhaolaithe ach a úsáidtear i leibhéil < 0,010 %) a bheith laistigh de na teorainneacha ábhartha a shainítear sa nóta thuas. I gcás scaoileadh mall, foirmeacha imchochlaithe leasaitheach tirimsceo, ba cheart aicmiú sonrath an táirge deiridh, nó foirmlithe an chros-eachtarshuímh, dearbh-tiúchan na gcomhábhar guaiseach (i.e. gan capsúil) a mheas. Ní féidir an táirge deiridh nó foirmlí an chros-eachtarshuímh a aicmiú le haon cheann de na guaiseacha a liostaítear i dTábla 6. Ní mór aon leasaitheach tirimsceo atá aicmithe mar H400 nó H410 a bheith neamh-bhithcharnach, arna léiriú le comhéifeacht ochtanóil-uisce (Loga Kow) ≤ 3.2 nó le fachtóir bitíuchana (BCF) ≤ 100.
Cobhsaitheoir leasaitheach: Ocsaíd since (Uimh. CAS 1314-13-2)	H400, H410	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Is ceadmhach é a úsáid mar chobhsaitheoir leasaitheach, suas le 0,040 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlí an táirge deiridh, nuair a úsáidtear é chun teaglamaí de leasaitheigh sa channa nó thirimsceo a chobhsú, ar teaglamaí iad a éilíonn 1,2-Beinsisítiasól-3(2H)-ón (BIT).
Oibreáin thriomaithe agus fhrithchraicinn		
Oibreáin fhrithchraicinn	H317, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní rachaidh lánsuim an oibreáin fhrithchraicinn thar 0,40 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlí an táirge deiridh.
Triomadóirí	H301, H317, H373, H400, H410, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní rachaidh lánsuim triomadóirí thar 0,10 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlí an táirge deiridh. Níl feidhm ag an maolú le haghaidh H400 agus H410 ach amháin maidir le comhdhúile triomadóra cóbailt-bhunaithe agus ní féidir comhdhúile den sórt sin a úsáid ach suas le 0.050 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlí an táirge deiridh.
Líocha agus breiseáin líocha		
Trímheitolprópán (Uimh. CAS 77-99-6)	H361fd	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Nuair a úsáidtear é mar bhreiseán i líocha a sholáthraítear agus nach mó ná 0,50 % meáchan de réir meáchain sa lí arna soláthar, agus sa chás sin amháin.
Tátháin agus easráin pholaiméirí		
Tátháin agus oibreáin trasnaisc: Déhiodraisíd aigéid adaipigh (Uimh. CAS 1071-93-8)	H317, H411	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 1,0 % meáchan de réir meáchain sa táthán nó sa chomhábhar easráin polaiméire agus nuair a úsáidtear é mar thionscnóir greamaitheachta nó mar oibreán trasnaisc.
Monaiméirí neamh-imoibrithe (i dtátháin)	H301, H304, H311, H317, H331, H334, H372, H400, H410, H411, H412	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní rachaidh lánsuim na monaiméirí neamh-imoibrithe a bhfuil an maolú sin de dhíth orthu thar 0,050 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlí an táirge deiridh.

Cineál substainte, ainm substainte agus uimhir CAS	Cód/cóid ghuaise mhaolaithe	Coinníollacha an mhaolaithe
Eile, ilghnéitheach		
Meatánól (Uimh. CAS 67-56-1)	H301, H311, H331, H370	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear é ach mar tháirge imoibriúcháin iarmharaigh de shubstaintí eile i bhfoirmliú an táirge. Tagann méadú ar an tiúchan iarmharach incheadaithe mar fheidhm de chion an tátháin ar an mbealach seo a leanas: — Cion tátháin 10-20 %: is é 0,020 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh an meatánól iarmharach incheadaithe. — Cion tátháin 20-40 %: is é 0,030 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh an meatánól iarmharach incheadaithe. — Cion tátháin > 40 %: is é 0,050 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh an meatánól iarmharach incheadaithe.
Amhábhair mhianracha, lena n-áirítear líonaigh, oibreáin frith-shilte agus oibreáin mhatra	H372, H373	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Níl feidhm aige ach amháin maidir le hamhábhair mhianracha agus mianraí leocaifillíte ina bhfuil silice chriostalta go nádúrtha. Ní cheadaítear ach méid suas le 1,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh le haghaidh ábhair H372 nó suas le 10 % d'ábhair H373. I gcásanna ina soláthraítear an t-ábhar i bhfoirm púdair thirim, léireoidh an t-iartrasóir go bhfuil córais i bhfeidhm aige chun nochtadh oibrithe do phúdar tirim san áit oibre a íoslaghdú (mar shampla, córais dúnta dailte, limistéir dailte aeráilte agus mheasctha agus trealamh cosanta pearsanta).
Oibreán neodrúcháin	H301, H311, H331, H400, H410, H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 1,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú vearnaíse, agus suas le 0,50 % i ngach táirge eile.
Lonraitheoirí optúla	H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 0,10 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh.
Roisín sileacóin	H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 2,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh.
Tuaslagóirí	H304	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 2,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh.
Dromchlaghníomhaithe	H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 1,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú táirgí trédhearcacha, leath-thrédhearcacha, bána nó geala nó suas le 3,0 % meáchan de réir meáchain i ngach dath eile.
Cobhsaitheoirí ultraivialait	H317, H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Níl sé infheidhme ach amháin maidir le táirgí amuigh faoin aer agus suas le 0,60 % meáchan de réir meáchain amháin i bhfoirmliú an táirge deiridh.

(*) Coinníoll maidir le maolú cothrománach: ní cheadófar aon cheann de na maoluithe thuas, ina n-aonar nó i dteaghlaim, más é an toradh atá orthu go n-aicmítear foirmliú an táirge deiridh le haon cheann de na guaiseacha a shainítear i dTábla 6, cé is moite de H412 agus H413 go háirithe i gcás táirgí amuigh faoin aer mar gheall ar leasaitheigh thirimsceo a bheith i láthair.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú sínithe maidir le comhlíonadh fhochritéar 4.2, lena n-áirítear comhlíonadh aon choinníollacha ábhartha maidir le maolú, a mbeidh dearbhuithe ó sholáthróirí agus aon doiciméadacht ábhartha eile mar thaca leis.

Cuirfear liosta i láthair de na substaintí isteach go léir ag a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na guaiseacha maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta a ríomhtar a bheith i láthair i bhfoirmlíú an táirge deiridh i dtiúchan is mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain, in éineacht lena n-uimhreacha CAS, a stádas aicmithe maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (i.e. iontráil chomhchuibhithe, iontráil chomhpháirteach nó féin-iontrálacha amháin) feidhm ábhartha na substainte isteach (mar shampla, leasaitheach sa channa, triomadóir, lí, oibreáin neodrúcháin, dromchlaghníomhaithe, cobhsaitheoir UV etc.). Déanfar ríomhanna le haghaidh tiúchaintí substainte isteach i bhfoirmlíú an táirge deiridh a bhunú ar an méid seo a leanas:

- liosta de na comhábhair, ceimiceáin nó amhábhair uile a úsáidtear chun foirmlíú an táirge deiridh a dhéanamh;
- scagadh comhábhar, ceimiceán nó amhábhar le haghaidh na substaintí isteach sin agus eisíontais aitheanta le haon cheann de ghuaiseacha maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta ag Éicilipéad an AE;
- tiúchan aon substaintí isteach atá scagtha agus eisíontas aitheanta le guaiseacha maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta ag Éicilipéad an AE sna comhábhair, sna ceimiceáin nó sna hamhábhair a úsáidtear san fhormáid a sholáthraítear;
- meáchan gach ceann de na comhábhair, ceimiceáin nó amhábhair a cuireadh leis chun meáchan aitheanta d'fhoirmlíú an táirge deiridh a dhéanamh.

Ní dhéileálfar le heisíontais aitheanta mar shubstaintí isteach ach amháin má nochtar leis an gcleachtadh scagtha go mbeidh a gcion i bhfoirmlíú an táirge deiridh níos mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain nó go mbeidh a gcion i gcomhábhar níos mó ná 0,100 % meáchan de réir meáchain. Ní dhéanfar eisíontais atá ar eolas faoi na tairseacha sin a áireamh sna ríomhanna.

Glacfar leis, mar réamhshocrú, go gcoinnítear 100 % d'aon substaintí isteach atá scagtha sa táirge deiridh. Soláthrófar údair le haghaidh aon chlaonadh ó fhachtóir coinneála 100 % le linn próiseála (mar shampla, galú tuaslagóirí) nó le haghaidh modhnú ceimiceach substainte scagtha isteach. Substaintí arb eol go scaoiltear iad ó shubstaintí isteach nó go n-easraíonn siad as na substaintí isteach agus iad ag díghrádú, meastar gur substaintí isteach iad seachas eisíontais.

I gcás aon substaintí isteach scagtha atá fágtha i bhfoirmlíú an táirge deiridh i dtiúchaintí is mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain, ach atá díolmhaithe ó fho-chritéar 4.2 (féach Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006), is leor dearbhú maidir leis an méid sin ón iarratasóir le haghaidh na substaintí sin.

Ós rud é gur féidir roinnt táirgí nó táirgí ionchasacha (mar shampla, imireacha saincheaptha ó chóras imrithe) ina n-úsáidtear na comhábhair, ceimiceáin nó amhábhair chéanna a chumhdach le ceadúnas Éicilipéad an AE amháin, d'fhéadfadh ríomh an cháis is measa a bheith inghlactha le haghaidh gach substainte isteach scagtha laistigh de thacar coiteann táirgí gaolmhara a chumhdaítear leis an gceadúnas céanna.

Maidir le faisnéis a iarrtar ar sholáthróirí a d'fhéadfadh a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de, is féidir fianaise ó sholáthróirí a sholáthar go díreach do chomhlachtaí inniúla freisin gan gá sonraí áirithe a sholáthar don iarratasóir.

4.3. Srianta sonracha maidir le substaintí guaiseacha le haghaidh substaintí isteach.

Ach amháin má mhaolaítear iad i bhfochritéar 4.2, ní áireofar na substaintí a shonraítear thíos mar shubstaintí isteach sa táirge deiridh ná mar shubstaintí isteach sna comhábhair a úsáidtear chun an táirge deiridh a dhéanamh:

- (a) Leasaitheach nó triomadóirí atá aicmithe mar shubstaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don táirgeadh.
- (b) Substaintí a aicmítear mar shuaitheadh inchríneach maidir le sláinte an duine nó maidir leis an gcomhshaol de chatagóir 1 nó de chatagóir 2 i gcomhréir leis an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú (CE) 1272/2008, substaintí a áirítear ar an liosta substaintí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) de Rialachán REACH (CE) 1907/2006 mar shubstaintí a bhfuil airíonna suaite inchrínigh acu do shláinte an duine nó don chomhshaol, substaintí a shainnithnítear mar shubstaintí a bhfuil airíonna suaite inchrínigh acu i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 nó Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cé is moite de DBNPA (Uimh. CAS 10222-01-2) nuair a úsáidtear iad mar leasaitheach sa channa.

- (c) Substaintí a aicmítear mar shubstaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha, nó an-mharthanach agus an-bhithcharnach don chomhshaol agus d'orgánaigh bheo lena n-áirítear i ndaoine i gcomhréir leis an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú (CE) 1272/2008, substaintí a áirítear sa liosta substaintí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) de Rialachán REACH (CE) 1907/2006 mar shubstaintí a bhfuil airíonna marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha nó an-mharthanach agus an-bhithcharnach acu don chomhshaol agus d'orgánaigh bheo lena n-áirítear i ndaoine, substaintí a shainaithnítear mar shubstaintí a bhfuil airíonna atá marthanach, bithcharnach agus tocsaineach nó an-mharthanach agus an-bhithcharnach acu don chomhshaol agus d'orgánaigh bheo lena n-áirítear i ndaoine i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 nó Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (d) Substaintí a aicmítear mar shubstaintí atá marthanach, soghluaiste agus tocsaineach nó an-mharthanach agus an-soghluaiste i gcomhréir leis an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú (CE) 1272/2008, substaintí a áirítear ar an liosta substaintí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) de Rialachán REACH (CE) 1907/2006 mar shubstaintí a bhfuil airíonna marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha nó an-mharthanach agus an-soghluaiste acu.
- (e) Ailcilfeanóil, eatocsaláití ailcilfeanóil agus a ndíorthaigh, dá dtagraítear in iontráil 43 d'Iarscríbhinn XIV nó in iontráil 46 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) 1907/2006.
- (f) Comhdhúile sárfluairilcile agus polafluairilcile (PFAS), mar a shainmhínítear in Airteagal 4(42).
- (g) Taláití.
- (h) Comhdhúile orgánastáin.
- (i) Substaintí cumhráin atá toirmisceithe nó srianta i dtáirgí cosmaideacha agus a liostaítear in Iarscríbhinní II nó III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009.
- (j) Bisfeanóil a shainaithin ECHA ina 'Thuarascáil um Measúnú ar Riachtanais Rialála 2021 maidir le Bisfeanóil' le haghaidh bainistiú riosca rialála breise san Aontas ar suaiteoirí inchríneacha iad don chomhshaol nó do shláinte an duine, nó ar suaiteoirí inchríneacha iad a d'fhéadfadh a bheith ann, nó ar féidir iad a shainaithint mar shubstaintí tocsaineacha don atáirgeadh.
- (k) Ní bheidh líocha a úsáidtear bunaithe ar chaidmiam, luaidhe, cróimiam (VI), mearcair, arsanaic, seiléniam, antamón ná cóbalt. Ní bheidh na heisíontaí seo a leanas ó aon líocha a úsáidtear i láthair i bhfoirmlíú an táirge deiridh i gcainníochtaí is mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain (in aghaidh an mhiotail): Caidmiam, luaidhe, cróimiam (VI), mearcair, arsanaic, seiléniam, antamón ná cóbalt. Is iad seo a leanas an t-aon eisceacht ar úsáid lí agus ar an teorainn 0,010 % d'eisíontaí:
- Cóbalt: mar gheall ar úsáid spinéal gorm alúmanáite cóbailt (Uimh. CAS 1345-16-0) agus líocha spinéil gormghlasa cróimíte cóbailt (Uimh. CAS 68187-11-1).
 - Antamón: mar gheall ar úsáid líocha bunaithe ar nicil antamóin laistigh de laitís TiO₂ dothuaslachta.
- (l) Ní chuirfead formaildéad saor leis an táirge deiridh d'aon ghnó. Déanfar an táirge deiridh a thástáil chun a chion d'fhormaildéad saor a chinneadh. Roghnófar samplaí cás is measa le haghaidh tástála maidir le gach tacar táirgí gaolmhara, bunaithe ar an táirge a thuartar go bhfuil an méid teoriciúil is airde de chion formaildéid aige. Faoi na coinníollacha a shainítear thíos, ceadófar lánsum na dteorainneacha seo a leanas maidir le formaildéad saor:
- Ceadáítear suas le 0,0010 % meáchan de réir meáchain nuair a cheanglaítear brónapól nó leasaithe ar deontóirí formaildéid iad mar leasaitheach sa channa chun cineál sonrath péinte nó vearnaíse a chosaint
 - Ceadáítear suas le 0,010 % meáchan de réir meáchain nuair a sholáthraíonn easráin pholaiméire (tátháin), trí leibhéil iarmharacha formaildéid, feidhm deontóirí formaildéid in ionad leasaitheach sa channa.
 - Suas le 0,010 % i gcás ina bhfuil feidhm ag an dá choinníoll a liostaítear thuas sa táirge céanna.
- (m) Ní úsáidfear micreacháithníní polaiméire sintéisí (ar a dtugtar micreaphlaistigh de ghnáth) mar a shainmhínítear in iontráil 78 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (REACH), chun críoch foirmithe neamhsceo in aon táirge mura ndearbhaítear go sainráite a n-úsáid agus a gcuspóir, mar aon le réasúnú maidir leis an bhfáth a gcuireann a n-úsáid feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán an táirge péinte nó vearnaíse.

Measúnú agus fíorú:

- (a go j) Dearbhóidh an t-iarratasóir neamhúsáid na substaintí ábhartha a luaitear san fho-chritéar seo, is é sin, leasaithigh CMR, triomadóirí CMR, suaiteoirí inchríneacha (seachas DBNPA), substaintí atá marthanach, bithcharnach agus tocsaineach agus an-mharthanach agus an-bhithcharnach, substaintí marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha agus an-mharthanach agus an-soghluaiste, aicilfeanóil agus APEOnna, PFAS, taláití, comhdhúile orgánastáin, cumhráin agus bisfeanóil mar shubstaintí isteach ina bhfoirmliú, le tacaíocht ó dhearbhuíthe óna soláthróirí maidir le neamhúsáid na ngrúpaí substaintí guaiseacha céanna mar shubstaintí isteach sna comhábhair a sholáthraítear agus a úsáidtear i bhfoirmlithe a chumhdaítear le nós imeachta iarratais ar cheadúnas Éicilipéad an AE.
- (k) I gcás na srianta ar mhíotal trom ó líocha, soláthróidh an t-iarratasóir nó an soláthróir lí dearbhú ina luafar nach bhfuil an lí féin ná aon substaintí isteach is féidir a ionchorprú sa táirge lí bunaithe ar na míotail throma liostaithe. Soláthróidh an t-iarratasóir nó an soláthróir lí tuarascáil tástála ina mbeidh leibhéil eisíontais míotail throm de shamplaí ionadaíocha den lí a soláthraíodh. Úsáidfídh an t-iarratasóir na torthaí sin ansin, in éineacht leis an % den lí/na líocha a úsáidtear sa táirge deiridh, chun tiúchan na míotal trom ó líocha atá fágtha sa táirge deiridh a ríomh. I gcás líocha díolmhaithe, dearbhóidh an soláthróir líocha cén lí ag a bhfuil an díolúine (i.e. spinéal gorm alúmanáite cóbailt, spinéal gormghlas cróimíte cóbailt nó nicil antamóin i laitis TiO₂ dothuaslagtha).
- (l) Dearbhóidh an t-iarratasóir cé acu dá tháirgí ar cheart an méid teoriciúil is airde den chion d'fhormaildéad saor a bheith acu laistigh d'fhoirmliú gach tacair táirgí gaolmhara. Beidh an dearbhú sin bunaithe ar rogha an fhoirmitheora péinte deontóirí formaildéid a úsáid mar leasaithigh sa channa agus dearbhuithe ó sholáthróirí maidir leis na méideanna deontóirí formaildéid a úsáidtear chun comhábhair a sholáthraítear a chaomhnú (go háirithe tátháin). Má chuirtear na substaintí sin (agus aon chomhábhar eile a scaoileann formaildéad) leis na foirmlithe cás is measa, ní sháróidh cion an fhormaildéid shaoir sa táirge deiridh an teorainn tiúchana ábhartha, arna thomhas de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.
- m) Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le neamhúsáid micreacháithníní polaiméire sintéisí chun críoch foirmithe neamhsceo, sin nó dearbhú maidir lena n-úsáid i bhfoirmliú an táirge. I gcásanna ina ndearbhaítear úsáid micreacháithníní polaiméire sintéisí chun críoch foirmithe neamhsceo, luafar sa dearbhú cineál, cainníocht (% meáchan de réir meáchain) agus cuspóir, mar aon le réasúnú ar an gcaoi a gcuireann úsáid micreacháithníní polaiméire sintéisí chun críoch foirmithe neamhsceo feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán an táirge. Leis na réasúiníthe sin, ba cheart comparáid a dhéanamh de ghnáth idir feidhmíocht chomhshaoil an táirge chéanna leis na micreacháithníní polaiméire sintéisí chun críoch foirmithe neamhsceo agus gan iad.

Critéar 5. Astaíochtaí comhdhúile soghalaithe orgánacha (CSOnna)

Tabhair faoi deara: infheidhme maidir le péinteanna agus vearnaísaí maisiúla faoi dhíon, agus táirgí gaolmhara amháin

Ní rachaidh astaíochtaí CSOnna thar na teorainneacha a shainítear i dTábla 8 thíos.

Tábla 8

Teorainneacha astaíochtaí CSO

Paraiméadar	Torthaí tástála 3 lá	Torthaí tástála 28 lá
TVOC (*)	≤ 3 000 µg/m ³	≤ 300 µg/m ³
Luach R (**)	n/b	≤ 1.0
Formaildéad	n/b	≤ 10 µg/m ³
CSOnna carcanaigineacha de chatagóir 1A nó 1B eile nach gcumhdaítear le luachanna LCI AE (***)	≤ 10 µg/m ³ in aghaidh na substainte	≤ 1 µg/m ³ in aghaidh na substainte

(*) Déanfar TVOC a thomhas mar a shainmhínítear i gcaighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta agus lena n-áirítear cainníochtú aon chomhdhúile nach sprioc-chomhdhúile iad

(**) Luach R, mar a shainmhínítear i gcaighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta. Tabharfar torthaí do luach carnach R go dtí ionad deachúlach amháin sula gcinnfear comhlíontacht nó neamhchomhlíontacht na teorainn 1.0.

(***) Níl feidhm aige maidir le formaildéad, ar chomhdhúil an-soghalaithe orgánach é agus a chumhdaítear le teorainn aonair shonrach. Níl feidhm aige maidir le haon chomhdhúil an-soghalaithe orgánach eile atá carcanaigineach nó CSOnna a bhfuil luach LCI-AE acu, ós rud é go bhfuil siad sin cumhdaithe cheana féin ag an teorainn R-luacha.

Measúnú agus fíorú:

Cuirfidh an t-iarratasóir cóip de thuarascáil tástála isteach i gcomhréir le caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta maidir le foirmlíú an táirge cás is measa laistigh de gach ceann d'aicmí ábhartha na dtáirgí atá cumhdaithe ag an iarratas ar cheadúnas Éicilipéad an AE. Aon athrú ar na foirmlithe a chruthódh cion CSO níos airde cás is measa, spreagfaidh siad an ceanglas tuarascáil tástála astaíochtaí CSO nuashonraithe a chur isteach. I gcás inarb ábhartha, soláthrófar míniú soiléir ar na hidirdhealuithe a dhéantar idir tacair táirgí gaolmhara (mar shampla, ceimic tátháin, catagóir táirge etc.), mar aon le réasúnú leis an táirge cás is measa laistigh de gach tacar táirgí gaolmhara.

I gcásanna ina bhfuil sraitheanna iomadúla ag córas brataithe, ba cheart an córas iomlán a chur i bhfeidhm ar an tsubstáit tástála de réir threoracha an mhonaróra roimh an tástáil astaíochtaí.

Chun an luach R a ríomh, ba cheart tagairt a dhéanamh don tacar is déanaí de luachanna LCI-AE (tiúchan leasa is ísle) atá ar fáil tráth na tástála. Is féidir breathnú ar na luachanna sin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh (1).

Más féidir a thaispeáint go gcomhlíonann tiúchain aeir seomra na teorainneacha 28 lá sula mbeidh an tréimhse 28 lá curtha i gcrích ach tar éis tréimhse 3 lá ar a laghad, is féidir glacadh leis na torthaí sin mar chruthúnas comhlíontachta agus is féidir stop a chur leis an tástáil ag an bpointe sin.

- (1) Féach: https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/construction/eu-lci-subgroup/eu-lci-values_en

Critéar 6. Faisnéis do thomhaltóirí

6(a) Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar an bpacáistíocht nó beidh siad ceangailte di:

- Moladh an cur amú péinte nó vearnaíse a íoslághdú trí mheastachán a dhéanamh ar an méid péinte nó vearnaíse a mbeidh gá leis sula gceannófar í,
- Conas péint nó vearnaíse gan úsáid a aisghabháil lena hathúsáid,
- An chaoi ar féidir le hathúsáid péinte nó vearnaíse laghdú a dhéanamh go héifeachtach ar thionchar comhshaoil saolré an táirge,
- Faisnéis a iarrtar i bhfochritéar 6(b) nó míniú ar an gcaoi le teacht ar an bhfaisnéis sin.

6(b) Beidh an fhaisnéis agus an chomhairle seo a leanas le feiceáil ar an bpacáistíocht nó ceanglófar di í nó beidh sí ar fáil trí nasc gréasáin nó trí chód QR:

- Conas meastachán a dhéanamh ar an méid péinte is gá sula gceannaítear í chun cur amú péinte a íoslághdú agus méid molta mar threoirlíne (mar shampla, i gcás 1 m² de bhalla, tá gá le X lítear péinte nó vearnaíse),
- Dálaí iomchuí stórála don táirge (roimh an oscailt agus ina diaidh), lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, comhairle sábháilteachta,
- Bearta sábháilteachta don úsáideoir, lena n-áirítear moladh bunúsach maidir le trealamh cosanta pearsanta ba cheart a chaitheamh agus bearta breise ba cheart a dhéanamh agus an táirge á úsáid, agus más infheidhme nuair atá trealamh spraeála á úsáid,
- Úsáid trealamh glantacháin agus bainistiú iomchuí dramhaíola 'na péinte nó vearnaíse atá fágtha' (chun truailliú uisce agus ithreach a theorannú). Mar shampla, téacs ina luaitear go bhfuil gá le láimhseáil speisialaithe i gcás táirge gan úsáid chun diúscairt comhshaoil shlán a bhaint amach, agus nár cheart, dá bhrí sin, é a chaitheamh amach in éineacht le dramhaíl teaghlaigh nó tráchtála.

Measúnú agus fíorú:

Dearbhóidh an t-iarratasóir go gcomhlíonann an táirge an ceanglas agus soláthróidh sé don chomhlacht inniúil an saothar ealaíne nó samplaí d'fhaisnéis an úsáideora agus/nó nasc nó cód QR chuig suíomh gréasáin monaróra ina bhfuil an fhaisnéis sin mar chuid den iarratas. Soláthrófar an méid molta péinte a thugtar mar threoirlíne.

Critéar 7. Faisnéis atá le feiceáil ar Éicilipéad an AE

Beidh trí cinn de na ráitis seo a leanas ar an lipéad roghnach le bosca téacs, de réir a n-ábharthachta:

- Cion íoslaghdaithe substaintí guaiseacha,
- Cion laghdaithe de chomhdhúile soghalaithe orgánacha (CSOnna): x g/l,
- Astaíochtaí laghdaithe de chomhdhúile soghalaithe orgánacha isteach san aer faoi dhíon (le haghaidh táirgí faoi dhíon),
- Dea-fheidhmíocht d'úsáid faoi dhíon (do tháirgí faoi dhíon), nó
- Dea-fheidhmíocht lena húsáid amuigh faoin aer, (le haghaidh táirgí amuigh faoin aer) nó
- Dea-fheidhmíocht le haghaidh úsáid faoi dhíon agus amuigh faoin aer araon (le haghaidh táirgí atá oiriúnach lena n-úsáid faoi dhíon agus amuigh faoin aer).

Tá na treoirlínte maidir le húsáid an lipéid roghnaigh le téacsbhosca le fáil sna 'Treoirlínte maidir le húsáid lógó an Éicilipéid' ar an suíomh gréasáin:

http://ec.europa.eu/environment/ecolabel/documents/logo_guidelines.pdf

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir sampla de lipéad an táirge nó saothar ealaíne den phacáistíocht ina gcuirtear Éicilipéad an AE, mar aon le dearbhú maidir le comhlíonadh an chritéir sin.

IARSCRÍBHINN II

Critéir Éicilipéad an AE maidir le hÉicilipéad an AE a dhámhachtain do bhratuithe feidhmíochta agus do tháirgí gaolmhara

Tá critéir éicilipéad an AE dírithe ar na bratuithe feidhmíochta agus na táirgí gaolmhara is fearr dá bhfuil ar an margadh ó thaobh feidhmíocht chomhshaoil de. Tá na critéir dírithe ar na príomhthionchair chomhshaoil a bhaineann le saolré na dtáirgí sin agus cuireann siad gnéithe an gheilleagair chiorclaigh chun cinn.

Ceanglais measúnaithe agus fíorúcháin

Chun Éicilipéad an AE a dhámhachtain do tháirge sonracha, comhlíonfaidh an táirge gach ceanglas. Cuirfidh an t-iarratasóir deimhniú ar fáil i scríbhinn ina sonraítear go gcomhlíontar na critéir uile.

Tugtar ceanglais measúnaithe agus fíorúcháin shonracha laistigh de gach critéar.

I gcás ina gcuirtear de cheangal ar an iarratasóir dearbhuithe, doiciméadacht, anailísí, tuarascálacha tástála, nó aon fhianaise eile a sholáthar chun a léiriú go bhfuil na critéir á gcomhlíonadh, féadfaidh siad teacht ón iarratasóir agus/nó óna sholáthróirí, de réir mar is iomchuí.

Tabharfaidh comhlachtaí inniúla aitheantas tosaíochta d'fhianuithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí atá creidiúnaithe i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha le haghaidh saotharlanna tástála agus calabrúcháin, agus d'fhíoruithe ó chomhlachtaí atá creidiúnaithe i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha le haghaidh comhlachtaí a dheimhníonn táirgí, próisis agus seirbhísí.

I gcás inarb iomchuí, féadfar modhanna tástála eile a úsáid taobh amuigh de na modhanna tástála a shonraítear le haghaidh gach critéir, má ghlacann an comhlacht inniúil a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar an iarratas go bhfuil siad coibhéiseach.

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh comhlachtaí inniúla doiciméadacht tacaíochta a éileamh agus féadfaidh siad fíoruithe neamhspleácha nó cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh chun comhlíonadh na gcritéir sin a sheiceáil.

Tabharfar fógra do chomhlachtaí inniúla faoi athruithe ar sholáthróirí agus ar láithreáin táirgthe i ndáil le táirgí ar dámhadh Éicilipéad an AE dóibh, i dteannta faisnéis tacaíochta ionas gur féidir comhlíontacht leanúnach leis na critéir a fhíorú.

Mar réamhcheanglas, comhlíonfaidh an táirge ceanglais dhlíthiúla na tíre nó na dtíortha ina mbeartaítear an táirge a chur ar an margadh. Dearbhóidh an t-iarratasóir go bhfuil an táirge i gcomhréir leis an gceanglas sin.

Cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil i dteannta an iarratais ar Éicilipéad an AE:

- (a) Liosta de na táirgí péinte agus vearnaíse aonair uile a chumhdaítear le hiarratas Éicilipéad an AE, iad grúpáilte i dtacar táirgí gaolmhara agus lena léirítear aon saintréithe táirge ábhartha a dhéanann difear do na ceanglais shonracha ó chritéir Éicilipéad an AE a mbeadh feidhm acu. Beidh an bonnfhoirmliú agus an fhochatagóir táirge céanna ag tacar táirgí gaolmhara, ach d'fhéadfadh sé a bheith éagsúil ó thaobh scáile agus/nó formáide pacáistíochta de.
- (b) Tuairisc ar fhoirmliú/foirmlithe an táirge, ina bhfuil % de chomhdhéanadh na gcomhábhar a úsáidtear agus feidhm shonrach gach comhábhair (d'fhéadfadh an fhaisnéis faoin gcomhdhéanadh a bheith faoi réir comhaontú neamhnócha idir an t-iarratasóir agus an comhlacht inniúil nó, i gcásanna áirithe, go díreach idir an soláthróir agus an comhlacht inniúil). Is éard a bheidh i gceist le feidhmeanna comhábhair: luasaire; breiseán; oibreán frithbhlocála; oibreán frithchúrtha; oibreán frithshocraíochta; oibreán frithchraicinn; táthán; oibreán comhtháthaithe; dathán-ruaim; dathán-lí; oibreán trasnaisc; oibreán/cruaitheoir leasaithe; caolaitheoir; easróir; triomadóir; líonach; leasaitheach tirimsceo; leasaitheach sa channa; oibreán neamhlonrach; oibreán neodrúcháin; lonraitheoir optúil; plaisteachán; easrán polaiméire; cobhsaitheoir leasaitheach; roisín; moillitheoir; modhnaitheoir sreabheolaíoch; roisín sileacóin; tuaslagóir; dromchlaghníomhaí; cobhsaitheoir ultraivialait; uisce; oibreán uisce-éarthach nó, i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann díobh sin, 'eile'.
- (c) Bileoga sonraí sábháilteachta le haghaidh na gcomhábhar a úsáidtear sna foirmlithe péinte agus vearnaíse.
- (d) Soláthróidh soláthróirí nó táirgeoirí na gcomhábhar agus na n-ábhar sin aon fhaisnéis eile a bhaineann le táirgeadh comhábhar agus ábhar is gá chun a léiriú go bhfuil critéir Éicilipéad an AE á gcomhlíonadh.

- (e) Chun cuidiú le líon na dtáirgí laistigh d'aon tacar táirgí gaolmhara ar leith a chinneadh, tuairisc ar an bhformáid/na formáidí pacáistíochta a úsáidtear, toirt/toirteanna an táirge a choinnítear agus an t-ábhar pacáistíochta nó na hábhair phacáistíochta a úsáidtear le haghaidh gach ceann de na táirgí péinte agus vearnaíse a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE.
- (f) Chun cainníocht na tástála agus na doiciméadachta a cheanglaítear le haghaidh nósanna imeachta measúnaithe agus fíorúcháin a laghdú, luaitear go sainráite i roinnt critéar gur féidir glacadh leis go bhfuil tacar iomlán táirgí gaolmhara comhlíontach más féidir a thaispeáint go bhfuil an táirge cás is measa comhlíontach. Gach uair a chuirtear isteach sonraí le haghaidh táirge cás is measa, beidh míniú ag gabháil leo ar an bhfáth a léiríonn an táirge áirithe sin an cás is measa laistigh dá thacar táirgí gaolmhara don airí atá á thástáil.

Critéar 1. Táirgeadh dé-ocsaíde tíotáiniam

Má tá níos mó ná 3,0 % w/w de lí dé-ocsaíde tíotáiniam (TiO_2) sa táirge deiridh, comhlíonfaidh na hastaíochtaí isteach san aer agus san uisce ó tháirgeadh aon lí dé-ocsaíde tíotáiniam a úsáidtear na ceanglais ábhartha a liostaítear thíos do na próisis táirgthe faoi seach:

Tábla 1

Ceanglais maidir le táirgeadh dé-ocsaíde tíotáiniam

Paraiméadar agus modh anailíse	Próiseas sulfáite	Próiseas clóiríde
Astaíochtaí deannaigh isteach san aer ⁽¹⁾ (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	$\leq 0,40 \text{ kg/t lí TiO}_2$	$\leq 0,66 \text{ kg/t lí TiO}_2$
Astaíochtaí SO_2 isteach san aer ⁽¹⁾ (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	$\leq 4,5 \text{ kg/t lí TiO}_2$	n/b
Astaíochtaí HCl isteach san aer ⁽¹⁾ (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	n/b	$\leq 0,70 \text{ kg/t lí TiO}_2$
Astaíochtaí SO_4^{2-} isteach san uisce (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	$\leq 300 \text{ kg/t lí SO}_4^{2-}/\text{t TiO}_2$	n/b
Astaíochtaí ó Cl ⁻ isteach san uisce (arna dtomhas trí úsáid a bhaint as an modh maischothromaíochta nó leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	n/b	$\leq 103 \text{ kg lí/t TiO}_2$ ⁽²⁾ $\leq 179 \text{ kg lí Cl/t TiO}_2$ ⁽³⁾ $\leq 329 \text{ kg lí Cl/t TiO}_2$ ⁽⁴⁾
Timpeallacht oibre ísealdeannaigh	Le léiriú	Le léiriú

⁽¹⁾ Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí deannaigh isteach san aer ón bpróiseas clóiríde: céimeanna meilte, clóirínithe, ocsaídithe agus miocrónaithe. Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí HCl isteach san aer ón bpróiseas clóiríde: clóiríniú, sciúrthóir aigéid ó phróisis chóireála deighilte soladaí agus clóiríde miotail. Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí deannaigh isteach san aer ón bpróiseas sulfáite: céimeanna meilte, díleá, cailcínithe agus miocrónaithe. Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí SO_2 isteach san aer ón bpróiseas sulfáite: próisis díleá agus cailcínithe.

⁽²⁾ I gcás ina n-úsáidtear mian > 95 % de chion TiO_2 .

⁽³⁾ I gcás ina n-úsáidtear mian 90-95 % de chion TiO_2 .

⁽⁴⁾ I gcás ina n-úsáidtear mian < 90 % de chion TiO_2 .

Déanfar astaíochtaí isteach san aer a chomhaireamh ón bpointe ábhartha/ó na foinsí ábhartha a luaitear i bpointe (1) thuas i gcás inar féidir faireachán leanúnach nó tréimhsiúil a dhéanamh ar astaíochtaí ó phointe samplála seasta tar éis aon chóras laghdaithe gáis seichte.

Measfar gur sulfáit nó clóiríd atá in aon eisilteach fuíolluisce cóireáilte a sceitear isteach in aon aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha, uiscí cósta nó uiscí mara atá in astaíochtaí isteach san uisce.

Beidh an teorainn ábhartha le haghaidh astaíochtaí clóiríde isteach san uisce bunaithe ar mheán ualaithe % chion TiO_2 de mhian nó de mhianta a úsáidtear le linn na tréimhse ríomha.

Áireofar na gnéithe seo a leanas, ar a laghad, i dtimpeallacht oibre ísealdeannaigh:

- Measúnú riosca don áit oibre ina sainaithnítear na príomhréimsí uile d'astaíochtaí deannaigh agus nochtadh oibrithe do dheannach a d'fhéadfadh a bheith ann.
- An gá le clár san áit oibre um fhaireachán ar shláinteachas oibre.
- Oiliúint iomchuí a chur ar fáil d'fhostaithe maidir le dea-chleachtas chun deannach a rialú.
- Trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach a sholáthar d'fhostaithe agus do chuairoteoirí.

Measúnú agus fíorú

Dearbhóidh an t-iarratasóir cion TiO_2 a úsáidtear i ngach ceann d'fhoirmlithe an táirge atá faoi réir an iarratais ar cheadúnas Éicilipéad an AE. I gcás aon táirgí ina bhfuil cion lí TiO_2 níos mó ná 3,0 % w/w, dearbhóidh an t-iarratasóir freisin soláthróir nó soláthróirí TiO_2 a úsáidtear sna táirgí sin.

Tacófar leis an dearbhú iarratasóra trí dhearbhuirthe óna soláthróir/soláthróirí TiO_2 (nó táirgeoir(i) TiO_2 , murab ionann iad) ina luafar an méid seo a leanas:

- An cineál próisis táirgthe TiO_2 a úsáidtear (clóiríd nó sulfáit).
- Raon chion TiO_2 is infheidhme maidir leis an meán ualaithe den mhian i gcás an phróisis clóiríde.
- Meánsonraí astaíochtaí bliantúla maidir le deannach san aer, SO_2 san aer, agus SO_4^{2-} san uisce le haghaidh TiO_2 a tháirgtear tríd an bpróiseas sulfáite. De rogha air sin, meánsonraí astaíochtaí deannaigh san aer, HCl san aer, agus Cl^- san uisce le haghaidh TiO_2 a tháirgtear tríd an bpróiseas clóiríde.
- Ba cheart na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta a úsáidtear chun na paraiméadair ábhartha a liostaítear i dTábla 1 a thomhas a áireamh sna dearbhuithe ó sholáthróir/soláthróirí TiO_2 (nó ó tháirgeoir/ó na táirgeoirí TiO_2 , más éagsúil).
- Na bearta atá i bhfeidhm chun timpeallacht oibre ísealdeannaigh a áirithiú.

Áireofar sa dearbhú ón soláthróir/ó na soláthróirí TiO_2 (nó ón táirgeoir/ó na táirgeoirí TiO_2 , más éagsúil) ríomh bunúsach maidir leis an gcaoi a bhfuarthas na meánastaíochtaí bliantúla. Má tá táirgeadh na lí TiO_2 arna soláthar neamhleanúnach, féadfar glacadh le ríomhanna sonraí astaíochtaí lena gcumhdaítear tréimhse is giorra ná 12 mhí. I gcásanna faireacháin leanúnaigh, díorthófar na meántiúchaintí astaíochtaí bliantúla ó mheántiúchaintí laethúla. I gcás astaíochtaí a ndéantar faireachán tréimhsiúil orthu, ní mór 3 shampla ar a laghad a thógáil chun na meántorthaí a dhíorthú. Ní mór aon sampláil thréimhsiúil a dhéanamh le linn tréimhsí oibríochta cobhsaí atá ionadaíoch do ghnáthdhálaí gléasra chun líocha TiO_2 a úsáidtear i dtáirgí péinte Éicilipéid an AE a tháirgeadh.

Ní cheanglófar na ríomhanna astaíochtaí a chur isteach ach amháin ar dháta an iarratais ar Éicilipéad an AE. Má dhámhtar Éicilipéad an AE, ní féidir leis an iarratasóir ach dearbhuithe nuashonraithe a iarraidh gach bliain ar a sholáthróir(i) TiO_2 maidir le comhlíonadh leanúnach na dteorainneacha astaíochtaí.

Maidir le hastaíochtaí isteach san aer, sloinnfear tiúchaintí in aonaid mg/Nm^3 agus iolrófar iad faoi ráta aershreafa astaíochtaí sonracha in aonaid Nm^3/tona de tháirgeadh lí TiO_2 don tréimhse ama chéanna a bailíodh na sonraí. Má tá níos mó ná córas laghdaithe gáis sceite amháin ann le haghaidh príomh-phonchhoinsí astaíochtaí isteach san aer, déanfar astaíochtaí ón aer glan ó gach córas laghdaithe a chomhaireamh agus a chur leis.

I gcás astaíochtaí isteach san uisce, úsáidfear cur chuige tomhais dhírigh nó cur chuige maischothromaíochta. Beidh an cur chuige maischothromaíochta bunaithe ar an gcothromaíocht idir ionchuir sulfáite/clóiríde amha agus aschuir sulfáite/clóiríde i bhfotháirgí, in astaíochtaí isteach san aer agus i ndramhaíl sholadach a dhiúscaítear chuig líonadh talún nó a loisctear. Measfar gurb é atá sa difríocht i maiseanna na n-ionchur agus na n-aschur mais na sulfáite/clóiríde a astaítear san uisce le linn na tréimhse ríomha agus roinnfear í ar chainníocht mheasta na lí TiO_2 a tháirgtear le linn na tréimhse céanna chun astaíochtaí sonracha isteach san uisce in aonaid sulfáite nó clóiríde/t TiO_2 kg a ríomh.

Leis an gcur chuige tomhais dhírigh maidir le hastaíochtaí isteach san uisce, iolrófar tiúchaintí tomhaiste in aonaid g/m^3 faoi ráta sreafa eisiltigh fuíolluisce chóireáilte sonracha in aonaid de tháirgeadh lí TiO_2 m^3/tona don tréimhse ama chéanna inar bailíodh na sonraí sulfáite/clóiríde.

Critéar 2. Ceanglais maidir le héifeachtúlacht úsáide

Chun éifeachtúlacht úsáide bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara a léiriú, déanfar na tástálacha seo a leanas in aghaidh an chineáil táirge, mar a léirítear i dTábla 2 agus mar a shonraítear sa téacs critéar níos déanaí.

Tábla 2

Ceanglais feidhmíochta le haghaidh cineálacha éagsúla bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara

Critéir	Catagóirí brataithe feidhmíochta (lena bhfochatagóirí arna sainathint i gcomhréir le Treoir 2004/42/CE)					
	Péinteanna clúdaigh urláir (i, j)	Vearnaísí clúdaigh urláir (i, j)	Táirgí frithchreimthe (i, j)	Prímeálaigh (laistigh de chórais i) agus j)	Prímeálaigh tháthaithe (laistigh de chórais i) agus j)	Bratuithe uiscdhíonta (i, j)
2(a) Ráta leata	Is ea	Ní hea	Má tá siad teimhneach	Má tá siad teimhneach	Má tá siad teimhneach	Má tá siad teimhneach, tuarascáil amháin
2(b) Cion lí báine	Is ea	Ní hea	Má tá siad teimhneach	Ní hea	Ní hea	Má tá siad teimhneach, tuarascáil amháin
2(c) Frithsheasmhacht in aghaidh uisce	Is ea	Is ea	Is ea	Ní hea	Ní hea	Tá + ETA
2(d) Greamaitheacht	Má tá siad teimhneach agus níl aon fhochóta ná prímeálach ann	Má tá siad teimhneach agus níl aon fhochóta ná prímeálach ann	Má tá siad teimhneach agus níl aon fhochóta ná prímeálach ann	Má tá siad teimhneach	Má tá siad teimhneach	Má tá siad teimhneach agus níl aon fhochóta ná prímeálach ann
2(e) Scríobadh	Is ea	Is ea	Más ann d'urláir mhiotail	Ní hea	Ní hea	I gcás urláir a mbíonn go leor tráchta orthu
2(f) Síonchaitheamh	Má tá siad amuigh faoin aer	Má tá siad amuigh faoin aer	Má tá siad amuigh faoin aer	Ní hea	Ní hea	Má tá siad amuigh faoin aer
2(g) Frithsheasmhacht in aghaidh creimthe	Má mhaítear	Ní hea	Is ea	Má mhaítear	Má mhaítear	Má mhaítear
2(h) Éiceatocsaineacht	Ní hea	Ní hea	Is ea	Ní hea	Ní hea	Má tá siad amuigh faoin aer

2(a) Ráta leata

Nóta 1: Níl feidhm ag an gceanglas sin maidir le bratuithe trédhearcacha nó leath-thrédhearcacha.

Nóta 2. Maidir le córais imrithe, níl feidhm ag an gcritéar seo ach amháin maidir leis an mbonn imrithe ina bhfuil an chuid is mó de TiO₂. I gcásanna nach bhfuil an bonn imrithe sin in ann an ceanglas sin a bhaint amach, comhlíonfar an critéar tar éis an bonn a imriú chun an dath caighdeánach RAL 9010 a tháirgeadh.

Nóta 3. Tá feidhm ag an gceanglas sin maidir le gach péint bhán. I gcás tacar táirgí péinte nach bhfuil ar fáil ach i scáileanna réamhshocraithe, beidh feidhm ag an ráta leata maidir leis an dath is gile.

Déanfar rátaí leata a ríomh agus ag an am céanna áiritheofar cumhacht folaithe 98 % ar a laghad de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta nó modh coibhéiseach is féidir a bhailíochtú ina n-aghaidh. Tá feidhm ag na híosteorainneacha ráta leata seo a leanas:

- Beidh ráta leata 8 m² ar a laghad in aghaidh an lítir táirge ag bratuithe feidhmíochta faoi dhíon.
- Beidh ráta leata 6 m² ar a laghad in aghaidh an lítir táirge ag bratuithe feidhmíochta amuigh faoin aer.
- Bratuithe feidhmíochta a mhargaítear lena n-úsáid faoi dhíon agus amuigh faoin aer araon, comhlíonfaidh siad an ceanglas ráta leata níos airde 8 m² in aghaidh an lítir ar a laghad.
- Beidh ráta leata 8 m² ar a laghad in aghaidh an lítir táirge ag aon phrímeálaigh theimhneacha a úsáidtear i gcórais brataithe feidhmíochta. Baineann ráta leata níos ísle de 6 m² in aghaidh an lítir táirge le prímeálaigh theimhneacha a bhfuil airíonna sonracha blocála, séalaithe, treáite, táthaithe nó greamaitheachta speisialta acu.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú gur comhlíonadh na teorainneacha ráta leata ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht an cheanglais ráta leata maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear le hiarratas Éicilipéad an AE. Tacófar leis an dearbhú le torthaí tástála de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta nó modh coibhéiseach is féidir a bhailíochtú ina n-aghaidh. Léireofar go soiléir cé na torthaí ráta leata a chomhfhreagraíonn do na tacair tháirgí ghaolmhara a chumhdaítear leis an iarratas ar cheadúnas Éicilipéad an AE.

2(b) Cion lí báine

Tabhair faoi deara: Níl feidhm ag an gcritéar seo ach amháin maidir le táirgí péinte agus ríomhfar an cion lí báine leis na táirgí céanna a ndéantar ráta leata a thomhas ina leith de réir na nótaí i gcritéar 2(a). Chun críocha an chritéir seo, measfar nach dtagraíonn an téarma ‘lí bhán’ ach do líocha ag a bhfuil comhéifeacht athraonta is airde ná 1.8.

Ní rachaidh cion na lí báine thar an méid seo a leanas:

- 36 g/m² le haghaidh bratuithe feidhmíochta a mhargaítear lena n-úsáid faoi dhíon amháin.
- 38 g/m² le haghaidh bratuithe feidhmíochta a mhargaítear lena n-úsáid amuigh faoin aer amháin.
- 36 g/m² le haghaidh bratuithe feidhmíochta a mhargaítear lena n-úsáid faoi dhíon agus amuigh faoin aer araon. Aon táirge péinte Éicilipéad an AE a maítear ina leith go bhfuil frithsheasmhacht in aghaidh fliuchsciúrtha aige, ní mór dó na ceanglais le haghaidh aicme 1 nó aicme 2 a chomhlíonadh de réir an nós imeachta a shainítear i gcaighdeáin agus i gcórais aicmithe Eorpacha nó idirnáisiúnta ábhartha agus ní mór dó na huasteorainneacha faoi seach maidir le cion na lí báine a chomhlíonadh.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. I gcásanna táirgí ábhartha, dearbhóidh an t-iarratasóir cion iomlán na líocha bána ag a bhfuil innéacs athraonta > 1,8 sa táirge deiridh, sa bhonn imire ábhartha nó sna foirmlithe bunphéinte bána atá faoi réir an iarratais ar cheadúnas Éicilipéad an AE. Soláthrófar an fhaisnéis sin i dtéarmaí ainm ceimiceach agus uimhir CAS na lí báine, a comhéifeacht athraonta dearbhaithe, a thiúchan in g/l den táirge péinte agus dlús na péinte, in g/l

2(c) Frithsheasmhacht in aghaidh uisce

Tabhair faoi deara: Tá feidhm ag an gceanglas sin maidir le gach bratú feidhmíochta. I gcórais brataithe ina bhfuil prímeálach nó fochóta(i), féadfar an córas brataithe iomlán nó an tsraith bhailchríche amháin a thástáil.

Beidh frithsheasmhacht in aghaidh uisce ag gach bratú feidhmíochta, mar a chinntear le caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta, sa chaoi nach dtabharfar faoi deara tar éis 24 uair an chloig nochta agus 16 uair an chloig téarnaimh aon athrú sa lonrucht i mbratuithe trédhearcacha nó leath-thrédhearcacha agus nach dtarlaíonn aon athrú ar an dath in aon bhratú teimhneach.

Measfar gur rátáil amhairc 0 é mura bhfuil aon athrú lonrachta ná datha i samplaí nochta nuair a thomhaistear iad do chainníocht na bhfabhtanna, méid na bhfabhtanna agus déine na n-athruithe de réir chóras aicmithe na gcaighdeán ábhartha Eorpach nó idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, i gcás bratuithe uiscdhíonta, léireofar comhlíontacht le haon choinníollacha ábhartha de chuid an Doiciméid um Measúnú Eorpach (DME).

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais nó údar le neamh-infheidhmeacht an cheanglais maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar cheadúnas Éicilipéad an AE.

I gcás aon táirge is infheidhme a áirítear ina iarratas ar cheadúnas, chun tacú leis an dearbhú ón iarratasóir, beidh cóipeanna de thuarascálacha tástála nó de chaighdeán ábhartha idirnáisiúnta nó Eorpacha lena gcumhdaítear an táirge ceadúnaithe nó an tacar táirgí gaolmhara, lena n-áirítear torthaí tuairiscithe le haghaidh athrú lonrach de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Maidir le bratuithe uiscdhíonta, cuirfidh an t-iarratasóir deimhniú um fhorghnathú teicniúil Eorpach ar fáil freisin, deimhniú a d'eisigh Comhlacht formheasta um Measúnú Teicniúil (mar shampla, deimhniú de réir DME nuair is pacáiste uiscdhíonta dín leachtach é an táirge). I gcásanna nach bhfuil aon DME ábhartha le leanúint, dearbhóidh an t-iarratasóir é sin agus soláthróidh sé tuairisc theicniúil ar an táirge, lena n-áirítear aon chaighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus tuairisc ar úsáidí beartaithe an táirge agus ar an gcaoi ar cheart é a úsáid i gceart.

2(d) Greamaitheacht

Tabhair faoi deara: Tá feidhm ag an gcritéar seo maidir le prímeálaigh theimhneacha nó le fochótaí le haghaidh bratuithe feidhmíochta. Féadfar an tástáil ghreamaitheachta a dhéanamh ar aon phrímeálach teimhneach nó ar aon fhochóta ina n-aonar, nó ar an bprímeálach/fochóta agus cóta bailchríche le chéile, fad is go bhfuil an dá cheann teimhneach. I gcásanna ina bhfuil scáileanna dathanna éagsúla laistigh de thacar táirgí gaolmhara, ní gá ach an phéint bhunaidh gheal nó bhán nó an bonn/na boinn imrithe; a thástáil.

Gheobhaidh prímeálaigh a bhfuil úsáidí saoirseachta seachtracha acu pas sa tástáil ghreamaitheachta ar chaighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta i gcás ina bhfuil neart comhtháite na substráite níos lú ná neart greamaitheach an bhrataithe prímeálaigh, seachas sin ní mór greamaitheacht an bhrataithe prímeálaigh a bheith níos mó ná luach pas 1,5 MPa.

Beidh scór 2 nó níos lú ag prímeálaigh urláir nó fochótaí urláir sa tástáil ghreamaitheachta chun caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. I gcás aon phrímeálach saoirseachta teimhneach, aon phrímeálach táthaithe nó táirgí fochóta a áirítear ina n-iarratas ar cheadúnas, soláthróidh an t-iarratasóir cóipeanna de thuarascálacha tástála de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme.

2(e) Scríobadh

Tabhair faoi deara: Tá feidhm ag an gcritéar seo maidir le bratuithe urláir. I gcásanna ina bhfuil scáileanna dathanna éagsúla laistigh de thacar táirgí gaolmhara, ní gá ach an phéint bhunaidh gheal nó bhán nó an bonn/na boinn imrithe a thástáil.

Breathnófar cailteanas meáchain ≤ 70 mg nuair a nochtar bratuithe urláir do 1 000 timthriall tástála le hualach 1 000 g agus roth CS10 de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais maidir le táirgí brataithe urláir a áirítear ina iarratas ar cheadúnas. Tacófar leis an dearbhú le cóipeanna de thuarascálacha tástála de réir caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

2(f) Síonchaitheamh

Tabhair faoi deara: Tá feidhm ag an gcritéar seo maidir le bratuithe feidhmíochta amuigh faoin aer. I gcás scáileanna dathanna éagsúla laistigh de thacar táirgí gaolmhara, ní gá ach phéint bhunaidh gheal nó bhán nó bonn/boinn imrithe a thástáil.

Beidh gach bratú feidhmíochta amuigh faoin aer nochta do aimsir shaorga i ngairneas lena n-áirítear lampaí ultraivialait fluaraiseacha agus comhdhlúthú nó sprae uisce de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta. Nochtfar iad do dhálaí tástála ar feadh 1 000 uair an chloig agus na dálaí éagsúla seo a leanas ann: UVA 4 h/60 °C + taise 4 h/50 °C.

De rogha air sin, d'fhéadfadh bratuithe feidhmíochta amuigh faoin aer le haghaidh substráití adhmaid a bheith nochta do shíonchaitheamh ar feadh 1 000 uair an chloig sa ghairneas aimsire luathaithe QUV le nochtadh timthriallach le radaíocht UV(A) agus spraeáil de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Tar éis an tsíonchaitheimh, comhlíonfaidh an sceo nochta na ceanglais a shonraítear i dTábla 3 thíos.

Tábla 3

Forbhreathnú ar cheanglais síonchaitheimh le haghaidh bratuithe feidhmíochta agus táirgí gaolmhara de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta

Airí	Riachtanas (tar éis síonchaitheimh)	Raon feidhme na dtáirgí a chumhdaítear/nach gcumhdaítear
Athrú datha	Athrú datha, $\Delta E \leq 4$	Níl sé infheidhme maidir le prímeálaigh nó cótaí idirmheánacha i gcórais brataithe feidhmíochta ná maidir le córais brataithe feidhmíochta thrédhearcacha nó leath-thrédhearcacha
Laghdú ar an lonrach	$\leq$ laghdú 30 % i gcomparáid leis an luach tosaigh	Níl sé infheidhme maidir le bratuithe feidhmíochta a bhfuil luach lonrach tosaigh < 60 % acu ag uillinn ionsaithe 60°
Cailcíniú	Scór ≤ 2	Níl sé infheidhme ach amháin maidir le cótaí bailchríche nó leis an gcóras brataithe lánfeidhmíochta a úsáidtear ar shubstráití saoirseachta, adhmaid agus miotail amuigh faoin aer.
Calógú	Dlús calógach: ≤ 2 Méid na calóige: ≤ 2	
Scoilteadh	Cainníocht scoilte: ≤ 2 Méid an scoilte: ≤ 3	
Clogadh	Dlús clogtha: ≤ 3 Méid an chlogtha: ≤ 3	

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. I gcás aon bhratú feidhmíochta amuigh faoin aer a áirítear ina iarratas ar cheadúnas, soláthróidh an t-iarratasóir cóipeanna de thuarascálacha tástála sonraítear an modh tástála síonchaitheimh a úsáideadh (atá i gcomhréir le caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta) agus soláthróidh sé torthaí ar athruithe ar airíonna tar éis an tsíonchaitheimh, de réir mar is infheidhme.

2(g) Frithsheasmhacht in aghaidh creimthe

Tabhair faoi deara: Níl feidhm ag an gcritéar seo ach amháin maidir le bratuithe feidhmíochta frithchreimthe agus táirgí gaolmhara.

Nochtfar prímeálaigh frithchreimthe nó córais brataithe do struschreimeadh ionsamhlaithe ar na substráití miotalacha agus ar na timpeallachtaí úsáide (mar shampla, C2, C3, C4 nó C5 de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta) a moltar iad a úsáid ina leith. An struschreimeadh a chuirtear i bhfeidhm sa tástáil, comhfhreagróidh siad don leibhéal 'ard' do gach catagóir, arb é seo a leanas é:

Tábla 4

Ceanglais maidir le tástáil frithsheasmhachta creimthe le haghaidh prímeálaigh frithchreimthe agus córais brataithe feidhmíochta de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta

Catagóir na creimneachta	Córas tástála 1		Córas tástála 2
	Comhdhlúthú uisce, uaireanta an chloig	Sprae salainn neodrach, uaireanta an chloig	Iarscríbhinn B (tástáil aosaithe timthriallaigh, uaireanta an chloig)
C2 (ard)	120	-	-
C3 (ard)	240	480	-
C4 (ard)	480	720	-
C5 (ard)	720	1 440	1 680

Tar éis nochta, déanfar scrúdú ar na dromchlaí brataithe agus gheofar amach go gcomhlíonann siad na ceanglais seo a leanas:

- Rátáil 3 nó níos fearr (i.e. 0, 1 nó 2) do mhéid na gclog de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.
- Rátáil 3 nó níos fearr (i.e. 0, 1 nó 2) do chainníocht na gclog de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.
- Rátáil Ri2 nó níos fearr (i.e. Ri0 nó Ri1) le haghaidh leibhéal meirgithe de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. Beidh cóipeanna de thuarascálacha tástála de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta mar thaca le haon dearbhú comhlíontachta.

2(h) Éiceatocsaineacht

Tabhair faoi deara nach bhfuil feidhm ag an gcritéar seo ach amháin maidir le córais brataithe feidhmíochta frithchreimthe nó uisce dhíonta a mhargaítear lena n-úsáid i dtimpeallachtaí amuigh faoin aer. I gcás tacar táirgí gaolmhara, ní gá ach an táirge cás is measa a thástáil. Ba cheart an táirge cás is measa a roghnú bunaithe ar chainníocht mheasta iomlán na gcomhábhar aicmithe H400 agus H410/H412 atá i láthair.

Déanfar éiceatocsaineacht a thomhas trí thástáil a dhéanamh ar éiceatocsaineacht na hionnláite a fhaightear ón teagmháil leis an uisce a dhéanann an dá phláta gloine atá brataithe leis an gcóras brataithe iomlán, lena n-áirítear aon chótaí prímeálaigh, fochótaí, cótaí idirmheánacha agus cótaí bailchríche. Is é seo a leanas an nós imeachta tástála:

- Dhá phláta gloine a ullmhú le dromchlaí garbhaithe agus an bratú a chur ar na plátaí i gcomhréir le teoracha an mhonaróra. Beidh achar dromchla brataithe idir 250 agus 500 cm² ag gach pláta. Cinntigh nach ngobann an tsraith phrímeálaigh amach ón tsraith bhailchríche.
- I gcomhthreo leis sin, ullmhaigh turgnamh dall i gcás nach bhfuil na plátaí gloine garbhaithe brataithe ar chor ar bith ach go ndéantar iad a chóireáil agus a thástáil ar an mbealach céanna le haghaidh an nós imeachta brataithe.
- Lig don bhratú leasú a dhéanamh air agus é a réamhchóiriú ar feadh tréimhse 72 uair an chloig ag teocht 19 go 25 °C agus bogthaise choibhneasta 40 go 60 %.
- Eisionnail an bratú ar na plátaí gloine (agus samplaí rialaithe dall) i gcomhréir le caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta ar feadh 24 uair an chloig (mura gclóinn an prímeálach leis an dromchla nó má scoireann an bratú den dromchla le linn na tástála láiste, ba cheart don mhonaróir agus don institiúid tástála teacht ar chomhaontú maidir le dromchla eile atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de in ionad plátaí gloine a bhfuil dromchla garbh orthu).

- Beidh an cóimheas idir toirt an uisce agus achar dromchla brataithe an eiseamail tástála idir 25 agus 30 l/m. Úsáidfeadh soitheach oiriúnach ionas gur féidir leis an leibhéal uisce fanacht 20 mm ar a laghad os cionn dhromchla uachtarach an eiseamail tástála.
- Déan an pH, seoltacht agus, go roghnach, carbón orgánach tuaslagtha a thomhas sula gcuirtear tús leis na tástálacha éiceatocsaineachta, a shainítear i dTábla 5 thíos mar aon lena gceanglais phasála.

Tábla 5

Tástáil agus ceanglais éiceatocsaineachta

Speiceas tástála	Críochphointe	Ceanglas
Baictéir lonracha (<i>Vibrio fischeri</i>)	Solas	$G_L \leq 8$
Algaí (<i>Raphidocelis subcapitata</i> /Desmodesmus subspicatus)	Fás	$G_A \leq 4$
tástáil umu	Géineatocsaineacht	$G_{EU} \leq 1,5$

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. Beidh cóipeanna de thuarascálacha tástála de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta mar thaca le haon dearbhú comhlíontachta.

Crítéar 3. Cion Comhdhúile Soghalaithe agus Leath-shoghalaithe Orgánacha (CSOnna, CLSOnna)

Ní sháróidh an t-uaschion de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha (CSOnna) agus de chomhdhúile leath-shoghalaithe orgánacha (CLSOnna) na teorainneacha a thugtar i dTábla 6.

Cinnfear cion na CSOnna agus na CLSOnna don táirge réidh le húsáid agus áireofar ann aon bhreiseanna a mholtar sula n-úsáidfeadh iad amhail datháin agus/nó caolaitheoirí.

Tábla 6

Teorainn ar chion CSO agus CLSO

Teorainn ar chion CSO agus CLSO		
Tuairisc ar an táirge (le léiriú fochatagóire de réir Threoir 2004/42/CE)	Teorainneacha CSO (g/l den táirge réidh le húsáid)	Teorainneacha CLSO (g/l den táirge réidh le húsáid)
i. Táirgí brataithe feidhmíochta aonphaca a luaitear in Airteagal 2(1), lena n-áirítear bratuithe uiscédhíonta ach gan bratuithe frithchreimthe a áireamh	65	45 ⁽¹⁾ / 55 ⁽²⁾
j. Táirgí brataithe feidhmíochta imoibríche ilphaca a luaitear in Airteagal 2(1), lena n-áirítear bratuithe uiscédhíonta ach gan bratuithe frithchreimthe a áireamh	65	45
(cuid de i nó j) Táirgí brataithe frithchreimthe agus prímeálaigh	65	50

⁽¹⁾ Tá feidhm ag teorainn CLSO maidir le péinteanna bána agus vearnaisí faoi dhíon

⁽²⁾ Tá feidhm ag teorainn CLSO maidir le péinteanna imrithe faoi dhíon/péinteanna amuigh faoin aer agus vearnaisí

⁽³⁾ Ciallaíonn 'comhdhúile soghalaithe orgánacha (CSO)' aon chomhdhúile orgánacha a bhfuil fiuchphointe tosaigh níos lú ná na n-achar le 250 °C acu arna thomhas ag brú caighdeánach 101.3 kPa

⁽⁴⁾ ciallaíonn 'comhdhúile leath-shoghalaithe orgánacha (CLSOnna)' aon chomhdhúil orgánach a bhfuil fiuchphointe níos mó ná 250 °C agus níos lú ná 370 °C aici, arna thomhas ag brú caighdeánach 101.3 kPa

Cinnfear an cion CSO trí ríomh bunaithe ar na comhábhair agus na hamhábhair nó trí úsáid a bhaint as na modhanna a thugtar i gcaighdeán ábhartha Eorpach nó idirnáisiúnta. Cinnfear an cion CLSO trí úsáid a bhaint as an modh a thugtar i gcaighdeán ábhartha Eorpach nó idirnáisiúnta. I gcás táirgí a úsáidtear faoi dhíon agus amuigh faoin aer araon, is é an teorainnluach CLSO is déine le haghaidh péinteanna agus vearnaisí faoi dhíon a bheidh i réim.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh arna thacú ag ríomhanna chion CSO agus CLSO bunaithe ar na comhábhair agus na hamhábhair a úsáidtear sa táirge réidh le húsáid. De rogha air sin, déanfar cion CSO agus CLSO an táirge réidh le húsáid a chur in iúl trí thuarascáil tástála ionadaíoch nó trí thuarascálacha ionadaíocha trí úsáid a bhaint as na modhanna a thugtar sna caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta ábhartha, de réir mar is iomchuí, agus léireofar leis na torthaí go bhfuil na teorainneacha ábhartha á gcomhlíonadh.

Critéar 4. Substaintí guaiseacha agus meascáin ghuaiseacha a shrianadh

Tabhair faoi deara: Tá feidhm ag na fo-chritéir seo maidir le foirmliú an táirge deiridh agus maidir le haon chomhábhar a sholáthraítear ann.

4.1. Srianata ar shubstaintí ar ábhar mór imní iad

Ní bheidh substaintí isteach a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 in ullmhóid an táirge deiridh ná in aon chomhpháirt sa táirge a soláthraíodh, ar substaintí isteach iad a sainaitníodh de réir an nós imeachta a thuairiscítear in Airteagal 59 den Rialachán sin agus a áirítear ar an liosta substaintí inbhreithnithe le haghaidh údarú ar ábhar mór imní iad.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú sínithe nach bhfuil aon substaintí ar ábhar mór imní iad mar shubstaintí isteach i bhfoirmliú an táirge deiridh ná in aon chomhábhar a sholáthraítear ann. Tacófar leis an dearbhú is iarratasóir le bileoga sonraí sábháilteachta na gcomhábhar uile a soláthraíodh agus a úsáideadh chun an táirge deiridh a tháirgeadh agus dearbhuithe ó na soláthróirí ceimiceán.

Is féidir liosta substaintí a shainaithnítear mar shubstaintí ar ábhar mór imní iad agus a áirítear sa liosta substaintí inbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a fháil anseo:

<https://www.echa.europa.eu/candidate-list-table>

Déanfar tagairt don liosta ar an dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar Éicilipéad an AE.

I gcás aon leibhéal eisíontais aitheanta sa chomhtháirge a shainaithnítear mar shubstaintí ar ábhar mór imní iad, úsáidfear tiúchan an eisíontais agus fachtóir coinneála toimhdithe de 100 % chun meastachán a dhéanamh ar chainníocht an eisíontais ar ábhar mór imní é in ullmhóid an táirge deiridh. Ní féidir eisíontais ar ábhar mór imní iad a bheith i bhfoirmliú an táirge péinte nó vearnaíse os cionn 0,0100 % w/w nó in aon chomhábhar aonair i dtiúcháint os cionn 0,100 % w/w. Ní mór údair leordhóthanacha a bheith mar thaca le haon chlaonadh ó fhachtóir coinneála 100 % le haghaidh eisíontas ar údar mór imní é (mar shampla, mar gheall ar ghalú tuaslagóirí) nó i gcás modhnú ceimiceach.

4.2. Srianata ginearálta bunaithe ar aicmithe de réir aicmithe guaise sonraí a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.**(a) Foirmliú an táirge deiridh**

Ní aicmeofar foirmliú an táirge deiridh mar shubstaint atá carcanaigineach, só-ghineach, tocsaineach don atáirgeadh, géarthocsaineach, guais asúite, tocsaineach sain-spríocorgáin, íogróir riospráide nó craicinn, guaiseach don chomhshaoil uisceach, guaiseach don chiseal ózóin, ina suaiteoir inchríneach, marthanach, bithcharnach agus tocsaineach nó marthanach, soghluaiste agus tocsaineach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus go sonrach i dtéarmaí na gcód ráitis guaise a luaitear i dTábla 7. Is é aicmiú H412 agus H413 an t-aon eisceacht a cheadófar maidir leis an riail seo, agus ní cheadófar sin ach amháin más rud é, de bharr leibhéil leasaitheach tirimsceo i gcás péinteanna nó vearnaisí amuigh faoin aer.

(b) Substaintí isteach

Ach amháin má mhaolaítear é i dTábla 8, ní bheidh aon substaint isteach i bhfoirmliú an táirge deiridh i dtiúchan is mó ná 0,010 % méachain de réir meáchain d'fhoirmliú an táirge deiridh atá aicmithe, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, le haon cheann de na haicmí nó catagóirí guaise agus de na cóid ráitis guaise lena mbaineann a luaitear i dTábla 7.

Tábla 7

Aicmí guaise, catagóirí, cóid agus ráitis guaise lena mbaineann a shriantar

Carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR)	
Catagóirí 1A agus 1B	Catagóir 2
H340: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le héalanga géiniteacha	H341: Ceaptar go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le héalanga géiniteacha
H350: D'fhéadfadh a bheith ina chúis le hailse	H351: Ceaptar go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le hailse
H350i: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le hailse trí ionanálú	
H360: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht nó don leanbh sa bhroinn	H361: Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht nó don leanbh sa bhroinn
H360F: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht	H361f: Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht
H360D: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn	H361d: Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn
H360FD: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht. D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn	H361fd: Meastar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht. Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn
H360Fd: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht. Meastar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn.	H362: D'fhéadfadh sé díobháil a dhéanamh do leanaí diúil
H360Df: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn. Meastar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht.	
Géarthocsaineacht	
Catagóirí 1 agus 2	Catagóir 3
H300: Marfach má shlogtar	H301: Tocsaineach má shlogtar
H310: Marfach i dteagmháil leis an gcraiceann	H311: Tocsaineach i dteagmháil leis an gcraiceann
H330: Marfach má ionanálaítear	H331: Tocsaineach má ionanálaítear
	EUH070: Tocsaineach trí theagmháil leis an tsúil
Guais asúite	
Catagóir 1	
H304: D'fhéadfadh sé a bheith marfach má shlogtar é agus má théann sé isteach sna haerbhealaí	
Tocsaineacht sain-spriocorgáin	
Catagóir 1	Catagóir 2
H370: Déanann damáiste d'orgáin	H371: D'fhéadfadh damáiste a dhéanamh d'orgáin
H372: Déanann damáiste d'orgáin trí nochtadh fada nó ilnochtadh	H373: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh d'orgáin trí nochtadh fada nó ilnochtadh
Íogru riospráide nó craicinn	
Catagóir 1, 1A agus 1B	
H317: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomh ailléirgeach craicinn	
H334: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le siomptóim ailléirge nó asma nó le deacrachtaí anáilthe má ionanálaítear é	
Guaiseach don chomhshaol uisceach	
Catagóirí 1 agus 2	Catagóirí 3 agus 4
H400: An-tocsaineach don saol uisceach	H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha

Carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR)	
Catagóirí 1A agus 1B	Catagóir 2
H410: An-tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha	H413: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le héifeachtaí fadtréimhseacha díobhálacha ar an saol uisceach
H411: Tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha	
Guaiseach don chiseal ózóin	
H420: Déanann díobháil don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol trí ózóin san atmaisféar uachtarach a scriosadh	
Suaiteoirí inchríneacha maidir le sláinte an duine agus an chomhshaoil	
Catagóir 1	Catagóir 2
EUH380: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le suaithheadh inchríneach sa duine	EUH381: Ceaptar go bhfuil sé ina chúis le suaithheadh inchríneach sa duine
EUH430: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le suaithheadh inchríneach sa chomhshaol	EUH431: Ceaptar go bhfuil sé ina chúis le suaithheadh inchríneach sa chomhshaol.
Marthanach, bithcharnach agus tocsaineach	
MBT	an-mharthanach agus an-bithcharnach
EUH440: Carnann sa chomhshaol agus in orgánaigh bheo lena n-áirítear sa duine	EUH441: Carnann go mór sa chomhshaol agus in orgánaigh bheo lena n-áirítear sa duine
Marthanach, Soghluaiste agus Tocsaineach (PMT)	
PMT	an-mharthanach agus an-soghluaiste
EUH450: D'fhéadfadh truailliú idirleata fadtéarmach ar acmhainní uisce a bheith mar thoradh ar an tsubstaint	EUH451: D'fhéadfadh truailliú idirleata an-fhadtéarmach ar acmhainní uisce a bheith mar thoradh ar an tsubstaint

Diólmhófar ón gceanglas thuas úsáid na substaintí a mhodhnaítear go ceimiceach le linn an phróisis táirgthe ionas nach mbeidh feidhm a thuilleadh le haon ghuais ábhartha arb ina leith a aicmíodh an tsubstaint faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

Ní bheidh feidhm ag an gcritéar seo maidir le substaintí isteach a chumhdaítear faoi phointí (a) agus (b) d'Airteagal 2(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, lena leagtar amach critéir chun substaintí laistigh d'Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin a dhíolmhú ó na ceanglais maidir le clárú, úsáideoirí iarteachtacha agus meastóireacht.

Tábla 8

Maoluithe ar shrianta ar shubstaintí isteach a aicmítear le ceann amháin nó níos mó de na guaiseacha srianta a liostaítear i dTábla 7 agus atá i láthair i dtiúchan is mó ná 0,010 % (meáchan de réir meáchain) d'fhoirmliú an táirge deiridh.

Cineál substainte, ainm substainte agus uimhir CAS	Cód/cóid ghuaise mhaolaithe	Coinníollacha an mhaolaithe
Leasaithe agus cobhsaitheoirí leasaitheacha		
Nóta maidir le leasaithe: ní mór do sholáthróirí gach leasaitheach a chuirtear le comhábhair a dhearbhu agus ní mór don táirgeoir péinte nó vearnaíse gach leasaitheach a chuirtear go díreach le foirmliú an táirge deiridh a dhearbhu. Is iad na cineálacha leasaitheach a cheadaítear i gcomhábhair agus sa táirge deiridh, agus na cineálacha leasaitheach sin amháin, na cinn a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. I gcás táirgí deiridh de thionscnamh an Aontais, meabhraítear nach leor na substaintí gníomhacha atá sa táirge leasaitheach a fhormheas faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás		

Cineál substainte, ainm substainte agus uimhir CAS	Cód/cóid ghuaise mhaolaithe	Coinníollacha an mhaolaithe
chineál táirge 6 (PT6) (leasaitheach sa channa) nó chineál táirge 7 (PT7) (leasaitheach tirimsceo), ach ní mór an táirge leasaitheach a údarú faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 le haghaidh PT6 nó PT7 nó a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir leis na bearta idirthréimhseacha a leagtar amach in Airteagal 89(2) den Rialachán sin. Beidh feidhm ag na teorainneacha iomlána comhcheangailte le haghaidh leasaitheach PT6 agus PT7 maidir leis na catagóirí táirgí seo a leanas: — I gcás táirgí faoi dhíon: suas le 0,080 % meáchan de réir meáchain PT6 sa táirge deiridh. — I gcás imireacha datha a úsáidtear i gcórais imrithe: suas le 0,20 % meáchan de réir meáchain PT6 san imir dhaite. — I gcás táirgí faoi dhíon a mhargaítear lena n-úsáid i limistéir ard-bhogthaise: suas le 0,080 % meáchan de réir meáchain PT6 agus suas le 0,10 % meáchan de réir meáchain PT7 sa táirge deiridh. — I gcás táirgí amuigh faoin aer: suas le 0,080 % meáchan de réir meáchain PT6 agus suas le 0,50 % meáchan de réir meáchain PT7 sa táirge deiridh. Ach amháin i gcás imreacha datha, tuigfear go dtagraíonn gach tagairt do thiúchan/teorainneacha/leibhéil leasaitheacha sa roinn 'Leasaitheach agus cobhsaitheoirí leasaitheacha' do na substaintí gníomhacha leasaitheacha atá i bhfoirmliú an táirge deiridh. Aon leasaitheach nach féidir a bheith i láthair i bhfoirmliú an táirge deiridh ag tiúchan is mó ná 0,010 %, mar gheall ar shainteorainneacha tiúchana níos ísle ná 0,010 % lena n-aicmeofaí an táirge deiridh le guais maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta, ní luaitear iad sa tábla maolaithe thíos toisc nach féidir iad a úsáid i dtiúchan is mó ná 0,010 % ar an gcéad dul síos agus nach gá maolú a dhéanamh orthu dá bhrí sin. Ní thugann sé sin le tuiscint nach féidir iad a úsáid mar shubstaintí isteach i dtáirgí Éicilipéad an AE ar aon leibhéal. Mura n-eisiatar go sainráite iad i bhfo-chritéar 4.3, féadfar leasaitheach den sórt sin a úsáid fad a bheidh sé ar leibhéal faoi bhun aon sainteorainneacha tiúchana a spreagfadh aicmiú maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta d'fhoirmliú an táirge deiridh.		
Leasaitheach sa channa (PT6) in imireacha datha nó i dtáirge deiridh:	H301, H311, H317, H330, H331, H372, H373, H400, H410, H411, H412, H413	(*) Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní mór lánúim na leasaitheach sa channa PT6 uile (iad sin atá maolaithe lena n-úsáid os cionn 0,010 % móide iad siúd atá neamh-mhaolaithe ach a úsáidtear i leibhéil < 0,010 %) a bheith laistigh de na teorainneacha ábhartha a shainítear sa nóta thuas. Nuair a úsáidtear leasaitheach ar deontóirí formaildéid iad, ní mór na teorainneacha ábhartha maidir le formaildéad saor i bhfoirmliú an táirge deiridh a leagtar amach i bhfo-chritéar 4.3(l) a urramú. Beidh feidhm ag teorainneacha sonracha tiúchana (% meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh) maidir leis na substaintí maolaithe a liostaítear thíos: — Brónopól (Uimh. CAS 52-51-7): suas le 0,030 %. — DBNPA (Uimh. CAS 10222-01-2): suas le 0,030 %. — Piritiún shóidiam (Uimh. CAS 3811-73-2): suas le 0,030 %. — BIT (Uimh. CAS 2634-33-5): suas le 0,036 %. — Isitiasóilíonóin iomlána agus scaoilteoirí isitiasóilíonóin iomlána chomhcheangailte (iad sin atá maolaithe lena n-úsáid os cionn 0,010 % móide iad siúd atá neamh-mhaolaithe ach a úsáidtear i leibhéil < 0,010 %): suas le 0,040 % i bhfoirmliú an táirge deiridh. — Dé-aimín (Uimh. CAS 2372-82-9): suas le 0,050 %.
Leasaitheach thirimsceo (PT7):	H311, H317, H330, H331, H372, H373, H400, H410, H411, H412 agus H413	(*) Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Níl feidhm aige ach amháin maidir le táirgí amuigh faoin aer agus táirgí faoi dhíon lena n-úsáid i limistéir ard-bhogthaise. Ní mór lánúim na leasaitheach thirimsceo PT7 uile (iad siúd atá maolaithe lena n-úsáid os cionn 0,010 % móide iad siúd atá neamh-mhaolaithe ach a úsáidtear i leibhéil < 0,010 %) a bheith laistigh de na teorainneacha ábhartha a shainítear sa nóta thuas.

Cineál substainte, ainm substainte agus uimhir CAS	Cód/cóid ghuaise mhaolaithe	Coinníollacha an mhaolaithe
		I gcás scaoileadh mall, foirmeacha imchochlaithe leasaitheach tirimsceo, ba cheart aicmiú sonrach an táirge deiridh, nó foirmlithe an chros-eachtarshuímh, dearbh-tiúchan na gcomhábhar guaiseach (i.e. gan capsúl) a mheas. Ní féidir an táirge deiridh nó foirmlíú an chros-eachtarshuímh a aicmiú le haon cheann de na guaiseacha a liostaítear i dTábla 7. Ní mór aon leasaitheach tirimsceo atá aicmithe mar H400 nó H410 a bheith neamh-bhithcharnach, arna léiriú le comhéifeacht ochtanóil-uisce (Loga Kow) ≤ 3.2 nó le fachtóir bitíuchana (BCF) ≤ 100 .
Cobhsaitheoir leasaitheach: Ocsaíd since (Uimh. CAS 1314-13-2)	H400, H410	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Is ceadmhach é a úsáid mar chobhsaitheoir leasaitheach, suas le 0,040 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlíú an táirge deiridh, nuair a úsáidtear é chun teaglamaí de leasaitheach sa channa nó thirimsceo a chobhsú, ar teaglamaí iad a éilíonn 1,2-Beinsisítiasól-3(2H)-ón (BIT).

Oibreáin thriomaithe agus fhrithchraicinn

Oibreáin fhrithchraicinn	H317, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní rachaidh lánsuim an oibreáin fhrithchraicinn thar 0,40 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlíú an táirge deiridh.
Triomadóirí	H301, H317, H373, H400†, H410†, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní rachaidh lánsuim triomadóirí thar 0,10 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlíú an táirge deiridh. † Níl feidhm ag an maolú le haghaidh H400 agus H410 ach amháin maidir le comhdhúile triomadóra cóbailt-bhunaithe agus ní féidir comhdhúile den sórt sin a úsáid ach suas le 0,050 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlíú an táirge deiridh.

Líocha agus breiseáin líocha

Trímheitolólprópán (Uimh. CAS 77-99-6)	H361fd	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Nuair a úsáidtear é mar bhreiseán i líocha a sholáthraítear agus nach mó ná 0,50 % meáchan de réir meáchain sa lí arna soláthar, agus sa chás sin amháin.
---	--------	---

Tátháin agus easráin pholaiméirí

Tátháin agus oibreáin trasnaisc: Déhiodraisíd aigéid adaipigh (Uimh. CAS 1071-93-8)	H317, H411	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 1.0 % meáchan de réir meáchain sa táthán nó sa chomhábhar easráin polaiméire agus nuair a úsáidtear é mar thionscnóir greamaitheachta nó mar oibreán trasnaisc.
Monaiméirí neamh-imoibrithe (i dtátháin)	H301, H304, H311, H317, H331, H334, H372, H400, H410, H411, H412	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní rachaidh lánsuim na monaiméirí neamh-imoibrithe a bhfuil an maolú sin de dhíth orthu thar 0,050 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlíú an táirge deiridh.

Cineál substainte, ainm substainte agus uimhir CAS	Cód/cóid ghuaise mhaolaithe	Coinníollacha an mhaolaithe
Eile, ilghnéitheach		
Meatánól (Uimh. CAS 67-56-1)	H301, H311, H331, H370	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear é ach mar tháirge imoibriúcháin iarmharaigh de shubstaintí eile i bhfoirmliú an táirge. Tagann méadú ar an tiúchan iarmharach incheadaithe mar fheidhm de chion an tátháin ar an mbealach seo a leanas: — Cion tátháin 10-20 %: is é 0,020 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh an meatánól iarmharach incheadaithe. — Cion tátháin 20-40 %: is é 0,030 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh an meatánól iarmharach incheadaithe. — Cion tátháin > 40 %: is é 0,050 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh an meatánól iarmharach incheadaithe.
Amhábhair mhianracha, lena n-áirítear líonaigh, oibreáin frith-shilte agus oibreáin mhatra	H372, H373	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Níl feidhm aige ach amháin maidir le hamhábhair mhianracha agus mianraí leocaifillíte ina bhfuil sílice chriostalta go nádúrtha. Ní cheadaítear ach méid suas le 1.0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh le haghaidh ábhair H372 nó suas le 10 % d'ábhair H373. I gcásanna ina soláthraítear an t-ábhar i bhfoirm púdair thirim, léireoidh an t-iarratasóir go bhfuil córais i bhfeidhm aige chun nochtadh oibrithe do phúdar tirim san áit oibre a íoslaghdú (mar shampla, córais dúnta dailte, limistéir dailte aeráilte agus mheasctha agus trealamh cosanta pearsanta).
Oibreán neodríocháin	H301, H311, H331, H400, H410, H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 1,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú vearnaise, agus suas le 0,50 % i ngach táirge eile.
Lonraitheoirí optúla	H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 0,10 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh.
Roisín sileacóin	H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 2,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh.
Tuaslagóirí	H304	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 2,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh.
Dromchlaghníomhaithe	H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 1,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú táirgí trédhearcacha, leath-thrédhearcacha, bána nó geala nó suas le 3,0 % meáchan de réir meáchain i ngach dath eile.
Cobhsaitheoirí ultraivialait	H317, H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Níl sé infheidhme ach amháin maidir le táirgí amuigh faoin aer agus suas le 0,60 % meáchan de réir meáchain amháin i bhfoirmliú an táirge deiridh.

(*) Coinníoll maidir le maolú cothrománach: ní cheadófar aon cheann de na maoluithe thuas, ina n-aonar nó i dteaglaím, más é an toradh atá orthu go n-aicmítear foirmliú an táirge deiridh le haon cheann de na guaiseacha a shainítear i dTábla 7, cé is moite de H412 agus H413 go háirithe i gcás táirgí amuigh faoin aer mar gheall ar leasaitheoirí thirimsceo a bheith i láthair.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú sínithe maidir le comhlíonadh fhoichritéar 4.2, lena n-áirítear comhlíonadh aon choinníollacha ábhartha maidir le maolú, a mbeidh dearbhuithe ó sholáthróirí agus aon doiciméadacht ábhartha eile mar thaca leis.

Déanfar liosta de na substaintí isteach go léir ag a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na guaiseacha maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta a ríomhtar a bheith i láthair i bhfoirmliú an táirge deiridh i dtiúchan is mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain, in éineacht lena n-uimhreacha CAS, a stádas aicmithe maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (i.e. iontráil chomhchuibhithe, iontráil chomhpháirteach nó féin-iontrálacha amháin) feidhm ábhartha na substainte isteach (mar shampla, leasaitheach sa channa, triomadóir, lí, oibreáin neodrácháin, dromchlaghníomhaithe, cobhsaitheoir UV etc.). Déanfar ríomhanna le haghaidh tiúchaintí substainte isteach i bhfoirmliú an táirge deiridh a bhunú ar an méid seo a leanas:

- liosta de na comhábhair, ceimiceáin nó amhábhair uile a úsáidtear chun foirmliú an táirge deiridh a dhéanamh;
- scagadh comhábhar, ceimiceán nó amhábhar le haghaidh na substaintí isteach sin agus eisíontais aitheanta le haon cheann de ghuaiseacha maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta ag Éicilipéad an AE;
- tiúchan aon substaintí isteach atá scagtha agus eisíontas aitheanta le guaiseacha maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta ag Éicilipéad an AE sna comhábhair, sna ceimiceáin nó sna hamhábhair a úsáidtear san fhormáid a sholáthraítear;
- meáchan gach ceann de na comhábhair, ceimiceáin nó amhábhair a cuireadh leis chun meáchan aitheanta d'fhoirmliú an táirge deiridh a dhéanamh.

Ní dhéileálfar le heisíontais aitheanta mar shubstaintí isteach ach amháin má nochtar leis an gcleachtadh scagtha go mbeidh a gcion i bhfoirmliú an táirge deiridh níos mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain nó go mbeidh a gcion i gcomhábhar níos mó ná 0,100 % meáchan de réir meáchain. Ní dhéanfar eisíontais atá ar eolas faoi na tairseacha sin a áireamh sna ríomhanna.

Glacfar leis, mar réamhshocrú, go gcoinnítear 100 % d'aon substaintí isteach atá scagtha sa táirge deiridh. Soláthrófar údair le haghaidh aon chlaonadh ó fhachtóir coinneála 100 % le linn próiseála (mar shampla, galú tuaslagóirí) nó le haghaidh modhnú ceimiceach substainte scagtha isteach. Substaintí arb eol go scaoiltear iad ó shubstaintí isteach nó go n-easraíonn siad as na substaintí isteach agus iad ag díghrádú, meastar gur substaintí isteach iad seachas eisíontais.

I gcás aon substaintí isteach scagtha atá fágtha i bhfoirmliú an táirge deiridh i dtiúchaintí is mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain, ach atá díolmhaithe ó fho-chritéar 4.2 (féach Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006), is leor dearbhú maidir leis an méid sin ón iarratasóir le haghaidh na substaintí sin.

Ós rud é gur féidir roinnt táirgí nó táirgí ionchasacha (mar shampla, imireacha saincheaptha ó chóras imrithe) ina n-úsáidtear na comhábhair, ceimiceáin nó amhábhair chéanna a chumhdach le ceadúnas Éicilipéad an AE amháin, d'fhéadfadh ríomh an cháis is measa a bheith inghlactha le haghaidh gach substainte isteach scagtha laistigh de thacar coiteann táirgí gaolmhara a chumhdaítear leis an gceadúnas céanna.

Maidir le faisnéis a iarrtar ar sholáthróirí a d'fhéadfadh a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de, is féidir fianaise ó sholáthróirí a sholáthar go díreach do chomhlachtaí inniúla freisin gan gá sonraí áirithe a sholáthar don iarratasóir.

4.3. Srianta sonracha maidir le substaintí guaiseacha le haghaidh substaintí isteach.

Ach amháin má mhaolaítear iad i bhfoichritéar 4.2, ní áireofar na substaintí a shonraítear thíos mar shubstaintí isteach sa táirge deiridh ná mar shubstaintí isteach sna comhábhair a úsáidtear chun an táirge deiridh a dhéanamh:

- (a) Leasaitheach nó triomadóirí atá aicmithe mar shubstaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh.
- (b) Substaintí a aicmítear mar shuaitheadh inchríneach maidir le sláinte an duine nó maidir leis an gcomhshaol de chatagóir 1 nó de chatagóir 2 i gcomhréir leis an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú (CE) 1272/2008, substaintí a áirítear ar an liosta substaintí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) de Rialachán REACH (CE) 1907/2006 mar shubstaintí a bhfuil airíonna suaite inchrínigh acu do shláinte an duine nó don chomhshaol, substaintí a shainnithnítear mar shubstaintí a bhfuil airíonna suaite inchrínigh acu i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 nó Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cé is moite de DBNPA (Uimh. CAS 10222-01-2) nuair a úsáidtear iad mar leasaitheach sa channa.

- (c) Substaintí a aicmítear mar shubstaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha nó an-mharthanach agus an-bhithcharnach don chomhshaol agus d'orgánaigh bheo lena n-áirítear i ndaoine i gcomhréir leis an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú (CE) 1272/2008, substaintí a áirítear sa liosta substaintí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) de Rialachán REACH (CE) 1907/2006 mar shubstaintí a bhfuil airíonna marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha nó an-mharthanach agus an-bhithcharnach acu don chomhshaol agus d'orgánaigh bheo lena n-áirítear i ndaoine, substaintí a shainaithnítear mar shubstaintí a bhfuil airíonna atá marthanach, bithcharnach agus tocsaineach nó an-mharthanach agus an-bhithcharnach acu don chomhshaol agus d'orgánaigh bheo lena n-áirítear i ndaoine i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 nó Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (d) Substaintí a aicmítear mar shubstaintí atá marthanach, soghluaiste agus tocsaineach nó an-mharthanach agus an-soghluaiste i gcomhréir leis an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú (CE) 1272/2008, substaintí a áirítear ar an liosta substaintí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) de Rialachán REACH (CE) 1907/2006 mar shubstaintí a bhfuil airíonna marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha nó an-mharthanach agus an-soghluaiste acu.
- (e) Ailcilfeanóil, eatocsaláití ailcilfeanóil agus a ndíorthaigh, dá dtagraítear in iontráil 43 d'Iarscríbhinn XIV nó in iontráil 46 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) 1907/2006.
- (f) Comhdhúile sárfluarailcile agus polafluorailcile (PFAS), mar a shainmhínítear in Airteagal 4(42).
- (g) Taláití.
- (h) Comhdhúile orgánastáin.
- (i) Substaintí cumhráin atá toirmisce nó srianta i dtáirgí cosmaideacha agus a liostaítear in Iarscríbhinní II nó III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009.
- (j) Bisfeanóil a shainaithin ECHA ina thuarascáil um Measúnú ar Riachtanais Rialála 2021 maidir le Bisfeanóil le haghaidh bainistiú riosca rialála breise san Aontas ar suaiteoirí inchríneacha iad don chomhshaol nó do shláinte an duine, nó ar suaiteoirí inchríneacha iad a d'fhéadfadh a bheith ann, nó ar féidir iad a shainaithint mar shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh.
- (k) Ní bheidh líocha a úsáidtear bunaithe ar chaidmiam, luaidhe, cróimiam (VI), mearcair, arsanaic, seiléniam, antamón ná cóbalt. Ní bheidh na heisíontais seo a leanas ó aon líocha a úsáidtear i láthair i bhfoirmlíú an táirge deiridh i gcainníochtaí is mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain (in aghaidh an mhiotail): Caidmiam, luaidhe, cróimiam (VI), mearcair, arsanaic, seiléniam, antamón ná cóbalt. Is iad seo a leanas an t-aon eisceacht ar úsáid lí agus ar an teorainn 0,010 % d'eisíontais:
 - Cóbalt: mar gheall ar úsáid spinéal gorm alúmanáite cóbailt (Uimh. CAS 1345-16-0) agus líocha spinéil gormghlasa cróimíte cóbailt (Uimh. CAS 68187-11-1).
 - Antamón: mar gheall ar úsáid líocha bunaithe ar nicil antamóin laistigh de laitís TiO₂ dothuaslachta.
- (l) Ní chuirfear formaildéad saor leis an táirge deiridh d'aon ghnó. Déanfar an táirge deiridh a thástáil chun a chion d'fhormaildéad saor a chinneadh. Roghnófar samplaí cás is measa le haghaidh tástála maidir le gach tacar táirgí gaolmhara, bunaithe ar an táirge a thuartar go bhfuil an méid teoiriciúil is airde de chion formaildéid aige. Faoi na coinníollacha a shainítear thíos, ceadófar lánsum na dteorainneacha seo a leanas maidir le formaildéad saor:
 - Ceadáítear suas le 0,0010 % meáchan de réir meáchain nuair a cheanglaítear brónapól nó leasaithe ar deontóirí formaildéid iad mar leasaitheach sa channa chun cineál sonrath péinte nó vearnaíse a chosaint
 - Ceadáítear suas le 0,010 % meáchan de réir meáchain nuair a sholáthraíonn easráin pholaiméire (tátháin), trí leibhéil iarmharacha formaildéid, feidhm deontóirí formaildéid in ionad leasaithe sa channa.
 - Suas le 0,010 % i gcás ina bhfuil feidhm ag an dá choinníoll a liostaítear thuas sa táirge céanna.
- (m) Ní úsáidfear micreacháithníní polaiméire sintéise (ar a dtugtar micreaphlaistigh de ghnáth) mar a shainmhínítear in iontráil 78 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (REACH), chun críoch foirmithe neamhsceo in aon fhoirmlíú péinte nó vearnaíse mura ndearbhaítear go sainráite a n-úsáid agus a gcuspóir, mar aon le réasúnú maidir leis an bhfáth a gcuireann a n-úsáid feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán an táirge péinte nó vearnaíse.

Measúnú agus fíorú:

- (a go j) Dearbhóidh an t-iarratasóir neamhúsáid na substaintí ábhartha a luaitear san fho-chritéar seo, is é sin, leasaithigh CMR, triomadóirí CMR, suaiteoirí inchríneacha (seachas DBNPA), substaintí atá marthanach, bithcharnach agus tocsaineach agus an-mharthanach agus an-bhithcharnach, substaintí marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha agus an-mharthanach agus an-soghluaiste, aicilifeanóil agus APEOnna, PFAS, taláití, comhdhúile orgánastáin, cumhráin agus bisfeanóil mar shubstaintí isteach ina bhfoirmliú, le tacaíocht ó dhearbhuithé óna soláthróirí maidir le neamhúsáid na ngrúpaí substaintí guaiseacha céanna mar shubstaintí isteach sna comhábhair a sholáthraítear agus a úsáidtear i bhfoirmlihte a chumhdaítear le nós imeachta iarratais ar cheadúnas Éicilipéad an AE.
- (k) I gcás na srianta ar mhíotal trom ó líocha, soláthróidh an t-iarratasóir nó an soláthróir lí dearbhú ina luafar nach bhfuil an lí féin ná aon substaintí isteach is féidir a ionchorprú sa táirge lí bunaithe ar na míotail throma liostaithe. Soláthróidh an t-iarratasóir nó an soláthróir lí tuarascáil tástála ina mbeidh leibhéil eisíontais míotail throm de shamplaí ionadaíocha den lí a soláthraíodh. Úsáidfídh an t-iarratasóir na torthaí sin ansin, in éineacht leis an % den lí/na líocha a úsáidtear sa táirge deiridh, chun tiúchan na míotal trom ó líocha atá fágtha sa táirge deiridh a ríomh. I gcás líocha díolmhaithe, dearbhóidh an soláthróir líocha cén lí ag a bhfuil an díolúine (i.e. spinéal gorm alúmanáite cóbailt, spinéal gormghlas cróimíte cóbailt nó nicil antamóin i laitis TiO₂ dothuaslagtha).
- (l) Dearbhóidh an t-iarratasóir cé acu dá tháirgí ar cheart an méid teoiriciúil is airde den chion d'fhormaildéad saor a bheith acu laistigh d'fhoirmliú gach tacair táirgí gaolmhara. Beidh an dearbhú sin bunaithe ar rogha an fhoirmitheora péinte deontóirí formaildéid a úsáid mar leasaithigh sa channa agus dearbhuithe ó sholáthróirí maidir leis na méideanna deontóirí formaildéid a úsáidtear chun comhábhair a sholáthraítear a chaomhnú (go háirithe tátháin). Má chuirtear na substaintí sin (agus aon chomhábhar eile a scaoileann formaildéad) leis na foirmlihte cás is measa, ní sháróidh cion an fhormaidéid shaoir sa táirge deiridh an teorainn tiúchana ábhartha, arna thomhas de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.
- m) Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le neamhúsáid micreacháithníní polaiméire sintéisí chun críoch foirmithe neamhsceo, sin nó dearbhú maidir lena n-úsáid i bhfoirmliú an táirge. I gcásanna ina ndearbhaítear úsáid micreacháithníní polaiméire sintéisí chun críoch foirmithe neamhsceo, luafar sa dearbhú cineál, cainníocht (% meáchan de réir meáchain) agus cuspóir, mar aon le réasúnú ar an gcaoi a gcuireann úsáid micreacháithníní polaiméire sintéisí chun críoch foirmithe neamhsceo feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán an táirge. Leis na réasúinuithe sin, ba cheart comparáid a dhéanamh de ghnáth idir feidhmíocht chomhshaoil an táirge chéanna leis na micreacháithníní polaiméire sintéisí chun críoch foirmithe neamhsceo agus gan iad.

Critéar 5. Astaíochtaí comhdhúile soghalaithe orgánacha (CSOnna)

Tabhair faoi deara: níl sé infheidhme ach amháin maidir le bratuithe feidhmíochta laistigh agus táirgí gaolmhara.

Ní rachaidh astaíochtaí CSOnna thar na teorainneacha a shainítear sa tábla thíos.

Tábla 9

Teorainneacha astaíochtaí CSO

Paraiméadar	Torthaí tástála 3 lá	Torthaí tástála 28 lá
TVOC (*)	≤ 3 000 µg/m ³	≤ 300 µg/m ³
Luach R (**)	n/b	≤ 1.0
Formaildéad	n/b	≤ 10 µg/m ³
CSOnna carcanaigineacha de chatagóir 1A nó 1B eile nach gcumhdaítear le luachanna LCI AE (***)	≤ 10 µg/m ³ in aghaidh na substainte	≤ 1 µg/m ³ in aghaidh na substainte

(*) Déanfar TVOC a thomhas mar a shainmhínítear i gcaighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta agus lena n-áirítear cainníochtú aon chomhdhúile nach spriocdhúile iad

(**) Luach R, mar a shainmhínítear i gcaighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta. Tabharfar torthaí do luach carnach R go dtí ionad deachúlach amháin sula gcinnfear comhlíontacht nó neamhchomhlíontacht na teorann 1.0.

(***) Níl feidhm aige maidir le formaildéad, ar comhdhúil an-soghalaithe orgánach é agus a chumhdaítear le teorainn aonair shonrach. Níl feidhm aige maidir le haon comhdhúil an-soghalaithe orgánach eile atá carcanaigineach nó CSOnna a bhfuil luach LCI-AE acu, ós rud é go bhfuil siad sin cumhdaithe cheana féin ag an teorainn R-luacha.

Measúnú agus fíorú:

Cuirfidh an t-iarratasóir cóip de thuarascáil tástála isteach i gcomhréir le caighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta maidir le foirmlíú an táirge cás is measa laistigh de gach ceann d'aicmí ábhartha na dtáirgí atá cumhdaithe ag an iarratas ar cheadúnas Éicilipéad an AE. Aon athrú ar na foirmlithe a chruthódh cion CSO cás is measa níos airde, spreagfaidh siad an ceanglas tuarascáil tástála astaíochtaí CSO nuashonraithe a chur isteach. I gcás inarb ábhartha, soláthrófar míniú soiléir ar na hidirdhealuithe a dhéantar idir tacair táirgí gaolmhara (mar shampla, ceimic tátháin, catagóir táirge etc.), mar aon le réasúnú leis an táirge cás is measa laistigh de gach tacar táirgí gaolmhara.

I gcásanna ina bhfuil sraitheanna iomadúla ag córas brataithe, ba cheart an córas iomlán a chur i bhfeidhm ar an tsubstáit tástála de réir threoracha an mhonaróra roimh an tástáil astaíochtaí.

Chun an luach R a ríomh, ba cheart tagairt a dhéanamh don tacar is déanaí de luachanna LCI-AE (tiúchan leasa is ísle) atá ar fáil tráth na tástála. Is féidir breathnú ar na luachanna sin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh (1).

Más féidir a thaispeáint go gcomhlíonann tiúchain aeir seomra na teorainneacha 28 lá sula mbeidh an tréimhse 28 lá curtha i gcrích ach tar éis tréimhse 3 lá ar a laghad, is féidir glacadh leis na torthaí sin mar chruthúnas comhlíontachta agus is féidir stop a chur leis an tástáil ag an bpointe sin.

(1) Féach https://single-market-economy.ec.europa.eu/sectors/construction/eu-lci-subgroup/eu-lci-values_en

Critéar 6. Faisnéis do thomhaltóirí

6(a) Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar an bpacáistíocht nó beidh sí ceangailte di:

- Moladh an cur amú táirge brataithe a íoslaghdú trí mheastachán a dhéanamh ar an méid táirge brataithe a mbeidh gá leis sula gceannófar é,
- Conas táirge brataithe gan úsáid a aisghabháil lena athúsáid,
- An chaoi ar féidir le hathúsáid táirge brataithe laghdú a dhéanamh go héifeachtach ar thionchar comhshaoil saolré an táirge,
- Faisnéis a iarrtar i bhfochritéar 6(b) nó míniú ar an gcaoi le teacht ar an bhfaisnéis sin.

6(b) Beidh an fhaisnéis agus an chomhairle seo a leanas le feiceáil ar an bpacáistíocht nó ceanglófar di í nó beidh sí ar fáil trí nasc gréasáin nó trí chód QR:

- Conas meastachán a dhéanamh ar an méid táirge brataithe is gá sula gceannaítear é chun cur amú táirge brataithe a íoslaghdú agus méid molta mar threoirlíne (mar shampla, i gcás 1 m² de bhalla, tá gá le X lítear brataithe),
- Dálai iomchuí stórála don táirge (roimh an oscailt agus ina diaidh), lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, comhairle sábháilteachta,
- Bearta sábháilteachta don úsáideoir, lena n-áirítear moladh bunúsach maidir le trealamh cosanta pearsanta ba cheart a chaitheamh agus bearta breise ba cheart a dhéanamh agus an táirge á úsáid, agus más infheidhme nuair atá trealamh spraeála á úsáid,
- Úsáid trealamh glantacháin agus bainistiú iomchuí dramhaíola 'an táirge brataithe atá fágtha' (chun truailliú uisce agus ithreach a theorannú). Mar shampla, téacs ina luaitear go bhfuil gá le láimhseáil speisialaithe i gcás táirge gan úsáid chun diúscairt chomhshaoil shlán a bhaint amach, agus nár cheart, dá bhrí sin, é a chaitheamh amach in éineacht le dramhaíl teaghlaigh nó tráchtála.

Measúnú agus fíorú:

Dearbhóidh an t-iarratasóir go gcomhlíonann an táirge an ceanglas agus soláthróidh sé don chomhlacht inniúil an saothar ealaíne nó samplaí d'fhaisnéis an úsáideora agus/nó nasc nó cód QR chuig suíomh gréasáin monaróra ina bhfuil an fhaisnéis sin mar chuid den iarratas. Soláthrófar an méid molta péinte a thugtar mar threoirlíne.

Critéar 7. Faisnéis atá le feiceáil ar Éicilipéad an AE

Beidh trí cinn de na ráitis seo a leanas ar an lipéad roghnach le bosca téacs, de réir a n-ábharthachta:

- Cion íoslaghdaithe substaintí guaiseacha,
- Cion laghdaithe de chomhdhúile soghalaithe orgánacha (CSOnna): x g/l,
- Astaíochtaí laghdaithe de chomhdhúile soghalaithe orgánacha isteach san aer faoi dhíon (le haghaidh táirgí faoi dhíon),
- Dea-fheidhmíocht d'úsáid faoi dhíon (do tháirgí faoi dhíon), nó
- Dea-fheidhmíocht lena húsáid amuigh faoin aer, (le haghaidh táirgí amuigh faoin aer) nó
- Dea-fheidhmíocht le haghaidh úsáid faoi dhíon agus amuigh faoin aer araon (le haghaidh táirgí atá oiriúnach lena n-úsáid faoi dhíon agus amuigh faoin aer).

Tá na treoirínte maidir le húsáid an lipéid roghnaigh le téacsbhosca le fáil sna 'Treoirínte maidir le húsáid lógó an Éicilipéid' ar an suíomh gréasáin:

http://ec.europa.eu/environment/ecolabel/documents/logo_guidelines.pdf

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir sampla de lipéad an táirge nó saothar ealaíne den phacáistíocht ina gcuirtear Éicilipéad an AE, mar aon le dearbhú maidir le comhlíonadh an chritéir sin.

IARSCRÍBHINN III

Critéir Éicilipéad an AE maidir le hÉicilipéad an AE a dhámhachtain do spraephéinteanna aerasóil uiscebhunaithe

Tá critéir Éicilipéad an AE dírithe ar na spraephéinteanna aerasóil uiscebhunaithe is fearr dá bhfuil ar an margadh ó thaobh feidhmíocht chomhshaoil de. Tá na critéir dírithe ar na príomhthionchair chomhshaoil a bhaineann le saolré na dtáirgí sin agus cuireann siad gnéithe an gheilleagair chiorclaigh chun cinn.

Ceanglais measúnaithe agus fíorúcháin

Chun Éicilipéad an AE a dhámhachtain do tháirge sonracha, comhlíonfaidh an táirge gach ceanglas. Cuirfidh an t-iarratasóir deimhniú ar fáil i scríbhinn ina sonraítear go gcomhlíontar na critéir uile.

Tugtar ceanglais measúnaithe agus fíorúcháin shonracha laistigh de gach critéar.

I gcás ina gcuirtear de cheangal ar an iarratasóir dearbhuithe, doiciméadacht, anailísí, tuarascálacha tástála, nó aon fhianaise eile a sholáthar chun a léiriú go bhfuil na critéir á gcomhlíonadh, féadfaidh siad teacht ón iarratasóir agus/nó óna sholáthróirí, de réir mar is iomchuí.

Tabharfaidh comhlachtaí inniúla aitheantas tosaíochta d'fhianuithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí atá creidiúnaithe i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha le haghaidh saotharlanna tástála agus calabrúcháin, agus d'fhíoruithe ó chomhlachtaí atá creidiúnaithe i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha le haghaidh comhlachtaí a dheimhníonn táirgí, próisis agus seirbhísí.

I gcás inarb iomchuí, féadfar modhanna tástála eile a úsáid taobh amuigh de na modhanna tástála a shonraítear le haghaidh gach critéir, má ghlacann an comhlacht inniúil a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar an iarratas go bhfuil siad coibhéiseach.

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh comhlachtaí inniúla doiciméadacht tacaíochta a éileamh agus féadfaidh siad fíoruithe neamhspleácha nó cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh chun comhlíonadh na gcritéir sin a sheiceáil.

Tabharfar fógra do chomhlachtaí inniúla faoi athruithe ar sholáthróirí agus ar láithreáin táirgthe i ndáil le táirgí ar dámhadh Éicilipéad an AE dóibh, i dteannta faisnéis tacaíochta ionas gur féidir comhlíontacht leanúnach leis na critéir a fhíorú.

Mar réamhcheanglas, comhlíonfaidh an táirge ceanglais dhlíthiúla na tíre nó na dtíortha ina mbeartaítear an táirge a chur ar an margadh. Dearbhóidh an t-iarratasóir go bhfuil an táirge i gcomhréir leis an gceanglas sin.

Cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil i dteannta an iarratais ar Éicilipéad an AE:

- Liosta de na táirgí péinte agus vearnaíse aonair uile a chumhdaítear le hiarratas Éicilipéad an AE, iad grúpáilte i dtacar táirgí gaolmhara agus lena léirítear aon saintréithe táirge ábhartha a dhéanann difear do na ceanglais shonracha ó chritéir Éicilipéad an AE a mbeadh feidhm acu. Beidh an bonnfhoirmlíú agus an fhochatagóir táirge céanna ag tacar táirgí gaolmhara, ach d'fhéadfadh sé a bheith éagsúil ó thaobh scáile agus/nó formáide pacáistíochta de.
- Tuairisc ar fhoirmlíú/foirmlithe an táirge, ina bhfuil % de chomhdhéanamh na gcomhábhar a úsáidtear agus feidhm shonrach gach comhábhair (d'fhéadfadh an fhaisnéis faoin gcomhdhéanamh a bheith faoi réir comhaontú neamhnócha idir an t-iarratasóir agus an comhlacht inniúil nó, i gcásanna áirithe, go díreach idir an soláthróir agus an comhlacht inniúil). Is éard a bheidh i gceist le feidhmeanna comhábhair: luasaire; breiseán; oibreán frithbhlocála; oibreán frithchúrtha; oibreán frithshocraíochta; oibreán frithchraicinn; táthán; oibreán comhtháthaithe; dathán-ruaim; dathán-lí; oibreán trasnasctha; oibreán/cruaitheoir leasaithe; caolaitheoir; easróir; triomadóir; líonach; leasaitheach tirimsceo; leasaitheach sa channa; oibreán neamhlónrach; oibreán neodrúcháin; lonraitheoir optúil; plaisteachán; easrán polaiméire; cobhsaitheoir leasaitheach; roisín; moillitheoir; modhnaitheoir sreabheolaíoch; roisín sileacóin; tuaslagóir; dromchlaghníomhaí; cobhsaitheoir ultraivialait; uisce; oibreán uisce-éarthach nó, i gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann díobh sin, 'eile'.
- Bileoga sonraí sábháilteachta le haghaidh na gcomhábhar a úsáidtear sna foirmlithe péinte agus vearnaíse.
- Soláthróidh soláthróirí nó táirgeoirí na gcomhábhar agus na n-ábhar sin aon fhaisnéis eile a bhaineann le táirgeadh comhábhar agus ábhar is gá chun a léiriú go bhfuil critéir Éicilipéad an AE á gcomhlíonadh.

- (e) Chun cuidiú le líon na dtáirgí laistigh d'aon tacar táirgí gaolmhara ar leith a chinneadh, tuairisc ar an bhformáid/na formáidí pacáistíochta a úsáidtear, toirt/toirteanna an táirge a choinnítear agus an t-ábhar pacáistíochta nó na hábhair phacáistíochta a úsáidtear le haghaidh gach ceann de na táirgí péinte agus vearnaíse a chumhdaítear le hiarratas Éicilipéad an AE.
- (f) Chun cainníocht na tástála agus na doiciméadachta a cheanglaítear le haghaidh nósanna imeachta measúnaithe agus fíorúcháin a laghdú, luaitear go sainráite i roinnt critéar gur féidir glacadh leis go bhfuil tacar iomlán táirgí gaolmhara comhlíontach más féidir a thaispeáint go bhfuil an táirge cás is measa comhlíontach. Gach uair a chuirtear isteach sonraí le haghaidh táirge cás is measa, beidh míniú ag gabháil leo ar an bhfáth a léiríonn an táirge áirithe sin an cás is measa laistigh dá thacar táirgí gaolmhara don airí atá á thástáil.

Critéar 1. Táirgeadh dé-ocsaíde tíotáiniam

Má tá níos mó ná 3,0 % w/w de lí dé-ocsaíde tíotáiniam (TiO_2) sa táirge deiridh, comhlíonfaidh na hastaíochtaí isteach san aer agus san uisce ó tháirgeadh aon lí dé-ocsaíde tíotáiniam a úsáidtear na ceanglais ábhartha a liostaítear thíos do na próisis táirgthe faoi seach:

Tábla 1

Ceanglais maidir le táirgeadh dé-ocsaíde tíotáiniam

Paraiméadar agus modh anailíse	Próiseas sulfáite	Próiseas clóiríde
Astaíochtaí deannaigh isteach san aer ⁽¹⁾ (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	$\leq 0,40 \text{ kg/t lí TiO}_2$	$\leq 0,66 \text{ kg/t lí TiO}_2$
Astaíochtaí SO_2 isteach san aer ⁽¹⁾ (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	$\leq 4,5 \text{ kg/t lí TiO}_2$	n/b
Astaíochtaí HCl isteach san aer ⁽¹⁾ (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	n/b	$\leq 0,70 \text{ kg/t lí TiO}_2$
Astaíochtaí SO_4^{2-} isteach san uisce (arna dtomhas leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	$\leq 300 \text{ kg/t lí SO}_4^{2-}/\text{t TiO}_2$	n/b
Astaíochtaí ó Cl ⁻ isteach san uisce (arna dtomhas trí úsáid a bhaint as an modh maischothromaíochta nó leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta)	n/b	$\leq 103 \text{ kg lí/t TiO}_2$ ⁽²⁾ $\leq 179 \text{ kg lí Cl}^-/\text{t TiO}_2$ ⁽³⁾ $\leq 329 \text{ kg lí Cl}^-/\text{t TiO}_2$ ⁽⁴⁾
Timpeallacht oibre ísealdeannaigh	Le léiriú	Le léiriú

⁽¹⁾ Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí deannaigh isteach san aer ón bpróiseas clóiríde: céimeanna meilte, clóirínithe, ocsaídíthe agus miocrónaithe. Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí HCl isteach san aer ón bpróiseas clóiríde: clóiríniú, sciúthóir aigéid ó phróisis chóireála deighilte soladaí agus clóiríde miotail. Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí deannaigh isteach san aer ón bpróiseas sulfáite: céimeanna meilte, díleá, cailcínithe agus miocrónaithe. Meastar gurb iad seo a leanas poncghoinsí le haghaidh astaíochtaí SO_2 isteach san aer ón bpróiseas sulfáite: próisis díleá agus cailcínithe.

⁽²⁾ I gcás ina n-úsáidtear mian > 95 % de chion TiO_2 .

⁽³⁾ I gcás ina n-úsáidtear mian 90-95 % de chion TiO_2 .

⁽⁴⁾ I gcás ina n-úsáidtear mian < 90 % de chion TiO_2 .

Déanfar astaíochtaí isteach san aer a chomhaireamh ón bpointe ábhartha/ó na foinsí ábhartha a luaitear i bpointe (1) thuas i gcás inar féidir faireachán leanúnach nó tréimhsiúil a dhéanamh ar astaíochtaí ó phointe samplála seasta tar éis aon chóras laghdaithe gáis seichte.

Measfar gur sulfáit nó clóiríd atá in aon eisleach fuíolluisce cóireáilte a sceitear isteach in aon aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha, uiscí cósta nó uiscí mara atá in astaíochtaí isteach san uisce.

Beidh an teorainn ábhartha le haghaidh astaíochtaí clóiríde isteach san uisce bunaithe ar mheán ualaithe % chion TiO_2 de mhian nó de mhianta a úsáidtear le linn na tréimhse ríomha.

Áireofar na gnéithe seo a leanas, ar a laghad, i dtimpeallacht oibre ísealdeannaigh:

- Measúnú riosca don áit oibre ina sainaithnítear na príomhréimsí uile d'astaíochtaí deannaigh agus nochtadh oibrithe do dheannach a d'fhéadfadh a bheith ann.
- An gá le clár san áit oibre um fhaireachán ar shláinteachas oibre.
- Oiliúint iomchuí a chur ar fáil d'fhostaithe maidir le dea-chleachtas chun deannach a rialú.
- Trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach a sholáthar d'fhostaithe agus do chuairoteoirí.

Measúnú agus fíorú

Dearbhóidh an t-iarratasóir cion TiO_2 a úsáidtear i ngach ceann d'fhoirmilte an táirge atá faoi réir an iarratais ar cheadúnas Éicilipéad an AE. I gcás aon táirgí ina bhfuil cion lí TiO_2 níos mó ná 3,0 % w/w, dearbhóidh an t-iarratasóir freisin soláthróir nó soláthróirí TiO_2 a úsáidtear sna táirgí sin.

Tacófar leis an dearbhú iarratasóra trí dhearbhuirthe óna soláthróir/soláthróirí TiO_2 (nó táirgeoir(i) TiO_2 , murab ionann iad) ina luafar an méid seo a leanas:

- An cineál próisis táirgthe TiO_2 a úsáidtear (clóiríd nó sulfáit).
- Raon chion TiO_2 is infheidhme maidir leis an meán ualaithe den mhian i gcás an phróisis clóiríde.
- Meánsonraí astaíochtaí bliantúla maidir le deannach san aer, SO_2 san aer, agus SO_4^{2-} san uisce le haghaidh TiO_2 a tháirgtear tríd an bpróiseas sulfáite. De rogha air sin, meánsonraí astaíochtaí deannaigh san aer, HCl san aer, agus Cl^- san uisce le haghaidh TiO_2 a tháirgtear tríd an bpróiseas clóiríde.
- Ba cheart na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta a úsáidtear chun na paraiméadair ábhartha a liostaítear i dTábla 1 a thomhas a áireamh sna dearbhuithe ó sholáthróir/soláthróirí TiO_2 (nó ó tháirgeoir/ó na táirgeoirí TiO_2 , más éagsúil).
- Na bearta atá i bhfeidhm chun timpeallacht oibre ísealdeannaigh a áirithiú.

Áireofar sa dearbhú ón soláthróir/ó na soláthróirí TiO_2 (nó ón táirgeoir/ó na táirgeoirí TiO_2 , más éagsúil) ríomh bunúsach maidir leis an gcaoi a bhfuarthas na meánastaíochtaí bliantúla. Má tá táirgeadh na lí TiO_2 arna soláthar neamhleanúnach, féadfar glacadh le ríomhanna sonraí astaíochtaí lena gcumhdaítear tréimhse is giorra ná 12 mhí. I gcásanna faireacháin leanúnaigh, díorthófar na meántiúchaintí astaíochtaí bliantúla ó mheántiúchaintí laethúla. I gcás astaíochtaí a ndéantar faireachán tréimhsiúil orthu, ní mór 3 shampla ar a laghad a thógáil chun na meántorthaí a dhíorthú. Ní mór aon sampláil thréimhsiúil a dhéanamh le linn tréimhsí oibríochta cobhsaí atá ionadaíoch do ghnáthdhálaí gléasra chun líocha TiO_2 a úsáidtear i dtáirgí péinte Éicilipéid an AE a tháirgeadh.

Ní cheanglófar na ríomhanna astaíochtaí a chur isteach ach amháin ar dháta an iarratais ar Éicilipéad an AE. Má dhámhtar Éicilipéad an AE, ní féidir leis an iarratasóir ach dearbhuithe nuashonraithe a iarraidh gach bliain ar a sholáthróir(i) TiO_2 maidir le comhlíonadh leanúnach na dteorainneacha astaíochtaí.

Maidir le hastaíochtaí isteach san aer, sloinnfear tiúchaintí in aonaid mg/Nm^3 agus iolrófar iad faoi ráta aershreafa astaíochtaí sonracha in aonaid Nm^3/tona de tháirgeadh lí TiO_2 don tréimhse ama chéanna a bailíodh na sonraí. Má tá níos mó ná córas laghdaithe gáis sceite amháin ann le haghaidh príomh-phonchhoinsí astaíochtaí isteach san aer, déanfar astaíochtaí ón aer glan ó gach córas laghdaithe a chomhaireamh agus a chur leis.

I gcás astaíochtaí isteach san uisce, úsáidfear cur chuige tomhais dhírigh nó cur chuige maischothromaíochta. Beidh an cur chuige maischothromaíochta bunaithe ar an gcothromaíocht idir ionchuir sulfáite/clóiríde amha agus aschuir sulfáite/clóiríde i bhfotháirgí, in astaíochtaí isteach san aer agus i ndramhaíl sholadach a dhiúscaítear chuig líonadh talún nó a loisctear. Measfar gurb é atá sa difríocht i maiseanna na n-ionchur agus na n-aschur mais na sulfáite/clóiríde a astaítear san uisce le linn na tréimhse ríomha agus roinnfear í ar chainníocht mheasta na lí TiO_2 a tháirgtear le linn na tréimhse céanna chun astaíochtaí sonracha isteach san uisce in aonaid sulfáite nó clóiríde/t TiO_2 kg a ríomh.

Leis an gcur chuige tomhais dhírigh maidir le hastaíochtaí isteach san uisce, iolrófar tiúchaintí tomhaiste in aonaid g/m^3 faoi ráta sreafa eisiltigh fuíolluisce chóireáilte sonracha in aonaid de tháirgeadh lí TiO_2 m^3/tona don tréimhse ama chéanna inar bailíodh na sonraí sulfáite/clóiríde.

Critéar 2. Ceanglais maidir le héifeachtúlacht úsáide

Chun éifeachtúlacht úsáide spraephéinteanna aerasóil a léiriú, déanfar na tástálacha agus na ceanglais seo a leanas:

2(a) Ráta leata

Nóta 1: Níl feidhm ag an gceanglas seo maidir le haon táirge aerasóil atá ceaptha chun bratuithe trédhearcacha nó leath-thrédhearcacha a chur i bhfeidhm.

Nóta 2: Má úsáidtear córais imrithe chun imireacha péinte aerasóil éagsúla a dhéanamh, ní gá tástáil a dhéanamh ach ar an mbonn imrithe ina bhfuil an chuid is mó de TiO_2 . I gcásanna nach bhfuil an bonn imrithe sin in ann an ceanglas sin a bhaint amach, comhlíonfar an critéar tar éis an bonn a imriú chun an dath caighdeánach RAL 9010 a tháirgeadh.

Nóta 3: Tá feidhm ag an gceanglas seo maidir le spraephéinteanna aerasóil bháin. I gcás tacar spraephéinteanna aerasóil nach bhfuil ar fáil ach i scáileanna réamhshocraithe, beidh feidhm ag an ráta leata maidir leis an dath is gile.

Beidh ráta leata 2,0 m³ in aghaidh an lítir ar a laghad ag spraephéinteanna aerasóil agus ag an am céanna áiritheofar cumhacht cheilte 98 % ar a laghad de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta. Tagróidh an t-aonad toirte i ríomh an ráta leata do thoirt dhearbhaite an channa spraeála réidh le húsáid.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú gur comhlíonadh na teorainneacha ráta leata nó údar le neamh-infheidhmeacht an cheanglais ráta leata maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. Tacófar leis an dearbhú le torthaí tástála de réir an mhodha i gcaighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta. I gcásanna ina gcumhdaíonn toradh níos mó ná táirge amháin, léireofar go soiléir cé na torthaí a chomhfhreagraíonn do na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar cheadúnas Éicilipéad an AE.

2(b) Éifeachtúlacht spraeála

Beidh éifeachtúlacht 97 % ar a laghad ag spraephéinteanna aerasóil maidir le spraeáil, a mheastar a bheith ina chodán den táirge sa channa spraeála réidh le húsáid a scaoiltear ón gcanna.

Is éard a bheidh sa mhodh tástála ríomh ar chion iomlán an táirge atá sa channa spraeála réidh le húsáid nár oibríodh go fóill. Roimh an tástáil, déanfar an canna spraeála réidh le húsáid a mheá. Le linn na tástála, déanfar a bhfuil sa channa a scaoileadh go leanúnach ar dhromchla meáite ar ráta seasta chun faireachán a dhéanamh ar an ráta scaoilte. Tar éis na tástála, déanfar an canna spraeála a mheá arís chun cion iomlán an táirge a scaoiltear a chinneadh. Ríomhfar an éifeachtúlacht sa ráta spraeála mar

$$\text{Efficiency in spraying (\%)} = \frac{\text{total weight of product discharged during test (g)}}{\text{total weight of product in can at beginning of test (g)}} \times 100\%$$

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir tuarascáil tástála ina léireofar ríomh na héifeachtúlachta sa ráta spraeála. Áireofar sa tuarascáil meáchan tosaigh an channa spraeála aerasóil, dáileacht ráta scaoilte in aghaidh ama agus meáchan an channa spraeála ag deireadh na tástála. Measfar gurb é meáchan iomlán an táirge a scaoiltear an difríocht idir an meáchan tosaigh agus meáchan deiridh an channa.

2(c) Greamaitheacht

Nóta 1: Níl feidhm ag an gceanglas seo maidir le haon táirge aerasóil atá ceaptha chun bratuithe trédhearcacha nó leath-thrédhearcacha a chur i bhfeidhm.

Bainfidh spraephéint aerasóil scór greamaitheachta de 2 nó níos lú amach sa tástáil le haghaidh greamaitheachta de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh an cheanglais ábhartha nó údar le neamh-infheidhmeacht na gceanglas maidir le gach ceann de na táirgí a chumhdaítear leis an iarratas ar Éicilipéad an AE. Tacófar leis an dearbhú le torthaí tástála de réir an mhodha i gcaighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme.

2(d) Frithsheasmhacht in aghaidh creimthe

Áiritheoidh spraeophéint aerasóil, nuair a chuirtear í ar phainéil chruach phléasctha le tiús tirimsceo 60 µm ar a laghad, frithsheasmhacht leordhóthanach in aghaidh creimthe tar éis í a bheith faoi thástáil sprae salainn ar feadh 240 uair an chloig i gcomhréir le caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Tar éis nochta, comhlíonfaidh an bratú na critéir seo a leanas:

- Rátáil 3 nó níos fearr (i.e. 0, 1 nó 2) do mhéid na gclog de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.
- Rátáil 3 nó níos fearr (i.e. 0, 1 nó 2) don chainníocht na gclog de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.
- Rátáil Ri2 nó níos fearr (i.e. Ri0 nó Ri1) le haghaidh leibhéal meirgíthe de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.
- Toradh dílannaithe 4 mm nó níos lú de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.
- Scór greamaitheachta de 2 nó níos lú de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú comhlíontachta a mbeidh torthaí tástála ag tacú leis i gcomhréir le caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta maidir le tástáil sprae salainn, maidir le meirge, maidir le clogtha, dílannaithe agus greamaitheachta

2(e) Sionchaitheamh

Áiritheoidh spraeophéint aerasóil, nuair a chuirtear í ar phainéil chruach phléasctha le tiús tirimsceo 60 µm ar a laghad, frithsheasmhacht leordhóthanach in aghaidh sionchaitheimh tar éis í a bheith faoi réir 500 uair an chloig de thimthriallta sionchaitheimh i gcomhréir le caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.

Tar éis nochta, comhlíonfaidh an bratú na critéir seo a leanas de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta:

- Athrú datha $\Delta E \leq 4$.
- Laghdú $\leq 30\%$ ar an lonrach.
- An méid calógaithe ≤ 2 ó thaobh dlús calóige agus ≤ 2 ó thaobh mhéid na calóige.
- An méid clogtha ≤ 3 ó thaobh dlús cloig agus ≤ 3 ó thaobh mhéid an chloig.
- Méid na scoilte ≤ 2 ó thaobh mhéid na scoilte.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú comhlíontachta arna thacú ag torthaí tástála ar shubstráití brataithe roimh an nochtaidh don sionchaitheamh agus ina dhiaidh de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta: le haghaidh diallta datha; le haghaidh diallta ar leibhéal lonraigh; le haghaidh leibhéal calógaithe; le haghaidh leibhéal scoilte, agus le haghaidh leibhéal clogtha.

Critéar 3. Cion Comhdhúile Soghalaithe agus Leath-shoghalaithe Orgánacha (CSOnna, CLSOnna)

Ní rachaidh an t-uaschion CSO a cheadaítear i spraeophéinteanna aerasóil thar na teorainneacha a shainítear i dTábla 2. Cinnfear an cion CSO ar leithligh le haghaidh gach comhpháirte agus ansin cuirfear le chéile é.

Cinnfear an cion CSO le haghaidh na comhpháirte péinte leachtaí trí ríomh bunaithe ar na comhábhair agus na hamhábhair nó trí úsáid a bhaint as na modhanna a thugtar i gcaighdeán ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta. Ansin tiontófar an cion CSO don chomhpháirt péinte (i bpéint leachtach g/l) go haonaid g/l den táirge réidh le húsáid trí iolrú faoin gcóimheas toirte spraephéinte aerasóil, arna shainiú mar seo a leanas:

$$\text{Aerosol spray paint volume ratio} = \frac{X \text{ Litres of liquid paint}}{Y \text{ Litres of declared aerosol spray can volume}}$$

Mura léirítear a mhalairt, glactar leis gur CSO 100 % atá sa tiomántán, cibé acu is substaint nó meascán aonair é. Déanfar méid an CSO tiomántáin sa táirge réidh le húsáid a ríomh bunaithe ar chion dearbhaithe tiomántáin (in aonaid de thiomántán g/l toirt den channa aerasóil). Ríomhfaidh an monaróir mais an tiomántáin a chuirtear leis in aghaidh an lítir aerasóil.

Tábla 2

Teorainn ar chion CSO

Teorainneacha ar chion CSO ⁽¹⁾		
Comhpháirt péinte leachtaí	Tiomántán	Táirge deiridh
Teorainneacha CSO (arna sloinneadh i dtéarmaí g/l in aghaidh an lítir aerasóil)		
60 g/l	290 g/l	350 g/l

⁽¹⁾ ciallaíonn 'comhdhúile soghlaithe orgánacha (CSOnna)' aon chomhdhúile orgánacha a bhfuil fiuchphointe tosaigh níos lú ná nó cothrom le 250 °C acu arna thomhas ag brú caighdeánach 101.3 kPa

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le comhlíonadh arna thacú ag ríomhanna chion CSO.

Maidir leis an gcomhpháirt péinte leachtaí, tacófar leis an dearbhú maidir le comhlíonadh trí ríomhanna a dhéanamh ar chion CSO bunaithe ar na comhábhair agus na hamhábhair a úsáidtear sa chomhpháirt péinte leachtaí. De rogha air sin, déanfar cion CSO na comhpháirte péinte leachtaí a chur in iúl trí thuarascáil tástála ionadaíoch nó trí thuarascálacha ionadaíocha trí úsáid a bhaint as na modhanna a thugtar sna caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta ábhartha, agus léireoidh torthaí, nuair a cheartaítear iad le haghaidh an chóimheasa toirte spraephéinte aerasóil uiscebhunaithe, comhlíontacht leis an teorainn.

Maidir le comhpháirt an tiomántáin, dearbhóidh an t-iarratasóir an tiomántán/na tiomántáin a úsáidtear agus soláthróidh sé sonraí an ríomha.

Critéar 4. Substaintí guaiseacha agus meascáin ghuaiseacha a shrianadh

Tabhair faoi deara: Tá feidhm ag na fo-chritéir seo maidir le foirmliú an táirge deiridh agus maidir le haon chomhábhar a sholáthraítear ann.

4.1. Srianata ar shubstaintí ar ábhar mór imní iad

Ní bheidh substaintí isteach a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 in ullmhóid an táirge deiridh ná in aon chomhpháirt sa táirge a soláthraíodh, ar substaintí isteach iad a sainaitníodh de réir an nós imeachta a thuairiscítear in Airteagal 59 den Rialachán sin agus a áirítear ar an liosta substaintí inbhreithnithe le haghaidh údarú ar ábhar mór imní iad.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú sínithe nach bhfuil aon substaintí ar ábhar mór imní iad mar shubstaintí isteach i bhfoirmliú an táirge deiridh ná in aon chomhábhar a sholáthraítear ann. Tacófar leis an dearbhú is iarratasóir le bileoga sonraí sábháilteachta na gcomhábhar uile a soláthraíodh agus a úsáideadh chun an táirge deiridh a tháirgeadh agus dearbhuithe ó na soláthróirí ceimiceán.

Is féidir liosta substaintí a shainaitnítear mar shubstaintí ar ábhar mór imní iad agus a áirítear sa liosta substaintí inbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a fháil anseo:

<https://www.echa.europa.eu/candidate-list-table>

Déanfar tagairt don liosta ar an dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar Éicilipéad an AE.

I gcás aon leibhéal eisíontais aitheanta sa chomhtháirge a shainaithnítear mar shubstaintí ar ábhar mór imní iad, úsáidfear tiúchan an eisíontais agus fachtóir coinneála toimhdithe de 100 % chun meastachán a dhéanamh ar chainníocht an eisíontais ar ábhar mór imní é in ullmhóid an táirge deiridh. Ní féidir eisíontais ar ábhar mór imní iad a bheith i bhfoirmliú an táirge péinte nó vearnaíse os cionn 0,0100 % w/w nó in aon chomhábhar aonair i dtiúchaintí os cionn 0,100 % w/w. Ní mór údair leordhóthanacha a bheith mar thaca le haon chlaonadh ó fhachtóir coinneála 100 % le haghaidh eisíontas ar údar mór imní é (mar shampla, mar gheall ar ghalú tuaslagóirí) nó i gcás modhnú ceimiceach.

4.2. **Srianta ginearálta bunaithe ar aicmithe de réir aicmithe guaise sonraí a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.**

(a) Foirmliú an táirge deiridh

Ní aicmeofar foirmliú an táirge deiridh mar shubstaint atá carcanaigineach, só-ghineach, tocsaineach don atáirgeadh, géarthocsaineach, guais asúite, tocsaineach sain-spricorgáin, íogróir riospráide nó craicinn, guaiseach don chomhshaoil uisceach, guaiseach don chiseal ózóin, ina suaiteoir inchríneach, marthanach, bithcharnach agus tocsaineach nó marthanach, soghluaiste agus tocsaineach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus go sonracha i dtéarmaí na gcód ráitis guaise a luaitear i dTábla 3. Is é aicmiú H412 agus H413 an t-aon eisceacht a cheadófar maidir leis an rial seo, agus ní cheadófar sin ach amháin más rud é, de bharr leibhéil leasaitheach tirimsceo i gcás péinteanna nó vearnaíse amuigh faoin aer.

(b) Substaintí isteach

Ach amháin má mhaolaítear é i dTábla 4, ní bheidh aon substaint isteach i bhfoirmliú an táirge deiridh i dtiúchan is mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain d'fhoirmliú an táirge deiridh atá aicmithe, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, le haon cheann de na haicmí nó catagóirí guaise agus de na cóid ráitis guaise lena mbaineann a luaitear i dTábla 3.

Tábla 3

Aicmí agus catagóirí guaise agus cóid ráitis guaise lena mbaineann a shriantar

Carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR)	
Catagóirí 1A agus 1B	Catagóir 2
H340: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le héalanga géiniteacha	H341: Ceaptar go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le héalanga géiniteacha
H350: D'fhéadfadh a bheith ina chúis le hailse	H351: Ceaptar go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le hailse
H350i: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le hailse trí ionanálú	
H360: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht nó don leanbh sa bhroinn	H361: Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht nó don leanbh sa bhroinn
H360F: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht	H361f: Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht
H360D: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn	H361d: Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn
H360FD: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht. D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn	H361fd: Meastar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht. Ceaptar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn
H360Fd: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht. Meastar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn.	H362: D'fhéadfadh sé díobháil a dhéanamh do leanaí diúil
H360Df: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh don leanbh sa bhroinn. Meastar go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht.	
Géarthocsaineacht	
Catagóirí 1 agus 2	Catagóir 3
H300: Marfach má shlogtar	H301: Tocsaineach má shlogtar
H310: Marfach i dteagmháil leis an gcráiceann	H311: Tocsaineach i dteagmháil leis an gcráiceann

Carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR)	
Catagóirí 1A agus 1B	Catagóir 2
H330: Marfach má ionanálaítear	H331: Tocsaineach má ionanálaítear
	EUH070: Tocsaineach trí theagmháil leis an tsúil
Guais asúite	
Catagóir 1	
H304: D'fhéadfadh sé a bheith marfach má shlogtar é agus má théann sé isteach sna haerbhealaí	
Tocsaineacht sain-spriocorgáin	
Catagóir 1	Catagóir 2
H370: Déanann sé damáiste d'orgáin	H371: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh d'orgáin
H372: Déanann damáiste d'orgáin trí nochtadh fada nó ilnochtadh	H373: D'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh d'orgáin trí nochtadh fada nó ilnochtadh
Íogru riospráide nó craicinn	
Catagóir 1, 1A agus 1B	
H317: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomh ailléirgeach craicinn	
H334: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le siomptóim ailléirge nó asma nó le deacrachtaí anáilthe má ionanálaítear é	
Guaiseach don chomhshaol uisceach	
Catagóirí 1 agus 2	Catagóirí 3 agus 4
H400: An-tocsaineach don saol uisceach	H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha
H410: An-tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha	H413: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le héifeachtaí fadtréimhseacha díobhálacha ar an saol uisceach
H411: Tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha	
Guaiseach don chiseal ózóin	
H420: Déanann díobháil don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol trí ózóin san atmaisféar uachtarach a scriosadh	
Suaiteoirí inchríneacha maidir le sláinte an duine agus an chomhshaoil	
Catagóir 1	Catagóir 2
EUH380: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le suaithheadh inchríneach sa duine	EUH381: Ceaptar go bhfuil sé ina chúis le suaithheadh inchríneach sa duine
EUH430: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le suaithheadh inchríneach sa chomhshaol	EUH431: Ceaptar go bhfuil sé ina chúis le suaithheadh inchríneach sa chomhshaol.
Marthanach, bithcharnach agus tocsaineach	
MBT	an-mharthanach agus an-bithcharnach
EUH440: Carnann sa chomhshaol agus in orgánaigh bheo lena n-áirítear sa duine	EUH441: Carnann go mór sa chomhshaol agus in orgánaigh bheo lena n-áirítear sa duine
Marthanach, Soghluaiste agus Tocsaineach (PMT)	
MST	an-mharthanach agus an-soghluaiste
EUH450: D'fhéadfadh truailliú idirleata fadtéarmach ar acmhainní uisce a bheith mar thoradh ar an tsubstaint	EUH451: D'fhéadfadh truailliú idirleata an-fhadtéarmach ar acmhainní uisce a bheith mar thoradh ar an tsubstaint

Díolmhófar ón gceanglas thuas úsáid na substaintí a mhodhnaítear go ceimiceach le linn an phróisis táirgthe ionas nach mbeidh feidhm a thuilleadh le haon ghuais ábhartha arb ina leith a aicmíodh an tsubstaint faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

Ní bheidh feidhm ag an gcritéar seo maidir le substaintí isteach a chumhdaítear faoi phointí (a) agus (b) d'Airteagal 2(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, lena leagtar amach critéir chun substaintí laistigh d'Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin a dhíolmhú ó na ceanglais maidir le clárú, úsáideoirí iarteachtacha agus meastóireacht.

Tábla 4

Maoluithe ar shrianta ar shubstaintí isteach a aicmítear le ceann amháin nó níos mó de na guaiseacha srianta a liostaítear i dTábla 3 agus atá i láthair i dtiúchan is mó ná 0,010 % (meáchan de réir meáchain) d'fhoirmlíú an táirge deiridh

Cineál substainte, ainm substainte agus uimhir CAS	Cód/cóid ghuaise mhaolaithe	Coinníollacha an mhaolaithe
Leasaithe agus cobhsaitheoirí leasaitheacha		
Nóta maidir le leasaithe: gach leasaitheach: ní mór do sholáthróirí an méid a chuirtear le comhábhair a dhearbhu agus ní mór don táirgeoir péinte nó vearnaíse gach leasaitheach a chuirtear go díreach le foirmlíú deiridh an táirge a dhearbhu. Is iad na cineálacha leasaitheach a cheadaítear i gcomhábhair agus sa táirge deiridh, agus na cineálacha leasaitheach sin amháin, na cinn a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. I gcás táirgí deiridh de thionscnamh an Aontais, meabhraítear nach leor na substaintí gníomhacha atá sa táirge leasaitheach a fhormheas faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineál táirge 6 (PT6) (leasaitheach sa channa) nó chineál táirge 7 (PT7) (leasaitheach tirimsceo), ach ní mór an táirge leasaitheach a údarú faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 le haghaidh PT6 nó PT7 nó a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir leis na bearta idirthréimhseacha a leagtar amach in Airteagal 89(2) den Rialachán sin. Beidh feidhm ag na teorainneacha iomlána comhcheangailte le haghaidh leasaitheach PT6 agus PT7 maidir leis na catagóirí táirgí seo a leanas: — I gcás táirgí faoi dhíon: suas le 0,080 % meáchan de réir meáchain PT6 sa táirge deiridh. — I gcás imireacha datha a úsáidtear i gcórais imrithe: suas le 0,20 % meáchan de réir meáchain PT6 san imir dhaite. — I gcás táirgí faoi dhíon a mhargaítear lena n-úsáid i limistéir ard-bhogthaise: suas le 0,080 % meáchan de réir meáchain PT6 agus suas le 0,10 % meáchan de réir meáchain PT7 sa táirge deiridh. — I gcás táirgí amuigh faoin aer: suas le 0,080 % meáchan de réir meáchain PT6 agus suas le 0,50 % meáchan de réir meáchain PT7 sa táirge deiridh. Ach amháin i gcás imreacha datha, tuigfear go dtagraíonn gach tagairt do thiúchan/teorainneacha/leibhéil leasaitheacha sa roinn 'Leasaithe agus cobhsaitheoirí leasaitheacha' do na substaintí gníomhacha leasaitheacha atá i bhfoirmlíú an táirge deiridh. Aon leasaitheach nach féidir a bheith i láthair i bhfoirmlíú an táirge deiridh ag tiúchan is mó ná 0,010 %, mar gheall ar shainteorainneacha tiúchana níos ísle ná 0,010 % lena n-aicmeofaí an táirge deiridh le guais maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta, ní luaitear iad sa tábla maolaithe thíos toisc nach féidir iad a úsáid i dtiúchan is mó ná 0,010 % ar an gcéad dul síos agus nach gá maolú a dhéanamh orthu dá bhrí sin. Ní thugann sé sin le tuiscint nach féidir iad a úsáid mar shubstaintí isteach i dtáirgí Éicilipéad an AE ar aon leibhéal. Mura n-eisiatar go sainráite iad i bhfo-chritéar 4.3, féadfar leasaitheach den sórt sin a úsáid fad a bheidh sé ar leibhéal faoi bhun aon sainteorainneacha tiúchana a spreagfadh aicmiú maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta d'fhoirmlíú an táirge deiridh.		
Leasaitheach sa channa (PT6) in imireacha datha nó i dtáirge deiridh:	H301, H311, H317, H330, H331, H372, H373, H400, H410, H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní mór lánsuim na leasaitheach sa channa PT6 uile (iad sin atá maolaithe lena n-úsáid os cionn 0,010 % agus iad siúd atá neamh-mhaolaithe ach a úsáidtear i leibhéil < 0,010 %) a bheith laistigh de na teorainneacha ábhartha a shainítear sa nóta thuas. Nuair a úsáidtear leasaitheach ar deontóirí formaildéid iad, ní mór na teorainneacha ábhartha maidir le formaildéad saor sa táirge deiridh a leagtar amach i bhfo-chritéar 4.3(l) a urramú.

Cineál substainte, ainm substainte agus uimhir CAS	Cód/cóid ghuaise mhaolaithe	Coinníollacha an mhaolaithe
		Beidh feidhm ag teorainneacha sonracha tiúchana (% meáchan de réir meáchain sa táirge deiridh) maidir leis na substaintí maolaithe a liostaítear thíos: — Brónópól (Uimh. CAS 52-51-7): suas le 0,030 %. — DBNPA (Uimh. CAS 10222-01-2): suas le 0,030 % — Piritióisín shóidiam (Uimh. CAS 3811-73-2): suas le 0,030 %. — BIT (Uimh. CAS 2634-33-5): suas le 0,036 %. — Isitiasóilíonóin iomlána agus scaoilteoirí isitiasóilíonóin iomlána chomhcheangailte (iad siúd atá maolaithe lena n-úsáid os cionn 0,010 % agus iad siúd atá neamh-mhaolaithe ach a úsáidtear i leibhéil < 0,010 %): suas le 0,040 % i bhfoirmlihte an táirge deiridh. — Dé-aimín (Uimh. CAS 2372-82-9): suas le 0,050 %.
Leasaithe thirimsceo (PT7):	H311, H317, H330, H331, H372, H373, H400, H410, H411, H412 agus H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Níl feidhm aige ach amháin maidir le táirgí amuigh faoin aer agus táirgí faoi dhíon lena n-úsáid i limistéir ard-bhogthaise. Ní mór lánsuim na leasaitheach tirimsceo PT7 uile (iad sin atá maolaithe lena n-úsáid os cionn 0,010 % agus iad siúd atá neamh-mhaolaithe ach a úsáidtear i leibhéil < 0,010 %) a bheith laistigh de na teorainneacha ábhartha a shainítear sa nóta thuas. I gcás scaoileadh mall, foirmeacha imchochlaithe leasaitheach tirimsceo, ba cheart aicmiú sonracha an táirge deiridh, nó foirmlihte an chros-eachtarshuímh, dearbh-tiúchan na gcomhábhar guaiseach (i.e. gan capsúil) a mheas. Ní féidir an táirge deiridh nó foirmliú an chros-eachtarshuímh a aicmiú le haon cheann de na guaiseacha a liostaítear i dTábla 3. Ní mór aon leasaitheach tirimsceo atá aicmithe mar H400 nó H410 a bheith neamh-bhithcharnach, arna léiriú le comhéifeacht ochtanóil-uisce (Loga Kow) ≤ 3.2 nó le factóir bitíochana (BCF) ≤ 100.
Cobhsaitheoir leasaitheach: Ocsaíd since (Uimh. CAS 1314-13-2)	H400, H410	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Tá sé ceadaithe é a úsáid mar chobhsaitheoir leasaitheach, suas le 0,040 % de mheáchan an táirge deiridh de réir meáchain, nuair a úsáidtear é chun teaglamaí leasaitheacha sa channa nó tirimsceo a chobhsú a éilíonn 1,2-Beinsitisatíol-3(2H)-ón (BIT).
Oibreáin thriomaithe agus fhrithchraicinn		
Oibreáin fhrithchraicinn	H317, H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní rachaidh lánsuim an oibreáin fhrithchraicinn thar 0,40 % meáchan de réir meáchain sa táirge deiridh.
Triomadóirí	H301, H317, H373, H400†, H410†, H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní rachaidh lánsuim triomadóirí thar 0,10 % meáchan de réir meáchain sa táirge deiridh. † Níl feidhm ag an maolú le haghaidh H400, H410 agus H411 ach amháin maidir le comhdhúile triomadóra cóbailt-bhunaithe nó aigéid neoideacánócha agus ní féidir comhdhúile den sórt sin a úsáid ach suas le 0,050 % meáchan de réir meáchain sa táirge deiridh.
Líocha agus breiseáin frithchreimthe		
Líocha/breiseáin frithchreimthe	H400, H410	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 0,050 % meáchan de réir meáchain sa táirge deiridh agus le haghaidh bis(ortafosfáit tríshince amháin (Uimh. CAS 7779-90-0).

Cineál substainte, ainm substainte agus uimhir CAS	Cód/cóid ghuaise mhaolaithe	Coinníollacha an mhaolaithe
Trímheitiolprópán	H361fd	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Nuair a úsáidtear é mar bhreiseán i líocha a sholáthraítear agus nach mó ná 0,50 % meáchan de réir meáchain sa lí arna soláthar, agus sa chás sin amháin.
Tátháin agus easráin pholaiméirí		
Tátháin agus oibreáin trasnaisc: Déhiodraisíd aigéid adaipigh (Uimh. CAS 1071-93-8)	H317, H411	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 1,0 % meáchan de réir meáchain sa táthán nó sa chomhábhar easráin polaiméire agus nuair a úsáidtear é mar thionscnóir greamaitheachta nó mar oibreán trasnaisc.
Monaiméirí neamh-imoibrithe (i dtátháin)	H301, H304, H311, H317, H331, H334, H372, H400, H410, H411, H412	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní rachaidh lánsuim na monaiméirí neamh-imoibrithe a bhfuil an maolú sin de dhíth orthu thar 0,050 % meáchan de réir meáchain sa táirge deiridh.
Eile, ilghnéitheach		
Meatánól (Uimh. CAS 67-56-1)	H301, H311, H331, H370	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear é ach mar tháirge imoibriúcháin iarmharaigh de shubstaintí eile i bhfoirmliú an táirge. Tagann méadú ar an tiúchan iarmharach incheadaithe mar fheidhm de chion an tátháin ar an mbealach seo a leanas: — Cion tátháin 10-20 %: is é 0,020 % meáchan de réir meáchain sa táirge deiridh an meatánól iarmharach incheadaithe. — Cion tátháin 20-40 %: is é 0,030 % meáchan de réir meáchain sa táirge deiridh an meatánól iarmharach incheadaithe. — Cion tátháin > 40 %: is é 0,050 % meáchan de réir meáchain sa táirge deiridh an meatánól iarmharach incheadaithe.
Amhábhair mhianracha, lena n-áirítear líonaigh, oibreáin frith-ságála agus oibreáin matra	H372, H373	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Níl feidhm aige ach amháin maidir le hamhábhair mhianracha agus mianraí leacaifite ina bhfuil sílice chriostalta go nádúrtha. Ní cheadaítear ach méid suas le 1,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh le haghaidh ábhair H372 nó suas le 10 % d'ábhair H373. I gcásanna ina soláthraítear an t-ábhar i bhfoirm púdair thirim, léireoidh an t-iarratasóir go bhfuil córais i bhfeidhm aige chun nochtadh oibrithe do phúdar tirim san áit oibre a íoslaghdú (mar shampla, córais dúnta dáilte, limistéir dáilte aeráilte agus mheasctha agus trealamh cosanta pearsanta).
Oibreán neodrúcháin	H301, H311, H331, H400, H410, H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 1,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliithe vearnaise, agus suas le 0,50 % i ngach táirge eile.
Lonraitheoirí optúla	H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 0,10 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh.
Roisín sileacain	H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 2,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmliú an táirge deiridh.

Cineál substainte, ainm substainte agus uimhir CAS	Cód/cóid ghuaise mhaolaithe	Coinníollacha an mhaolaithe
Tuaslagóirí	H304	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 2,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlíú an táirge deiridh.
Dromchlaghníomhaithe	H304, H400, H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Ní cheadaítear ach suas le 1,0 % meáchan de réir meáchain i bhfoirmlíthe táirgí trédhearcacha, leath-thrédhearcacha, bána nó geala nó suas le 3,0 % meáchan de réir meáchain i ngach dath eile
Cobhsaitheoirí ultraivialait	H317, H411, H412, H413	(*)Féach coinníoll maidir le maolú cothrománach ag bun an tábla Níl sé infheidhme ach amháin maidir le táirgí amuigh faoin aer agus suas le 0,60 % meáchan de réir meáchain amháin i bhfoirmlíú an táirge deiridh.

(*) Coinníoll maidir le maolú cothrománach: ní cheadófar aon cheann de na maoluithe thuas, ina n-aonar nó i dteaglaím, más é an toradh atá orthu go n-aicmítear an táirge deiridh le haon cheann de na guaiseacha a shainítear i dTábla 3, cé is moite de H412 agus H413 go háirithe i gcás táirgí amuigh faoin aer mar gheall ar leasaitheigh thirimsceo a bheith i láthair.

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú sínithe maidir le comhlíonadh fhochritéar 4.2, lena n-áirítear comhlíonadh aon choinníollacha ábhartha maidir le maolú, a mbeidh dearbhuithe ó sholáthróirí agus aon doiciméadacht ábhartha eile mar thaca leis.

Cuirfear liosta i láthair de na substaintí isteach go léir ag a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na guaiseacha maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta a ríomhtar a bheith i láthair i bhfoirmlíú an táirge deiridh i dtiúchan is mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain, in éineacht lena n-uimhreacha CAS, a stádas aicmithe maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (i.e. iontráil chomhchuibhithe, iontráil chomhpháirteach nó féin-iontrálacha amháin) feidhm ábhartha na substainte isteach (e.g. leasaitheach sa channa, triomadóir, lí, oibreáin neodhrúcháin, dromchlaghníomhaithe, cobhsaitheoir UV etc.). Déanfar ríomhanna le haghaidh tiúchaintí substainte isteach i bhfoirmlíú an táirge deiridh a bhunú ar an méid seo a leanas:

- liosta de na comhábhair, ceimiceáin nó amhábhair uile a úsáidtear chun foirmlíú an táirge deiridh a dhéanamh,
- scagadh comhábhar, ceimiceán nó amhábhar le haghaidh na substaintí isteach sin agus eisíontais aitheanta le haon cheann de ghuaiseacha maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta ag Éicilipéad an AE,
- tiúchan aon substaintí isteach atá scagtha agus eisíontas aitheanta le guaiseacha maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán atá srianta ag Éicilipéad an AE sna comhábhair, sna ceimiceáin nó sna hamhábhair a úsáidtear san fhormáid a sholáthraítear.
- meáchan gach ceann de na comhábhair, ceimiceáin nó amhábhair a cuireadh leis chun meáchan aitheanta d'fhoirmlíú deiridh an táirge a dhéanamh.

Ní dhéileálfar le heisíontais aitheanta mar shubstaintí isteach ach amháin má nochtar leis an gcleachtadh scagtha go mbeidh a gcion i bhfoirmlíú an táirge deiridh níos mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain nó go mbeidh a gcion i gcomhábhar níos mó ná 0,100 % meáchan de réir meáchain. Ní dhéanfar eisíontais atá ar eolas faoi na tairseacha sin a áireamh sna ríomhanna.

Glacfar leis, mar réamhshocrú, go gcoinnítear 100 % d'aon substaintí isteach atá scagtha sa táirge deiridh. Soláthrófar údair le haghaidh aon chlaonadh ó fhachtóir coinneála 100 % le linn próiseála (mar shampla, galú tuaslagóirí) nó le haghaidh modhnú ceimiceach substainte scagtha isteach. Substaintí arb eol go scaoiltear iad ó shubstaintí isteach nó go n-easraíonn siad as na substaintí isteach agus iad ag díghrádú, meastar gur substaintí isteach iad seachas eisíontais.

I gcás aon substaintí isteach scagtha atá fágtha i bhfoirmlíú deiridh an táirge i dtiúchain is mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain, ach atá díolmhaithe ó fho-chritéar 4.2 (féach Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006), is leor dearbhú chuige sin ón iarratasóir le haghaidh na substaintí sin.

Ós rud é gur féidir roinnt táirgí nó táirgí ionchasacha (mar shampla, imireacha saincheaptha ó chóras imrithe) ina n-úsáidtear na comhábhair, ceimiceáin nó amhábhair chéanna a chumhdach le ceadúnas Éicilipéad an AE amháin, d'fhéadfadh ríomh an cháis is measa a bheith inghlactha le haghaidh gach substainte isteach scagtha laistigh de thacar coiteann táirgí gaolmhara a chumhdaítear leis an gceadúnas céanna.

Maidir le faisnéis a iarrtar ar sholáthróirí a d'fhéadfadh a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de, is féidir fianaise ó sholáthróirí a sholáthar go díreach do chomhlachtaí inniúla freisin gan gá sonraí áirithe a sholáthar don iarratasóir.

4.3. Sriantha sonracha maidir le substaintí guaiseacha le haghaidh substaintí isteach.

Ach amháin má mhaolaítear iad i bhfochritéar 4.2, ní áireofar na substaintí a shonraítear thíos mar shubstaintí isteach sa táirge deiridh ná mar shubstaintí isteach sna comhábhair a úsáidtear chun an táirge deiridh a dhéanamh:

- (a) Leasaitheach nó triomadóirí atá aicmithe mar shubstaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh.
- (b) Substaintí a aicmítear mar shuaitheadh inchríneach maidir le sláinte an duine nó maidir leis an gcomhshaol de chatagóir 1 nó de chatagóir 2 i gcomhréir leis an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú (CE) 1272/2008, substaintí a áirítear ar an liosta substaintí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) de Rialachán REACH (CE) 1907/2006 mar shubstaintí a bhfuil airíonna suaite inchrínigh acu do shláinte an duine nó don chomhshaol, substaintí a shainaithnítear mar shubstaintí a bhfuil airíonna suaite inchrínigh acu i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 nó Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cé is moite de DBNPA (Uimh. CAS 10222-01-2) nuair a úsáidtear iad mar leasaitheach sa channa.
- (c) Substaintí a aicmítear mar shubstaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha nó an-mharthanach agus an-bhithcharnach don chomhshaol agus d'orgánaigh bheo lena n-áirítear i ndaoine i gcomhréir leis an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú (CE) 1272/2008, substaintí a áirítear sa liosta substaintí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) de Rialachán REACH (CE) 1907/2006 mar shubstaintí a bhfuil airíonna marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha nó an-mharthanach agus an-bhithcharnach acu don chomhshaol agus d'orgánaigh bheo lena n-áirítear i ndaoine, substaintí a shainaithnítear mar shubstaintí a bhfuil airíonna acu atá marthanach, bithcharnach agus tocsaineach nó an-mharthanach agus an-bhithcharnach don chomhshaol agus d'orgánaigh bheo lena n-áirítear i ndaoine i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 nó Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (d) Substaintí a aicmítear mar shubstaintí atá marthanach, soghluaiste agus tocsaineach nó an-mharthanach agus an-soghluaiste i gcomhréir leis an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú (CE) 1272/2008, substaintí a áirítear ar an liosta substaintí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) de Rialachán REACH (CE) 1907/2006 mar shubstaintí a bhfuil airíonna marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha nó an-mharthanach agus an-soghluaiste acu.
- (e) Ailcilfeanóil, eatocsaláití ailcilfeanóil agus a ndíorthaigh, dá dtagraítear in iontráil 43 d'Iarscríbhinn XIV nó in iontráil 46 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) 1907/2006.
- (f) Comhdhúile sárfluairilcile agus polafluairilcile (PFAS), mar a shainmhínítear in Airteagal 4(42).
- (g) Taláití.
- (h) Comhdhúile orgánastáin.
- (i) Substaintí cumhráin atá toirmisceithe nó sriantha i dtáirgí cosmaideacha agus a liostaítear in Iarscríbhinní II nó III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009.
- (j) Bisfeanóil a shainaithin ECHA ina thuarascáil um Measúnú ar Riachtanais Rialála 2021 maidir le Bisfeanóil le haghaidh bainistiú riosca rialála breise san Aontas ar suaiteoirí inchríneacha iad don chomhshaol nó do shláinte an duine, nó ar suaiteoirí inchríneacha iad a d'fhéadfadh a bheith ann, nó ar féidir iad a shainaithint mar shubstaintí tocsaineacha don atáirgeadh.
- (k) Ní bheidh líocha a úsáidtear bunaithe ar chaidmiam, luaidhe, cróimiam (VI), mearcair, arsanaic, seiléniam, antamón ná cóbalt. Ní bheidh na heisíontais seo a leanas ó aon líocha a úsáidtear i láthair i bhfoirmliú an táirge deiridh i gcainníochtaí is mó ná 0,010 % meáchan de réir meáchain (in aghaidh an mhiotail): Caidmiam, luaidhe, cróimiam (VI), mearcair, arsanaic, seiléniam, antamón ná cóbalt. Is iad seo a leanas an t-aon eisceacht ar úsáid lí agus an teorainn 0,010 % d'eisíontais:
 - Cóbalt: mar gheall ar úsáid spinéal gorm alúmanáite cóbailt (Uimh. CAS 1345-16-0) agus líocha spinéil gormghlasa cróimíte cóbailt (Uimh. CAS 68187-11-1).
 - Antamón: mar gheall ar úsáid líocha bunaithe ar nicil antamóin laistigh de laitís TiO₂ dothuaslachta.

- (l) Ní chuirfear formaildéad saor leis an táirge deiridh d'aon ghnó. Déanfar an táirge deiridh a thástáil chun a chion d'fhormaildéad saor a chinneadh. Roghnófar samplaí cás is measa le haghaidh tástála maidir le gach tacar táirgí gaolmhara, bunaithe ar an táirge a thuartar go bhfuil an méid teoriciúil is airde de chion formaildéid aige. Faoi na coinníollacha a shainítear thíos, ceadófar lánsuim na dteorainneacha seo a leanas maidir le formaildéad saor:
- Ceadáítear suas le 0,0010 % meáchan de réir meáchain nuair a cheanglaítear brónapól nó leasaithe ar deontóirí formaildéid iad mar leasaitheach sa channa chun cineál sonrath péinte nó vearnaíse a chosaint
 - Ceadáítear suas le 0,010 % meáchan de réir meáchain nuair a sholáthraíonn easráin pholaiméire (tátháin), trí leibhéil iarmharacha formaildéid, feidhm deontóirí formaildéid in ionad leasaitheach sa channa.
 - Suas le 0,010 % i gcás ina bhfuil feidhm ag an dá choinníoll a liostaítear thuas sa táirge céanna.
- (m) Ní úsáidfear micreacháithníní polaiméire sintéise (ar a dtugtar micreaphlaistigh de ghnáth) mar a shainmhínítear in iontráil 78 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (REACH), chun críocha foirmithe neamhsceo in aon fhoirmliú péinte nó vearnaíse mura ndearbhaítear go sainráite a n-úsáid agus a gcuspóir, mar aon le réasúnú maidir leis an bhfáth a gcuireann a n-úsáid feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán an táirge péinte nó vearnaíse.
- (n) Ní úsáidfear nana-TiO₂, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(52), mar chomhábhar chun aon chríche i dtáirgí aerásoil.

Measúnú agus fíorú:

- (a go j) Dearbhóidh an t-iarratasóir neamhúsáid na substaintí ábhartha a luaitear san fho-chritéar seo, is é sin, leasaitheach CMR, triomadóirí CMR, suaiteoirí inchríneacha (seachas DBNPA), substaintí atá marthanach, bithcharnach agus tocsaineach agus an-mharthanach agus an-bhithcharnach, substaintí marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha agus an-mharthanach agus an-soghluaiste, ailcileanóil agus APEOnna, PFAS, taláití, comhdhúile orgánastáin, cumhráin agus bisfeanóil mar shubstaintí isteach ina bhfoirmliú, le tacaíocht ó dhearbhuíthe óna soláthróirí maidir le neamhúsáid na ngrúpaí substaintí guaiseacha céanna mar shubstaintí isteach sna comhábhair a sholáthraítear agus a úsáidtear i bhfoirmlithe a chumhdaítear le nós imeachta iarratais ar cheadúnas Éicilipéad an AE.
- (k) I gcás na srianta ar mhíotal trom ó líocha, soláthróidh an t-iarratasóir nó an soláthróir lí dearbhú ina luafar nach bhfuil an lí féin ná aon substaintí isteach is féidir a ionchorprú sa táirge lí bunaithe ar na míotail throma liostaithe. Soláthróidh an t-iarratasóir nó an soláthróir lí tuarascáil tástála ina mbeidh leibhéil eisíontais míotail throm de shamplaí ionadaíocha den lí a soláthraíodh. Úsáidfídh an t-iarratasóir na torthaí sin ansin, in éineacht leis an % den lí/na líocha a úsáidtear sa táirge deiridh, chun tiúchan na míotail trom ó líocha atá fágtha sa táirge deiridh a ríomh. I gcás líocha díolmhaithe, dearbhóidh an soláthróir líocha cén lí ag a bhfuil an díolúine (i.e. spinéal gorm alúmanáite cóbailt, spinéal gormghlas cróimíte cóbailt nó nicil antamóin i laitis TiO₂ dothuaslachtha).
- (l) Dearbhóidh an t-iarratasóir cé acu dá tháirgí ar cheart an méid teoriciúil is airde den chion d'fhormaildéad saor a bheith acu laistigh d'fhoirmliú gach tacaí táirgí gaolmhara. Beidh an dearbhú sin bunaithe ar rogha an fhoirmitheora péinte deontóirí formaildéid a úsáid mar leasaitheach sa channa agus dearbhuithe ó sholáthróirí maidir leis na méideanna deontóirí formaildéid a úsáidtear chun comhábhair a sholáthraítear a chaomhnú (go háirithe tátháin). Má chuirtear na substaintí sin (agus aon chomhábhar eile a scaoileann formaildéad) leis na foirmlithe cás is measa, ní sháróidh cion an fhormaildéid shaoir sa táirge deiridh an teorainn tiúchana ábhartha, arna thomhas de réir caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta.
- m) Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le neamhúsáid micreacháithníní polaiméire sintéise chun críoch foirmithe neamhsceo, sin nó dearbhú maidir lena n-úsáid i bhfoirmliú an táirge. I gcásanna ina ndearbhaítear úsáid micreacháithníní polaiméire sintéise chun críoch foirmithe neamhsceo, luafar sa dearbhú cineál, cainníocht (% meáchan de réir meáchain) agus cuspóir, mar aon le réasúnú ar an gcaoi a gcuireann úsáid micreacháithníní polaiméire sintéise chun críoch foirmithe neamhsceo feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán an táirge. Leis na réasúinuithe sin, ba cheart comparáid a dhéanamh de ghnáth idir feidhmíocht chomhshaoil an táirge chéanna leis na micreacháithníní polaiméire sintéise chun críoch foirmithe neamhsceo agus gan iad.
- (n) Soláthróidh an t-iarratasóir dearbhú maidir le neamhúsáid líocha nana-TiO₂, a dtacóidh dearbhuithe óna soláthróir/soláthróirí lí leo.

Critéar 5. Faisnéis do thomhaltóirí

5(a) Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar an bpacáistíocht nó beidh sí ceangailte di:

- Moladh an cur amú péinte a íoslaghdú trí mheastachán a dhéanamh ar an méid péinte a mbeidh gá leis sula gceannófar í,
- Conas meastachán a dhéanamh ar an méid péinte is gá sula gceannaítear í chun cur amú péinte a íoslaghdú agus méid molta mar threoirlíne (mar shampla, i gcás 1 m² de bhalla, tá gá le X lítear péinte),
- Bearta sábháilteachta don úsáideoir, lena n-áirítear moladh bunúsach maidir le trealamh cosanta pearsanta ba cheart a chaitheamh agus bearta breise ba cheart a dhéanamh agus an táirge á úsáid, agus más infheidhme nuair atá trealamh spraeála á úsáid,
- Moladh an táirge a úsáid lasmuigh nó i dtimpeallacht aeráilte,
- Faisnéis a iarrtar i bhfochritéar 5(b) nó míniú ar an gcaoi le teacht ar an bhfaisnéis sin.

5(b) Beidh an fhaisnéis agus an chomhairle seo a leanas le feiceáil ar an bpacáistíocht nó ceanglófar di í nó beidh sí ar fáil trí nasc gréasáin nó trí chód QR:

- Dálaí iomchuí stórála don táirge (roimh an oscailt agus ina diaidh), lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, comhairle sábháilteachta,
- Bainistiú iomchuí dramhaíola 'na péinte atá fágtha' (chun truailliú uisce agus ithreach a theorannú). Mar shampla, téacs ina luaitear go bhfuil gá le láimhseáil speisialaithe i gcás péint gan úsáid chun diúscairt chomhshaoil shlán a bhaint amach, agus nár cheart, dá bhrí sin, í a chaitheamh amach in éineacht le dramhaíl teaghlaigh nó tráchtála.

Measúnú agus fíorú:

Dearbhóidh an t-iarratasóir go gcomhlíonann an táirge an ceanglas agus soláthróidh sé don chomhlacht inniúil an saothar ealaíne nó samplaí d'fhaisnéis an úsáideora agus/nó nasc nó cód QR chuig suíomh gréasáin monaróra ina bhfuil an fhaisnéis sin mar chuid den iarratas. Soláthrófar an méid molta péinte a thugtar mar threoirlíne.

Critéar 6. Faisnéis atá le feiceáil ar Éicilipéad an AE

Beidh trí cinn de na ráitis seo a leanas ar an lipéad roghnach le bosca téacs, de réir a n-ábharthachta:

- Cion íoslaghdaithe substaintí guaiseacha,
- Cion laghdaithe de chomhdhúile soghalaithe orgánacha (CSOnna): x g/l,
- Dea-fheidhmíocht d'úsáid faoi dhíon (do tháirgí faoi dhíon), nó
- Dea-fheidhmíocht lena húsáid amuigh faoin aer, (le haghaidh táirgí amuigh faoin aer) nó
- Dea-fheidhmíocht le haghaidh úsáid faoi dhíon agus amuigh faoin aer araon (le haghaidh táirgí atá oiriúnach lena n-úsáid faoi dhíon agus amuigh faoin aer).

Tá na treoirlínte maidir le húsáid an lipéid roghnaigh le téacsbhosca le fáil sna 'Treoirlínte maidir le húsáid lógó an Éicilipéid' ar an suíomh gréasáin:

http://ec.europa.eu/environment/ecolabel/documents/logo_guidelines.pdf

Measúnú agus fíorú:

Soláthróidh an t-iarratasóir sampla de lipéad an táirge nó saothar ealaíne den phacáistíocht ina gcuirtear Éicilipéad an AE, mar aon le dearbhú maidir le comhlíonadh an chritéir sin.